RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1707 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Iúil 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhanna, ceanglais agus tástálacha sonracha, lena n-áirítear tairseacha comhlíontachta, le haghaidh feistí OBFCM agus córais OBM, saintréithe agus feidhmíocht córas rabhaidh don tiománaí agus modhanna aslaigh agus modhanna chun measúnú a dhéanamh ar a n-oibriú, formáid EVP agus sonraí agus modhanna cumarsáide maidir le sonraí EVP mótarfheithiclí de chatagóirí M_1 agus N_1

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(3), pointe (a), agus Airteagal 14(4), pointí (j), (k), (o), (s), (t), (u) agus (v), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1257 ceanglaítear ar an gCoimisiún nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála, forálacha riaracháin, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí a leagan amach maidir le cineálcheaduithe astaíochtaí agus rochtain ar shonraí a leasú agus síneadh a chur leo, ceanglais maidir le doiciméadacht agus teimpléid maidir le cineálcheadú astaíochtaí, comhréireacht táirgeachta, comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh le haghaidh cineálacha feithiclí de chatagóirí M1 agus N1. De bhua Airteagal 5(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2024/1257, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin freisin maidir le feithiclí N2 a ainmnítear mar 'Euro 7ext' agus 'Euro 7Gext' i gcomhréir leis an Airteagal sin.

(2) Go sonrach, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le córais faireacháin ar bord (OBM), córais rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha (EEEDWS), feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh leictrigh (OBFCM), pas comhshaoil feithicle (EVP) agus taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil agus feistí cúblála agus straitéisí cúblála.

(3) Le staid forbartha braiteoirí ar bord, is féidir meastachán leanúnach a dhéanamh ar na rátaí astaíochta ocsaídí nítrigine ó fheithiclí saothair éadroim. Is féidir faireachán iontaofa a dhéanamh ar astaíochtaí truailleán eile amhail ábhar cáithníneach trí fhaireachán a dhéanamh ar shláine scagairí cáithníní.Is iomchuí, dá bhrí sin, ceanglais a leagan amach le haghaidh córais OBM lena n-áirítear braiteoirí ar bord chun stádas faireacháin a shannadh do thruailleáin sceite ar díol spéise iad chun faisnéis a sholáthar do na húdaráis maidir le feidhmiú na gcóras rialaithe astaíochtaí agus maidir le cáilíocht an fhaireacháin ar astaíochtaí sceite.

(4) Ar mhaithe le simpliú agus chun cur chun feidhme éifeachtach Rialachán (AE) 2024/1257 a bhaint amach, is iomchuí rialacha a leagan síos lena sonraítear na ceanglais ghinearálta maidir le córais OBM agus EEEDWS, feistí OBFCM, EVP agus taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil a leagtar síos sa Rialachán sin. Ar an gcaoi chéanna, is iomchuí freisin rialacha a leagan amach maidir le paraiméadair na sonraí OBM a ríomh, maidir le sonraí OBM a phróiseáil ar bord, agus maidir le rochtain ar shonraí OBM tríd an bport OBD.

([1]) IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj.

(5) Chun a áirithiú nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol mar thoradh ar na bearta a úsáideann córais OBM chun deisiúcháin a spreagadh, is iomchuí go n-úsáidfidh na córais sin modhanna aslaigh comhchuibhithe.

(6) Chun tarchur slán sonraí OBM thar an líonra a áirithiú, is iomchuí cead a thabhairt do mhonaróirí a mbonneagar agus a modhanna cibearshlándála féin a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonann siad Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe ([2]).

(7) Chun a áirithiú go gcuirfidh monaróirí feithiclí sonraí anaithnide OBM isteach, is iomchuí ceanglais a leagan síos chuige sin.

(8) Chun a áirithiú go bhfuil na sonraí anaithnide OBM a tharchuirtear chuig na húdaráis ionadaíoch ar iompraíocht chomhiomlán astaíochtaí inseirbhíse cineálacha feithiclí, is iomchuí modhanna a bhunú chun sampláil randamach a dhéanamh ar shonraí OBM atá le tarchur thar an líonra. I gcás inar gá sonraí pearsanta a phróiseáil mar thoradh ar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart an phróiseáil sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 ([3]) agus (AE) 2018/1725 ([4]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith leis an dlí náisiúnta ábhartha i gcomhréir leis na Rialacháin sin.

(9) Chun cur chun feidhme éifeachtach na gcóras OBM a áirithiú thar shaolré feithiclí a chuirtear ar an margadh, ba cheart ceanglais shonracha a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar thástáil comhréireachta inseirbhíse agus ar fhaireachas margaidh ar na córais sin.

(10) Feithiclí a bhfuil mífheidhm nó crioscaíl fhéideartha sainaitheanta ag córas OBM ina leith, ba cheart iad a mheas mar fheithiclí atá á ndeisiú. Is iomchuí, dá bhrí sin, feithiclí den sórt sin a eisiamh ó ghnéithe áirithe den tástáil comhréireachta inseirbhíse.

(11) Ba cheart na ceanglais maidir le córais OBM a bheith ag cloí le prionsabal neodracht na teicneolaíochta i gcás inar féidir. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha a leagan síos maidir le próiseáil agus tarchur sonraí OBM atá infheidhme den chuid is mó maidir le gach gléasra cumhachta, agus é á aithint an tráth céanna go bhféadfadh sé nach mbeadh paraiméadair áirithe OBM ábhartha i leith gléasraí cumhachta áirithe, mar shampla, paraiméadair marthanachta ceallraí le haghaidh feithiclí nach bhfuil ceallra tarraingthe feistithe orthu, nó paraiméadair astaíochtaí sceite le haghaidh feithiclí gan inneall, agus nár cheart iad a phróiseáil i gcásanna den sórt sin.

(12) Tá paraiméadair OBM áirithe lena saintréithrítear astaíochtaí sceite feithiclí ábhartha freisin i leith feistí OBFCM. Is iomchuí, dá bhrí sin, paraiméadair den sórt sin a shainaithint agus a áirithiú go dtarchuireann na feithiclí iad trí úsáid a bhaint as na modhanna tarchurtha sonraí atá beartaithe do chórais OBM, d'fhonn dúbailt sonraí a tharchuirtear thar an líonra le córais OBM agus feistí OBFCM a íoslaghdú.

(13) Na modhanna agus na socruithe riaracháin maidir le tarchur sonraí OBM anaithnide ó mhonaróirí chuig údaráis, ba cheart iad a leagan amach ag céim níos déanaí den chur chun feidhme. Is iomchuí, dá bhrí sin, tagairt a dhéanamh dóibh sin trí théarmaí cineálacha amhail 'freastalaí údaráis' a úsáid, ar téarmaí iad nach ndéanann réamhbhreith ar na réitigh a chuirfear chun feidhme.

([2]) Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil leis an gcibearshlándáil agus le córas um bainistiú cibearshlándála (IO L 82, 9.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/387/oj). I gcás Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe, léiríonn an tsraith leasuithe a luaitear an leagan a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. De rogha air sin, glacfar le comhlíonadh sraith leasuithe a glacadh tar éis na sraithe áirithe a léirítear.

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(14) Is iomchuí na ceanglais theicniúla a shonrú ionas go gcuirfidh feithiclí faisnéis ar fáil maidir lena bhfeidhmíocht chomhshaoil trí EVP agus, i gcás inarb iomchuí, trí fhaisnéis ábhartha a thaispeáint laistigh den fheithicil freisin. Ba cheart do EVP réitigh theicniúla a úsáid lena n-áirithítear an idir-inoibritheacht le pasanna táirgí digiteacha eile. Chun a áirithiú go mbeidh faisnéis ar fáil le himeacht ama, ba cheart sonraí EVP a chur ar fáil trí bhíthin cód QR. Ba cheart don chód QR a fheidhmíonn mar iompróir sonraí le haghaidh sonraí EVP treoirlínte Chaighdeán ISO/IEC 18004:2024 a urramú.

(15) Le creat láidir chun feistí cúblála agus straitéisí cúblála a thoirmeasc, ba cheart a áirithiú nach n-athraítear iompraíocht astaíochtaí feithiclí idir tástáil comhlíontachta agus fíorthiomáint, agus go leanfaidh sonraí maidir le braiteoirí, ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh, raon leictreach, agus marthanacht ceallraí de bheith cruinn agus iontaofa. Is iomchuí, dá bhrí sin, ceanglais ghinearálta agus ceanglais theicniúla a leagan amach, chomh maith le ceanglais shonracha doiciméadachta, chun an toirmeasc ar fheistí cúblála agus ar straitéisí cúblála a chur chun feidhme, agus róil agus freagrachtaí monaróirí, údarás cineálcheadaithe, údarás um fhaireachas margaidh, an Choimisiúin agus tríú páirtithe aitheanta a shoiléiriú.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Theicniúil – Mótarfheithiclí (CTMF),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo bearta chun Rialachán (AE) 2024/1257 a chur chun feidhme, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) córais faireacháin ar bord (OBM) lena n-áirítear a mbraiteoirí agus a gcórais rabhaidh don tiománaí;

(b) feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh leictrigh (OBFCM);

(c) an fhormáid agus na sonraí agus na modhanna cumarsáide seachtracha le haghaidh an phas comhshaoil feithicle (EVP);

(d) modhanna le haghaidh taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil faoin gcineál feithicle agus faoi fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle aonair;

(e) modhanna agus nósanna imeachta chun a shuí nach ann d'fheistí cúblála ná do straitéisí cúblála.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na mótarfheithiclí a bhaineann leis na catagóirí feithiclí seo a leanas:

(a) M_1 agus N_1;

(b) N_2 ainmnithe mar 'Euro 7ext' agus 'Euro 7Gext' i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/1257.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'sonraí OBM' sonraí arna dtáirgeadh ag 'córas faireacháin ar bord' nó ag 'córas OBM', lena n-áirítear sonraí marthanachta ceallraí;

(2) ciallaíonn 'turas OBM' gach tréimhse oibríochta feithicle a thosaíonn le gníomhachtú an chórais tiomána agus a chríochnaíonn le díghníomhachtú an chórais tiomána. Chun deireadh turais OBM a chinneadh, ní mheasfar gur díghníomhachtú an chórais tiomána iad seichimh de theagmhais stoptha innill agus ina dhiaidh sin atosú innill arna n-ordú ag córas rialaithe na feithicle (mar thoradh ar chórais stoptha-tosaithe, rialú feithicle hibridí nó aisghabháil uathoibríoch loicthe a oibriú);

(3) ciallaíonn ‘sonraí turais OBM’ sonraí OBM a bhaineann le turas OBM ar leith;

(4) ciallaíonn ‘haisfheidhm OBM’ algartam matamaiticiúil caighdeánach a chuirtear chun feidhme ar bord na feithicle agus a thógann tacar sonraí OBM agus a thiontaíonn ina sraith carachtar iad a bhfuil fad seasta réamhchinntithe acu, agus ar féidir a airíonna a úsáid chun sonraí OBM atá le tarchur thar an líonra a roghnú go randamach, nó chun sláine tharchur na sonraí OBM a fhíorú agus a gcineál anaithnid á chaomhnú an tráth céanna;

(5) ciallaíonn ‘haisluach OBM’ aschur na haisfheidhme OBM le haghaidh ionchur ar leith;

(6) ciallaíonn ‘scéimre sonraí OBM’ struchtúr seasta le haghaidh sonraí a ionchuirtear i haisfheidhm OBM;

(7) ciallaíonn ‘uirlis scanta chineálach’ trealamh tástála seachtrach a úsáidtear le haghaidh cumarsáid sheachtrach chaighdeánaithe le córais rialaithe leictreonaigh na feithicle;

(8) ciallaíonn ‘uirlis seirbhíse’ saintrealamh seachtrach tástála a úsáidtear chun oibríochtaí seirbhíse arna sainiú ag an monaróir a dhéanamh trí chumarsáid le córais rialaithe leictreonaigh na feithicle;

(9) ciallaíonn ‘cód QR’ cód maitríse meaisín-inléite atá nasctha le faisnéis;

(10) Ciallaíonn ‘Straitéis Chúnta Astaíochtaí’ nó ‘AES’ straitéis astaíochtaí a éiríonn gníomhach agus a chuirtear in ionad BES nó a dhéanann mionathrú ar BES chun críche sonraí agus mar fhreagairt ar thacar sonrach dálaí comhthimpeallacha nó dálaí oibriúcháin agus nach mbíonn i bhfeidhm ach amháin nuair atá na dálaí sin ann;

(11) Ciallaíonn ‘Bonnstraitéis Astaíochtaí’ nó ‘BES’ straitéis astaíochtaí atá gníomhach ar feadh raon luais agus ualaigh na feithicle mura ndéantar Straitéis Chúnta Astaíochtaí a ghníomhachtú.

Airteagal 3

Ceanglais ghinearálta maidir le córais OBM

1. Áiritheoidh an monaróir go ndéanfaidh córais OBM na feidhmeanna de réir mar a leagtar síos in Airteagail 4 go 10 trí bhíthin crua-earraí agus bogearraí atá suiteáilte san fheithicil fad a bheidh an fheithicil in úsáid.

2. Áiritheoidh an monaróir go gcomhlíonfaidh córais OBM na ceanglais maidir le sonraí OBM de réir mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

Airteagal 4

Ceanglais ghinearálta i leith an chórais rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha

1. Áiritheoidh an monaróir go ndéanfaidh an córas rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha (EEEDWS) na feidhmeanna seo a leanas:

(a) stádas faireacháin OBM ar NOx agus ábhar cáithníneach (PM) a shannadh i gcomhréir le hAirteagal 5;

(b) rabhaidh a sholáthar don tiománaí i gcomhréir le hIarscríbhinn II fad is atá stádas faireacháin astaíochtaí sceite amháin nó níos mó i stádas ‘Earráid’;

(c) mura ngníomhófar de réir na rabhadh don tiománaí dá dtagraítear i bpointe (b) laistigh den tréimhse a shonraítear in Iarscríbhinn II, teorainn a chur le húsáid na feithicle trí mhodhanna aslaigh comhchuibhithe a thuairiscítear san Iarscríbhinn sin go dtí go ndéanfar deisiúcháin iomchuí.

2. Féadfaidh EEEDWS an stádas faireacháin a shannadh d'astaíochtaí sceite seachas NOx agus PM trí úsáid a bhaint as paraiméadar cineálach maidir le stádas faireacháin OBM. Beidh feidhm ag pointí (b) agus (c) de mhír 1 i dtaca leis an bparaiméadar cineálach maidir le stádas faireacháin OBM.

Airteagal 5

Stádas faireacháin OBM ar astaíochtaí sceite

1. Áiritheoidh an monaróir go socrófar gach stádas faireacháin OBM go leithleach. Féadfar gach stádas faireacháin OBM a nuashonrú aon uair amháin tar éis dheireadh gach turais OBM mar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Stádas 'Normálta', lena léireofar go meastar go bhfuil na córais rialaithe astaíochtaí atá suiteáilte ar an bhfeithicil ag feidhmiú go leormhaith agus go bhfuil ardmhuinín ag an gcóras OBM as cruinneas an fhaireacháin OBM;

(b) Stádas 'Idirmheánach', lena léireofar nach bhfuil an córas OBM in ann measúnú cinntitheach a dhéanamh ar stádas na gcóras rialaithe astaíochtaí ábhartha nó go bhféadfadh neamhchinnteacht mhéadaithe a bheith ann i dtaca le luachanna faireacháin OBM;

(c) Stádas 'Earráid', lena léireofar gur sainaithníodh lochtanna nó crioscaíl lena gcuirtear cosc ar rialú nó faireachán leordhóthanach astaíochtaí agus lena dtugtar údar le deisiú.

Mar sprioc tháscach agus an córas OBM á dhearadh, áiritheoidh an monaróir, má chinneann OBM go bhféadfadh sé go bhfuil an fheithicil i staid ina mbeadh a hastaíochtaí sceite, arna meas trí bhíthin tástáil comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí fíorthiomána nó trí bhíthin tástáil comhréireacht inseirbhíse eile is infheidhme, cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme, nó níos airde, go ndéanfar an stádas 'Earráid' a ghníomhachtú.

2. Féadfaidh an monaróir úsáid a bhaint as aon sonraí atá ar fáil nó as aon chur chuige innealtóireachta lena gceadaítear do EEEDWS stádas faireacháin truailleáin a chinneadh, bunaithe ar na hastaíochtaí sceite a mheastar a bheidh ann nó ar fheidhmíocht córas rialaithe astaíochtaí feithicle.

Airteagal 6

Astaíochtaí NOx a ríomh le haghaidh gach turais OBM

1. Díreach tar éis dheireadh gach turais OBM, áiritheoidh an monaróir go ndéanfaidh an córas OBM na hastaíochtaí sceite NOx uile in mg/km a ríomh ar feadh fhad iomlán an turais OBM, gan bhriseadh. Déanfar an ríomh sin trí na hastaíochtaí maise iomlána measta NOx le linn an turais OBM sin a roinnt ar an bhfad iomlán a thiomáintear le linn an turais OBM sin.

2. Tabharfaidh an ríomh dá dtagraítear i mír 1 léiriú réasúnta ar fhíorastaíochtaí sceite NOx bunaithe ar aon cheann de na heilimintí seo a leanas:

(a) tomhais a dhéanann braiteoirí ar bord;

(b) sonraí samhaltaithe;

(c) meascán de thomhais a dhéanann braiteoirí ar bord agus sonraí samhaltaithe.

Airteagal 7

Sonraí OBM eile a ríomh le haghaidh gach turais OBM

1. Díreach tar éis dheireadh gach turais OBM, áiritheoidh an monaróir go ríomhfaidh an córas OBM na paraiméadair a liostaítear i gcuid A d'Iarscríbhinn I agus i bhFoscríbhinní 2 go 6 de Chuid C d'Iarscríbhinn I i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar síos san Iarscríbhinn sin ar feadh fhad iomlán an turais OBM, gan bhriseadh.

2. Beidh an ríomh dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar thomhais a dhéanann braiteoirí ar bord, ar shonraí samhaltaithe nó ar mheascán díobh sin agus tabharfar leis léiriú réasúnta ar fhíorluachanna na gcomharthaí nó na bparaiméadar.

Airteagal 8

Haisluach a ríomh agus sonraí OBM a phróiseáil ar bord

1. Díreach tar éis na ríomhanna a thuairiscítear in Airteagail 6 agus 7 a chur i gcrích, áiritheoidh an monaróir go ríomhfaidh an córas OBM an haisluach le haghaidh na sonraí turais OBM i gcomhréir le cuid B d'Iarscríbhinn I.

2. Áiritheoidh an monaróir go ndéanfaidh an córas OBM na sonraí OBM eile go léir a phróiseáil ar bord i gcomhréir le cuid B d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 9

Tarchur sonraí OBM thar an líonra

1. Áiritheoidh an monaróir go ndéanfar inneachar eisbhosca OTA OBM agus sonraí eile OBM mar a cheanglaítear le cuid C d'Iarscríbhinn I a tharchur thar an líonra chuig freastalaithe faoina rialú trí bhearta cibearshlándála a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe.

2. Áiritheoidh an monaróir go ndéanfaidh córas OBM tarchur sonraí thar an líonra ar shonraí OBM a luaithe a bheidh na dálaí nascachta iomchuí.

3. Féadfar moill a chur ar tharchur sonraí OBM thar an líonra i gcás feithiclí atá á n-oibriú lasmuigh de chríoch an Aontais go dtí go n-oibrítear san Aontas iad agus go dtí go mbeidh na dálaí nascachta iomchuí.

4. Áiritheoidh an monaróir go ndéanfaidh an córas OBM na cúraimí a bhaineann le tarchur sonraí OBM thar an líonra a leagtar amach i gcuid C d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 10

Rochtain ar shonraí OBM trí phort OBD

1. Áiritheoidh an monaróir go mbeidh na sonraí OBM uile atá stóráilte ag an bhfeithicil agus comharthaí meandracha OBM chun tacú le tástáil astaíochtaí feithicle inrochtana trí phort caighdeánach OBD agus uirlis scanta chineálach á húsáid.

2. Áiritheoidh an monaróir go bhfuil an córas OBM i gcomhréir leis na caighdeáin a shonraítear i bhFoscríbhinn 1, mír 6.5.3. de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiún Aontaithe ([5]), Iarscríbhinn C5.

Airteagal 11

Sonraí anaithnide OBM a chur isteach

1. Baileoidh an monaróir na sonraí OBM uile a fhaightear thar an líonra agus cuirfidh sé faoi bhráid fhreastalaí an údaráis iad, i bhfoirm anaithnid, agus úsáid á baint as an mbonneagar agus as na modhanna coiteanna arna mbunú chuige sin.

2. Déanfaidh an monaróir na sonraí OBM uile a fhaightear thar an líonra i mbliain féilire a chur faoi bhráid fhreastalaí an údaráis roimh dheireadh an dara ráithe den bhliain tar éis na bliana féilire ina bhfaighfear na sonraí sin.

3. Cuirfidh monaróirí na chéad sonraí OBM isteach roimh dheireadh 2027 agus áireofar iontu na sonraí a bailíodh sna blianta 2025 agus 2026.

([5]) Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le feithiclí saothair éadroim a cheadú i dtaca le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus ídiú breosla agus/nó i dtaca le hídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a thomhas (WLTP), sraith leasuithe 02 (IO L , 2022/2124, 10.11.2022, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2124/oj). I gcás Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe, léiríonn an tsraith leasuithe a luaitear an leagan a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. De rogha air sin, glacfar le comhlíonadh sraith leasuithe a glacadh tar éis na sraithe áirithe a léirítear.

4. I gcás ina lagaítear tarchur sonraí OBM ó ghrúpa feithiclí mar gheall ar dhífheidhmeacht chrua-earraí tarchurtha thar an líonra, tabharfaidh an monaróir fógra ina leith sin don údarás cineálcheadaithe deonaithe gan mhoill tar éis an lagaithe.

5. Déanfaidh an monaróir, i bhfoirm anaithnid, sonraí OBM atá ina sheilbh agus a fuair sé thar an líonra a chur isteach, ar sonraí iad a bhaineann le haicmí sonracha OBM nó grúpaí feithiclí ag a bhfuil aitheantóirí coiteanna aicme a liostaítear i gcuid C d'Iarscríbhinn I, arna iarraidh sin d'údarás cineálcheadaithe nó don údarás um fhaireachas margaidh.

6. Úsáidfidh na húdaráis sonraí anaithnide OBM a chuir monaróirí isteach chun tacú le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse a dhéantar i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1257.

Airteagal 12

Ceanglais maidir le cineálcheadú astaíochtaí

1. An monaróir a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar chineálcheadú astaíochtaí faoi Rialachán (AE) 2024/1257, soláthróidh sé dearbhú don údarás cineálcheadaithe deonaithe maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn III. Cuirfear an dearbhú faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe deonaithe a fhaigheann an t-iarratas ar chineálcheadú faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún ([6]). .

2. Sula bhfaighidh an monaróir an cineálcheadú astaíochtaí de réir Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún, iarrfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe taispeáint shimplí ar fheidhmiú an chórais OBM a leanann na céimeanna agus an fhoirm a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn III.

3. Admhóidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe go bhfuarthas an dearbhú dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an dearbhú comhlánaithe agus na ceangaltáin a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise a chuirfear ar fáil d'údaráis chineálcheadaithe eile. Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe go gcuirfear an fhaisnéis ábhartha leis an tuarascáil tástála faoi Fhoscríbhinn 8a d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún . De réir Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/858, ní bheidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na cineálcheaduithe atá nasctha leis an tuarascáil tástála thuasluaite, ná le síneadh a chur leo, i gcás dearbhú comhlíontachta a thabhairt cothrom le dáta faoi Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Déanfar an dearbhú dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt cothrom le dáta nuair a chuirfear feithiclí nua le raon feidhme an dearbhaithe. Ní bheidh gá le taispeáint nua dá dtagraítear i mír 2 chun an dearbhú sin a thabhairt cothrom le dáta. Cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe mír 3 i bhfeidhm maidir le gach dearbhú a thabharfar cothrom le dáta.

Airteagal 13

Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais OBM

Déanfar bearta chun comhréireacht inseirbhíse córas OBM a áirithiú i gcomhréir leis na socruithe maidir le comhréireacht táirgeachta mar a leagtar síos in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2018/858, in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 agus i gCuid A d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 14

Stádas faireacháin OBM agus incháilitheacht feithiclí le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse

1. Feithiclí ag a bhfuil ar a laghad stádas faireacháin OBM amháin dá dtagraítear in Airteagal 5 atá socraithe chuig 'Earráid', ní bheidh siad incháilithe do thástáil comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún. Tástálacha comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite i gcás ina n-aistríonn stádas faireacháin OBM amháin ar a laghad chuig 'Earráid' tar éis na tástála, beidh siad ar neamhní.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) .2025/1706 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí sceite agus galaithe feithiclí de chatagóirí M1 agus N1 agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L, 2025/1706, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1706/oj).

2. Le linn tástáil comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún, measfar gur comharthaí rabhaidh iad seo a leanas a d'fhéadfadh mífheidhmiú a thabhairt le fios i gcomhréir le pointe 8.3.2 de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe ([7]):

(a) stádas faireacháin OBM amháin nó níos mó atá socraithe chuig 'Earráid' dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (c), a bheith ann;

(b) locht OBD leanúnach amháin nó níos mó a bheith ann a bhfuil táscaire mífheidhme gníomhach ina leith;

(c) fabhtanna eile is léir ó amharc-chigireacht ar an bhfeithicil roimh an turas.

3. Feithiclí a bhfuil stádas faireacháin OBM amháin ar a laghad acu atá socraithe chuig 'Earráid' roimh an tástáil, ní bheidh siad incháilithe do sheiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar an gcóras OBM. Beidh feithiclí den sórt sin incháilithe, áfach, chun fíorú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 15.

4. Feithiclí a bhfuil stádas faireacháin amháin ar a laghad acu atá socraithe chuig 'Idirmheánach' roimh an tástáil, beidh siad incháilithe do thástáil comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún agus do sheiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar an gcóras OBM i gcomhréir le hIarscríbhinn IV den Rialachán seo, ar choinníoll go ndéantar nós imeachta réamhoiriúnaithe ar a dtugtar tuairisc i bpointe 4.6 den Iarscríbhinn sin.

Airteagal 15

Faireachas margaidh ar chórais OBM

Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh a fhíorú go gcomhlíonann córais OBM Airteagail 3 go 10 i gcomhréir le cuid B d'Iarscríbhinn IV.

Airteagal 16

Ceanglais maidir le feistí OBFCM

1. Áiritheoidh an monaróir go ndéanfaidh feithiclí atá feistithe le feistí OBFCM na paraiméadair sonraí OBM atá ábhartha maidir le feistí OBFCM a tharchur mar a shonraítear i bhFoscríbhinní 2 agus 3 a ghabhann le hIarscríbhinn I.

2. Áiritheoidh an monaróir go ndéanfar tarchur paraiméadar sonraí OBM atá ábhartha maidir le OBFCM i gcomhréir le hAirteagal 9.

Airteagal 17

Pas comhshaoil feithicle

1. Eiseoidh an monaróir pas comhshaoil feithicle (EVP) le haghaidh gach feithicle ina mbeidh faisnéis maidir le feidhmíocht chomhshaoil a cineáil feithicle.

2. Áiritheoidh an monaróir go mbeidh sonraí agus formáid EVP ag teacht lena bhfuil leagtha síos in Iarscríbhinn V.

3. Úsáidfidh an monaróir modhanna digiteacha chun rochtain sheachtrach ar shonraí EVP a áirithiú i gcomhréir le hIarscríbhinn V.

4. Áiritheoidh an monaróir go mbeidh rochtain ar shonraí EVP ar feadh 20 bliain ar a laghad tar éis dháta monaraithe na feithicle.

([7]) Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí paisinéirí agus tráchtála saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí fíorthiomána, IO L, 2024/211, 12.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/211/oj. I gcás Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe, léiríonn an tsraith leasuithe a luaitear an leagan a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. De rogha air sin, glacfar le comhlíonadh sraith leasuithe a glacadh tar éis na sraithe áirithe a léirítear.

5. I gcás cineálcheadú ilchéimneach, tuigfear gurb é an monaróir dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 monaróir na bonnfheithicle, agus tagróidh sonraí EVP don bhonnfheithicil.

Airteagal 18

Taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil

Áiritheoidh an monaróir go ndéanfar na sonraí comhshaoil maidir leis an gcineál feithicle agus maidir le feidhmíocht chomhshaoil feithiclí aonair a liostaítear in Iarscríbhinn VI a thaispeáint laistigh den fheithicil i gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin.

Airteagal 19

Feistí cúblála agus straitéisí cúblála

1. Déanfaidh monaróirí feithiclí, údaráis chineálcheadaithe, údaráis um fhaireachas margaidh agus gníomhaithe eile a luaitear in Iarscríbhinn VII na tástálacha, na modhanna agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a shuí nach ann d'fheistí cúblála ná do straitéisí cúblála mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII.

2. Cuirfidh an monaróir an doiciméadacht uile is gá ar fáil chun údar teicniúil a thabhairt nach ann d'fheistí cúblála ná do straitéisí cúblála i gcomhréir le hIarscríbhinn VII.

Airteagal 20

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

LIOSTA IARSCRÍBHINNÍ

IARSCRÍBHINN I	Sonraí OBM
Cuid A	Paraiméadair agus comharthaí a úsáideann an córas OBM
Cuid B	Haisfheidhm OBM agus próiseáil ar bord sonraí OBM
Cuid C	Tarchur sonraí OBM thar an líonra
Foscríbhinn 1	Paraiméadair OBM chun tacú le tástáil feithiclí
Foscríbhinn 2	Paraiméadair turais OBM
Foscríbhinn 3	Paraiméadair saolré OBM
Foscríbhinn 4	Paraiméadair airíonna eisbhosca OBM
Foscríbhinn 5	Paraiméadair marthanachta ceallraí
Foscríbhinn 6	Paraiméadair stórála sonraí OBM
Foscríbhinn 7	Scéimrí sonraí OBM
Foscríbhinn 8	Sreabhchairt próiseála sonraí OBM
IARSCRÍBHINN II	Rabhaidh don tiománaí agus modhanna aslaigh de chuid an chórais rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha
Foscríbhinn 1	Léaráidí scéimreacha
IARSCRÍBHINN III	Dearbhú comhlíontachta
Foscríbhinn 1	Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na gceanglas OBM chun críoch cineálcheadaithe
Foscríbhinn 2	Taispeáint shimplí ar fheidhmiú an chórais OBM. Tuairisc ar shreabhadh oibre agus céimeanna
IARSCRÍBHINN IV	Modhanna le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse agus faireachas margaidh ar chórais OBM
Cuid A	Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais OBM
Cuid B	Faireachas margaidh ar chórais OBM
IARSCRÍBHINN V	Pas comhshaoil feithicle
Foscríbhinn 1	Paraiméadair pas comhshaoil feithicle
IARSCRÍBHINN VI	Taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil
Foscríbhinn 1	Paraiméadair atá le taispeáint laistigh den fheithicil
IARSCRÍBHINN VII	Feistí cúblála agus straitéisí cúblála

IARSCRÍBHINN I

CEANGLAIS MAIDIR LE SONRAÍ OBM

Tugtar tuairisc san Iarscríbhinn seo ar na ceanglais a bhaineann le sonraí OBM. Soláthraítear léi sonraíocht theicniúil na bparaiméadar arna dtáirgeadh ag an gcóras OBM, na ceanglais maidir le próiseáil ar bord sonraí OBM agus maidir lena dtarchur thar an líonra.

Soláthraítear sonraíocht theicniúil mhionsonraithe ar pharaiméadair OBM áirithe i gCuid A den Iarscríbhinn seo. Tá liosta cuimsitheach paraiméadar le sonraíocht theicniúil bhunúsach ar fáil i bhFoscríbhinní 1 go 6.

Cumhdaítear i gCuid B den Iarscríbhinn seo na ceanglais maidir le próiseáil ar bord sonraí OBM agus tarchur sonraí OBM thar an líonra. Sainmhínítear scéimrí sonraí OBM i bhFoscríbhinn 7. Sreabhchairt léiritheach de phróiseáil sonraí an turais OBM is ea í Foscríbhinn 8.

I gCuid C den Iarscríbhinn seo, tá sonraíochtaí teicniúla forlíontacha maidir le tarchur sonraí OBM thar an líonra.

CUID A

Paraiméadair OBM

Cuirfidh an monaróir na paraiméadair uile a liostaítear i bhFoscríbhinní 1 agus 3 go 6 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo ar fáil, ar éileamh, tríd an bport srathach ar an nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí de réir na sonraíochtaí sna Foscríbhinní sin.

Mura sonraítear a mhalairt, cuirfidh monaróirí paraiméadair ar fáil lena gcuimseofar a raon iomlán luacha úsáidigh, le leibhéal cruinnis a bheidh i gcomhréir le cumais na gcóras rialaithe.

1. **Paraiméadair OBM chun tacú le tástáil feithiclí**

1.1. Maidir leis na paraiméadair sin a léirítear ina leith i bhFoscríbhinn 1 gur cuid den sruth sonraí meandrach iad, déanfaidh an t-aonad rialaithe is infheidhme iad a nuashonrú ag íosmhinicíocht 1 Heirts.

1.2. Paraiméadair nach bhfuil infheidhme maidir le cineál breosla nó teicneolaíocht gléasra cumhachta na feithicle, féadfar iad a fhágáil ar lár.

1.3. **Sreabhadh maise sceite-sceithphíopa (paraiméadar 1.11)**

1.3.1. Soláthrófar le córas OBM paraiméadar ‘Sreabhadh maise sceite - sceithphíopa’ chun iomlán shreabhadh maise an sceite ag an sceithphíopa a léiriú.

Déanfar an paraiméadar a ríomh mar mheánmhais an tsreafa maise sceite le linn an 1 soicind sula dtabharfar cothrom le dáta é agus déanfar é a thabhairt cothrom le dáta ar a laghad uair amháin in aghaidh an tsoicind.

1.4. **Tiúchan NOx an sceithphíopa (paraiméadar 1.13)**

1.4.1. Soláthrófar le córas OBM paraiméadar ‘Tiúchan NOx an sceithphíopa’ chun tiúchan na hastaíochta NOx ag an sceithphíopa a léiriú. Soláthrófar an paraiméadar ar feadh fhad iomlán an turais OBM agus féadfar é a bhunú ar thomhas braiteora, ar shonraí samhaltaithe, nó ar mheascán díobh sin.

1.4.2. Déanfar an paraiméadar a ríomh mar mheántiúchan astaíochtaí NOx le linn an 1 soicind sula dtabharfar cothrom le dáta é agus déanfar é a thabhairt cothrom le dáta ar a laghad uair amháin in aghaidh an tsoicind.

1.5. **Stádas samhaltaithe (paraiméadair 1.14 agus 1.16)**

1.5.1. Soláthrófar le córas OBM na paraiméadair 'Stádas samhaltaithe thiúchan NOx an sceithphíopa' agus 'Stádas samhaltaithe shreabhadh maise NOx an sceithphíopa' chun a léiriú conas a chinntear luachanna thiúchan NOx an sceithphíopa agus thiúchan an tsreafa maise. Beidh ceann amháin den dá stádas seo a leanas ag an dá pharaiméadar:

[0]. léirítear leis seo go ríomhtar an luach paraiméadair is infheidhme le hionchur ó bhraiteoir NOx.

[1]. léirítear leis seo go ríomhtar an luach paraiméadair is infheidhme gan ionchur ó bhraiteoir NOx.

1.6. **Sreabhadh maise NOx an sceithphíopa (paraiméadar 1.15)**

1.6.1. Soláthrófar le córas OBM paraiméadar 'Sreabhadh maise an sceithphíopa' chun sreabhadh maise na hastaíochta NOx ag an sceithphíopa a léiriú. Soláthrófar an paraiméadar ar feadh fhad iomlán an turais OBM agus féadfar é a bhunú ar thomhas braiteora, ar shonraí samhaltaithe, nó ar mheascán díobh sin.

1.6.2. Déanfar an paraiméadar a ríomh mar mheánmhais astaíochtaí NOx le linn an 1 soicind sula dtabharfar cothrom le dáta é agus déanfar é a thabhairt cothrom le dáta ar a laghad uair amháin in aghaidh an tsoicind.

1.7. **Cóimheasa NOx le mais an bhreosla (paraiméadair 1.19 - 1.27)**

1.7.1. Soláthrófar le córas OBM paraiméadair ar leithligh chun an cóimheas idir astaíochtaí NOx agus mais an bhreosla a ríomh. Tosaíonn an próiseas ríomha sin le gach luach de chuid 'cóimheas NOx le mais an bhreosla (i)' socraithe chuig luach réamhshocraithe arb éard é nialas, agus tá na trí chéim seo a leanas ann:

1.7.2. CÉIM 1: Ríomhfar na trí pharaiméadar seo a leanas:

(a) 'NOx carnach — 100 km' (g) (paraiméadar 1.19).

Comhtháthaítear leis an bparaiméadar sin 'sreabhadh maise NOx an sceithphíopa' (g/s).

Beidh ag an bparaiméadar taifeach 0,0001 g nó aon mhais is lú, íosluach arb é atá ann nialas agus uasluach 100 000 g ar a laghad.

(b) 'Mais charnach an bhreosla — 100 km' (g) (paraiméadar 1.20).

Comhtháthaítear leis an bparaiméadar sin 'Sreabhadh breosla an innill' (g/s) agus tiontú ón aonad gram go cileagraim.

Beidh ag an bparaiméadar taifeach 0,0000001 kg nó aon mhais is lú, íosluach arb é atá ann nialas agus uasluach 200 kg ar a laghad.

(c) 'Fad carnach — 100 km' (km) (paraiméadar 1.21).

Comhtháthaíonn an paraiméadar sin an fad a thaistealaíonn an fheithicil.

Beidh ag an bparaiméadar taifeach 0,01 km nó aon fhad is lú, íosluach arb é atá ann nialas agus uasluach 100 km ar a laghad.

1.7.2.1. Déanfar na paraiméadair sin a chomhtháthú go leanúnach, seachas i gcás ina mbeidh feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(1) tá an t-inneall múchta;

(2) is lú ná 800 soicind an t-achar ama tar éis an t-inneall a thosú i gcéaduair le linn an turais OBM;

(3) léiríonn an paraiméadar 'Stádas athghiniúna iarchóireála' (paraiméadar 1.28) go bhfuil athghiniúint ghníomhach scagaire cáithníní ar siúl;

(4) tá an teocht chomhthimpeallach faoi bhun -7 °C nó os cionn 38 °C;

(5) tá luas na feithicle os cionn 160 km/h;

(6) is airde an airde ná 1 300 m os cionn mheánleibhéal na mara;

(7) tá straitéis chúnta astaíochtaí (AES) rianaithe a ndéanann OBM faireachán uirthi gníomhach mar a shainmhínítear i mír 2.8.2;

(8) nuair atá an fheithicil i gcéim fhada fuaraithe;

(9) nuair atá ceann amháin ar a laghad de ‘Stádas faireacháin NOx’ nó ‘Stádas faireacháin cineálach’ socraithe chuig ‘Earráid’ nó ‘Idirmheánach’. Sa chás sin, athshocrófar na paraiméadair sin chuig nialas freisin;

(10) nuair a mheastar go bhfuil mífheidhm ag baint le comhartha ionchuir a úsáidtear chun aon cheann de na paraiméadair charntha thuas a ríomh.

1.7.2.2. Chun paraiméadair 1.19 go 1.21 a chomhtháthú, tuigfear go gcumhdaítear le ‘céim fhada fuaraithe’ na tréimhsí seo a leanas:

— Maidir le tréimhse réchasta leanúnaigh, aon tréimhse is faide ná an chéad 180 soicind.

— Na chéad 180 soicind tar éis don fheithicil luas os cionn 1 km/h a bhaint amach tar éis tréimhse réchasta leanúnaigh is faide ná 180 soicind.

— Na chéad 180 soicind tar éis an t-inneall a atosú i ndiaidh tréimhse leanúnach agus an t-inneall casta as, ar tréimhse í is faide ná 180 soicind.

1.7.2.3. I gcás ina mbeidh an paraiméadar ‘Fad carnach - 100 km’ cothrom le 100 km nó níos airde, déanfar an chéim seo a leanas:

1.7.3. CÉIM 2:

Sannfar an luach a bhaineann le ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (3)’ do ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (4)’

Sannfar an luach a bhaineann le ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (2)’ do ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (3)’

Sannfar an luach a bhaineann le ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (1)’ do ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (2)’

Sannfar an luach a bhaineann le ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (0)’ do ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (1)’

Ríomhfar an paraiméadar seo a leanas:

$$\text{Cóimheas NO}x\text{ le mais an bhreosla }(0) = \frac{\text{NO}_x\text{ carnach} - 100\text{ km }(\text{g})}{\text{Mais charnach an bhreosla} - 100\text{ km }(\text{kg})}$$

I gcás ina mbeidh ‘cóimheas NO_x le mais an bhreosla (0)’ ríofa, déanfar na paraiméadair ‘NO_x carntha - 100 km’, ‘Mais charntha an bhreosla - 100 km’ agus ‘Fad carntha - 100 km’ a athshocrú chuig nialas.

Sula ndéantar gach paraiméadar ‘cóimheas NO_x le mais an bhreosla’ a ríomh den chéad uair ó monaraíodh an fheithicil, nó má athshocraítear na paraiméadair ‘cóimheas NO_x le mais an bhreosla’ le linn teagmhas athchláraithe aonaid rialaithe, nó le hathsholáthar aonaid rialaithe, úsáidfear luach réamhshocraithe 0xFF le haghaidh gach birt sonraí.

1.7.4. CÉIM 3:

Déanfar an paraiméadar ‘meán an chóimheasa NOx le mais an bhreosla’ (g/kg) (paraiméadar 1.27) a ríomh mar seo a leanas:

$$\text{Meán an chóimheasa NOx le mais an bhreosla} = \frac{1}{n}\sum_{i=0}^{i=n-1}\text{Cóimheas NOx le mais an bhreosla (i)}$$

Agus n a bheith cothrom leis an líon luachanna ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (i)’ nach bhfuil cothrom le 0xFFFF.

1.7.4.1. Déanfar na paraiméadair ‘NOx carnach – 100 km’, ‘Mais charnach an bhreosla – 100 km’ agus ‘Fad carnach – 100 km’ a athshocrú chuig nialas, agus athdhéanfar an seicheamh ó chéim 1.

1.7.4.2. Is éard a bheidh sna paraiméadair ‘cóimheas NOx le mais an bhreosla (i)’ agus sa pharaiméadar ‘meán an chóimheasa NOx le mais an bhreosla’ dhá bheart sonraí ag a bhfuil íosluach arb é atá ann nialas agus uasluach 200 g/kg.

1.7.4.3. Déanfar na paraiméadair ‘NOx carnach – 100 km’, ‘Mais charnach an bhreosla – 100 km’ agus ‘Fad carnach – 100 km’ a athshocrú chuig nialas nuair a athshocraítear cóid diagnóise fabht le huirlis scanta chineálach nó le huirlis seirbhíse. Féadfar na paraiméadair sin a athshocrú chuig nialas freisin i gcás teagmhas athchláraithe sa chóras stiúrtha innill.

1.8. **Stádas oibriúcháin iarchóireála (paraiméadar 1.31)**

1.8.1. Soláthrófar le córas OBM paraiméadar 'Stádas oibriúcháin iarchóireála' chun a léiriú ar shroich an córas iarchóireála na coinníollacha chun go bhféadfar laghdú éifeachtach a dhéanamh ar astaíochtaí sceite a ndéanann córas OBM faireachán orthu, sin agus an gcoinníonn an córas iarchóireála na coinníollacha sin ar bun. Beidh ceann amháin den dá stádas seo a leanas ag an bparaiméadar sin:

[0]. léirítear leis seo nach gceadaíonn na coinníollacha iarbhír laghdú éifeachtach ar astaíochtaí truailleán a ndéanann an córas OBM faireachán orthu.

[1]. léirítear leis seo go gceadaíonn na coinníollacha iarbhír laghdú éifeachtach ar astaíochtaí truailleán a ndéanann an córas OBM faireachán orthu.

1.8.2. Soláthróidh monaróirí tuairisc sna doiciméid chineálcheadaithe maidir leis na tairseacha agus na paraiméadair a úsáidtear chun stádas an pharaiméadair sin a ríomh.

1.9. **Stádas córais aslaigh OBM (paraiméadar 1.45)**

1.9.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'stádas córais aslaigh OBM' chun a léiriú gur ghníomhachtaigh an córas OBM an t-aslach feithicle mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn II, mír 2.4. Beidh ceithre ghiotán sonraí sa pharaiméadar agus na stádais seo a leanas acu:

Giotán 0: Tá córas aslaigh OBM gníomhach (ciallaíonn 0 BRÉAGACH, ciallaíonn 1 FÍOR)

Giotán 1: Spreag stádas faireacháin NOx córas aslaigh OBM (ciallaíonn 0 BRÉAGACH, ciallaíonn 1 FÍOR)

Giotán 2: Spreag stádas faireacháin PM córas aslaigh OBM (ciallaíonn 0 BRÉAGACH, ciallaíonn 1 FÍOR)

Giotán 3: Spreag stádas faireacháin cineálach córas aslaigh OBM (ciallaíonn 0 BRÉAGACH, ciallaíonn 1 FÍOR)

1.10. **Stádas crioscaíola féideartha (paraiméadar 1.46)**

1.10.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Stádas crioscaíola féideartha' chun an leibhéal braite crioscaíola a léiriú. Beidh ceann amháin de na trí stádas seo a leanas ag an bparaiméadar sin:

[0]. 'Leibhéal 0 - Níor braitheadh aon chrioscaíl'.

[1]. 'Leibhéal 1 - Crioscaíl fhéideartha braite', as a n-eascraíonn méadú ionchasach ar cheann amháin ar a laghad de na hastaíochtaí sceite a ndéanann an córas OBM faireachán orthu, agus as a n-eascraíonn astaíochtaí suas le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme.

[2]. 'Leibhéal 2 - Crioscaíl fhéideartha braite', as a n-eascraíonn méadú ionchasach ar cheann amháin ar a laghad de na hastaíochtaí sceite a ndéanann córas OBM faireachán orthu, agus as a n-eascraíonn astaíochtaí de bhreis ar 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme.

1.10.2. Nuair a bheidh paraiméadar an stádais 'crioscaíola féideartha' socraithe chuig leibhéal 1 nó leibhéal 2, ní athshocrófar é chuig leibhéal níos ísle ach amháin más le huirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a athshocraítear é.

1.11. **Stádas faireacháin (paraiméadair 1.47 - 1.49)**

1.11.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadair ar leithligh le haghaidh 'Stádas faireacháin NOx', 'Stádas Faireacháin PM' agus 'Stádas faireacháin cineálach' chun stádais faireacháin OBM mar a leagtar síos in Airteagal 4 a léiriú. Maidir le gach ceann de na faireacháin sin, beidh ag an bparaiméadar ceann amháin de na trí stádas seo a leanas mar a shainmhínítear in Airteagal 5.

[0]. Stádas normálta

[1]. Stádas idirmheánach

[2]. Stádas earráide

1.12. **Áiritheoir forscríofa eisbhosca OTA OBM (paraiméadar 1.55)**

1.12.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Áiritheoir forscríofa eisbhosca OTA OBM' chun go léireofar an líon uaireanta a fhorscríobhtar an 'eisbhosca OTA OBM'.

Déanfar 'áiritheoir forscríofa eisbhosca OTA OBM' a incrimintiú faoi 1 murar tarchuireadh an pacáiste sonraí 'eisbhosca OTA OBM' a bhí ann roimhe sin go rathúil mar a shainmhínítear i mír 8.4 faoin am a bheidh 'scuaine OTA OBM' líonta ag sonraí nua.

1.12.2. Athshocrófar an paraiméadar chuig nialas nuair a athshocrófar cóid diagnóise fabht le huirlis scanta chineálach nó le huirlis seirbhíse. Má shroicheann an paraiméadar a uasluach, reofaidh sé agus ní athshocróidh sé chuig nialas go dtí go n-athshocrófar é le huirlis scanta chineálach nó le huirlis seirbhíse.

2. **Paraiméadair turais OBM**

2.1. Is iad na paraiméadair sin a thagraíonn do thuras OBM paraiméadair turais OBM. Is iondúil go léiríonn siad na hastaíochtaí a gineadh le linn an turais OBM, na dálaí inar tharla sé. Úsáidtear roinnt paraiméadar turais a bhaineann le haiseáil chun tacú le roghnú randamach turas OBM lena dtarchur thar an líonra níos déanaí.

2.2. Sula ndéantar gach paraiméadar is infheidhme a ríomh den chéad uair ó monaraíodh an fheithicil, sula n-athshocraítear sonraí stóráilte trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid, nó má athshocraítear paraiméadar mar gheall ar theagmhas athchláraithe aonaid rialaithe, nó athsholáthar aonaid rialaithe, glacfar luach réamhshocraithe 0xFF le haghaidh gach birt sonraí mura sonraítear a mhalairt.

2.3. Maidir le paraiméadair nach gceanglaítear a ríomh bunaithe ar an gcineál gléasra cumhachta, glacfar luach réamhshocraithe 0xFF le haghaidh gach birt sonraí.

2.4. I gcás mífheidhme lena gcuirtear cosc ar pharaiméadar turais OBM a ríomh, féadfar luach 0xFF a thuairisciú le haghaidh gach birt sonraí is infheidhme i gcás nach bhfuil an córas OBM in ann luach measta malartach réasúnta a sholáthar trí shamhaltú nó trí chomharthaí malartacha. Nuair a sholáthraítear 0xFF mar gheall ar mhífheidhm, socrófar giotán 2 de chuid pharaiméadar 2.22.

2.5. **Odaiméadar turais OBM (paraiméadair 2.1 agus 2.2)**

2.5.1. Soláthrófar le córas OBM 'Luach odaiméadar na feithicle' agus luach 'Fad turais OBM' chun an fad iomlán a thiomáintear le linn shaolré na feithicle a léiriú, mar a léirítear don tiománaí, mar aon leis an bhfad iomlán a thiomáintear le linn an turais OBM ag deireadh an turais OBM. Úsáidfidh na luachanna odaiméadair sin an fhoinse sonraí chéanna agus a úsáideann an luach odaiméadair a thaispeántar don tiománaí.

2.6. **Am réchasta (paraiméadar 2.4)**

2.6.1. Soláthrófar le córas OBM paraiméadar 'Am réchasta' chun am carntha oibriú an innill a thaifeadadh agus é ar réchasadh le linn an turais OBM.

2.6.2. Chun an paraiméadar sin a ríomh, ciallóidh réchasadh go scaoilfidh an tiománaí an luasaire agus go bhfuil luas na feithicle níos lú ná aon km amháin in aghaidh na huaire, nó cothrom leis, nó go bhfuil luas an innill níos lú ná 200 rpm os cionn ghnáthstaid na feithicle téite agus í ar réchasadh, nó cothrom leis (arna chinneadh sa suíomh tiomána le haghaidh feithiclí a bhfuil traiseoladh uathoibríoch feistithe orthu).

2.7. **NOx fadsonrach (paraiméadar 2.5)**

2.7.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'NOx fadsonrach' chun go léireofar na meánastaíochtaí maise NOx le linn an turais OBM.

2.7.2. Ríomhfar an paraiméadar 'NOx fadsonrach' mar iomlán na n-astaíochtaí maise NOx le linn an turais OBM arna roinnt ar fhad an turais OBM ag deireadh an turais OBM. Maidir le turais OBM inarb ísle ná 1 km an fad iomlán a thiomáintear le linn an turais OBM, déanfar iomlán na n-astaíochtaí maise NOx le linn an turais OBM a roinnt ar 1 km.

2.8. **Cóimheasa turais OBM (paraiméadair 2.9 - 2.22)**

2.8.1. Soláthrófar le córas OBM cóimheasa éagsúla turais OBM. Déanfar gach cóimheas a ríomh mar an fad carnach a thiomáintear agus na coinníollacha á gcomhlíonadh le linn an turais OBM, arna roinnt ar fhad an turais OBM.

2.8.2. **Cóimheas stádais iarchóireála agus córais rialaithe astaíochtaí (paraiméadair 2.9 - 2.12)**

2.8.2.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadair maidir le cóimheasa stádais iarchóireála i dtaca le turas OBM chun go léireofar an céatadán d'fhad an turais OBM a thiomáintear leis na córais iarchóireála/rialaithe astaíochtaí faoi dhálaí sonracha:

(a) Léireoidh an paraiméadar 'Cóimheas an fhaid athghiniúna' (paraiméadar 2.9) an céatadán d'fhad an turais OBM i gcás ina bhfuil próiseas athghiniúna iarchóireála amháin ar a laghad ar siúl;

(b) Léireoidh an paraiméadar 'Cóimheas faid AES a ndéantar faireachán air' (paraiméadar 2.10) an céatadán d'fhad an turais OBM i gcás ina bhfuil AES amháin ar a laghad a ndéantar faireachán air gníomhach mar a léirítear leis an bparaiméadar stádais AES;

(c) Léireoidh an paraiméadar 'Cóimheas imoibrí coiscthe' (paraiméadar 2.11) an céatadán d'fhad an turais OBM ina gcuirtear cosc ar sheachadadh imoibrí ar an gcóras iarchóireála sceite mar gheall ar dhálaí comhshaoil;

(d) Léireoidh an paraiméadar 'Cóimheas sonraí samhaltaithe' (paraiméadar 2.12) an céatadán d'fhad an turais OBM a thiomáintear i gcás ina ríomhtar na sonraí maidir le hastaíochtaí fadsonracha gan ionchur gníomhach ó bhraiteoir NOx.

2.8.3. **Cóimheasa aicme luais (paraiméadair 2.13 - 2.16)**

2.8.3.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadair maidir le cóimheasa aicme luais chun go léireofar an céatadán d'fhad an turais OBM a thiomáintear in aicmí éagsúla luais le linn an turais OBM. Is mar seo a leanas a shainmhínítear na paraiméadair maidir le cóimheasa aicme luais:

(a) 'Luas – cóimheas mall uirbeach': luas na feithicle is ísle ná 30 km/h nó cothrom leis

(b) 'Luas – cóimheas uirbeach': luas na feithicle is mó ná 30 km/h, agus is ísle ná 60 km/h nó cothrom leis

(c) 'Luas – cóimheas tuaithe': luas na feithicle is mó ná 60 km/h, agus is ísle ná 90 km/h nó cothrom leis

(d) 'Luas – cóimheas mótarbhealaigh': luas feithicle is mó ná 90 km/h

2.8.4. **Cóimheas – fad le FL (paraiméadar 2.17)**

2.8.4.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Cóimheas – fad le FL' chun go léireofar an céatadán d'fhad an turais OBM a thiomáintear gan an t-inneall a úsáid.

2.8.5. **Cóimheasa dálaí turais OBM (paraiméadair 2.18 - 2.21)**

2.8.5.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadair maidir le cóimheasa dálaí turais OBM chun go léireofar an céatadán d'fhad an turais OBM a thiomáintear i ndálaí sonracha:

(a) léireoidh an paraiméadar 'Teocht chomhthimpeallach – cóimheas íseal' (paraiméadar 2.18) an céatadán d'fhad an turais OBM le teochtaí comhthimpeallacha faoi bhun 0 °C

(b) léireoidh an paraiméadar 'Teocht chomhthimpeallach – cóimheas ard' (paraiméadar 2.19) an céatadán d'fhad an turais OBM le teochtaí comhthimpeallacha os cionn 35 °C

(c) léireoidh an paraiméadar ‘Airde – cóimheas ard’ (paraiméadar 2.20) an céatadán d’fhad an turais OBM ag airdí is airde ná 700 m os cionn mheánleibhéal na mara

(d) léireoidh an paraiméadar ‘Cóimheas dálaí comhthimpeallacha breisithe lasmuigh’ (paraiméadar 2.21) an céatadán d’fhad an turais OBM, i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

— is ísle an teocht chomhthimpeallach ná -7 °C nó is airde í ná 38 °C

— is airde an airde ná 1 300 m os cionn mheánleibhéal na mara

2.8.6. **StádasTM (paraiméadar 2.22)**

2.8.6.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar ‘stádas TM (deireadh an turais)’ chun stádas teipthe le linn an turais OBM a léiriú. Beidh trí ghiotán sonraí sa pharaiméadar agus na stádais seo a leanas acu:

Giotán 0: Léirítear leis seo stádas TM ag deireadh an turais OBM (ciallaíonn 0 TM casta as, ciallaíonn 1 TM casta air)

Giotán 1: Léirítear leis seo gur braitheadh mífheidhm le linn an turais OBM sin a ghníomhachtódh an TM de ghnáth ach na critéir bhraite chomhleanúnacha is gá chun TM a ghníomhachtú a chomhlíonadh (e.g., stóráladh lochtchód ar feitheamh). Ciallaíonn 0 nár braitheadh aon locht, ciallaíonn 1 gur braitheadh aon teip amháin ar a laghad is infheidhme le linn turas OBM

Giotán 2: Léirítear leis seo gur braitheadh mífheidhm le linn an turais OBM sin agus mar thoradh air sin gur ghlac aon pharaiméadar turais OBM amháin ar a laghad luach réamhshocraithe mar a shainmhínítear i mír 2.4. (Ciallaíonn 0 nár braitheadh aon locht, ciallaíonn 1 gur braitheadh aon teip amháin ar a laghad is infheidhme le linn turas OBM)

I gcás nach dtacaíonn an teicneolaíocht gléasra cumhachta atá feistithe ar an bhfeithicil le stádas TM, tuairisceofar giotán 0 agus giotán 1 mar nialas.

2.9. **Stádais maidir le Faireachán OBM, Aslach OBM agus Crioscaíl Fhéideartha (deireadh an turais) (paraiméadair 2.25 – 2.29)**

2.9.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM stádais maidir le faireachán OBM, aslach OBM agus leibhéil braite crioscaíola chun go léireofar stádais na gcóras faireacháin agus aslaigh mar a shainmhínítear i míreanna 1.9 go 1.11.

2.9.2. **Paraiméadair turais OBM forchoimeádta ag an monaróir (paraiméadar 2.30)**

2.9.2.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM deich bparaiméadar ‘forchoimeádta ag an monaróir’. Féadfaidh an monaróir iad sin a úsáid go roghnach chun sonraí OBM a shainmhíníonn an monaróir a thuairisciú. Ní chuimseofar sonraí pearsanta sna paraiméadair sin.Déanfar luachanna nialais a líonadh isteach i bparaiméadair sonraí neamhúsáidte.

2.9.3. **Stádas haisbhailíochta turais OBM (paraiméadar 2.31)**

2.9.3.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar ‘stádas haisbhailíochta turais OBM’ chun haiseáil rathúil ar an bpacáiste sonraí turais OBM a léiriú.

[0]. léirítear leis seo go bhfuil ríomh ‘haisluach turais OBM’ neamhiomlán.

[1]. léirítear leis seo gur cuireadh ríomh ‘haisluach turais OBM’ i gcrích go rathúil agus go bhfuil an haisluach teasctha sábháilte i stóráil sonraí turais OBM is infheidhme mar a shainmhínítear i mír 9.6.

2.9.3.2. Sula ndéantar an chéad ríomh ó monaraíodh an fheithicil, sula n-athshocraítear sonraí stóráilte trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid, nó sula n-athshocraítear paraiméadair mar gheall ar theagmhas athchláraithe aonaid rialaithe, nó roimh athsholáthar aonaid rialaithe, glacfar luach réamhshocraithe 0x00 le haghaidh gach birt sonraí mura sonraítear a mhalairt.

2.9.4. **Haisluach turais OBM (paraiméadar 2.32)**

2.9.4.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'haisluach turais OBM' chun taifead a dhéanamh ar an haisluach turais OBM a eascraíonn as an haisfheidhm a shainmhínítear i mír 9.6.

2.9.4.2. Go dtí go gcuirfear ríomh 'haisluach turais OBM' i gcrích i leith na sonraí turais OBM is infheidhme, glacfaidh gach beart sonraí leithdháilte de chuid an pharaiméadair luach is cothrom le 0xFF.

3. **Paraiméadair saolré OBM**

3.1. Déanfar gach paraiméadar saoil a liostaítear i bhFoscríbhinn 3 a chur ar fáil, ar éileamh, tríd an bport srathach ar nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí an chórais OBM.

3.2. I ndáil leis na paraiméadair sin nach bhfuil infheidhme maidir le cineál breosla nó teicneolaíocht gléasra cumhachta na feithicle, féadfar infhaighteacht tríd an bport srathach ar nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí chóras OBM a fhágáil ar lár.

3.3. Mar dhíolúine ó na coinníollacha athshocraithe a shonraítear sna caighdeáin dá dtagraítear i gCuid A, a luaithe a bheidh an fheithicil i mbun seirbhíse, caomhnófar luachanna saolré.

3.4. I gcás mífheidhmeanna a dhéanann difear do luachanna áiritheoirí saolré, nó i gcás athsholáthar na n-aonad rialaithe ábhartha, féadfar na háiritheoirí a reo nó a athshocrú go comhuaineach, de réir mar is infheidhme, chun a áirithiú go leanfaidh na luachanna de bheith sioncronaithe go hiomlán.

3.5. **Mais NOx (saolré) (paraiméadar 3.1)**

3.5.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Mais NOx (saolré)' chun astaíochtaí maise NOx shaolré na feithicle a léiriú. Déanfar luach an pharaiméadair sin a ríomh tríd an bparaiméadar 'Sreabhadh maise NOx an sceithphíopa' (paraiméadar 1.15) a chomhtháthú ag incrimint ama 1 soicind.

3.6. **Luach odaiméadair (paraiméadar 3.5)**

3.6.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Luach odaiméadair' chun an luach odaiméadair a léirítear d'úsáideoir na feithicle a léiriú.

3.7. **Fad iomlán a thaistealaítear – FL (Saolré) (paraiméadar 3.6)**

3.7.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Fad iomlán a thaistealaítear – FL (saolré)' chun an fad iomlán atá taistealaithe ag an bhfeithicil i mód lánleictreach a léiriú, i.e., gan an t-inneall a úsáid.

3.8. **Cóimheasa aicme luais – saolré (paraiméadair 3.11 - 3.15)**

3.8.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadair maidir le cóimheasa aicme luais chun go léireofar an céatadán d'fhad an turais OBM a thiomáintear in aicmí éagsúla luais le linn shaolré na feithicle. Sainmhínítear an cóimheas aicme luais – paraiméadair saolré mar seo a leanas:

(a) 'Luas – cóimheas mall uirbeach – saolré': luas na feithicle is ísle ná 30 km/h nó cothrom leis

(b) 'Luas – cóimheas uirbeach – saolré': luas na feithicle is mó ná 30 km/h, agus is ísle ná 60 km/h nó cothrom leis

(c) 'Luas – cóimheas tuaithe – saolré': luas na feithicle is mó ná 60 km/h, agus is ísle ná 90 km/h nó cothrom leis

(d) 'Luas – cóimheas mótarbhealaigh – saolré': luas na feithicle is mó ná 90 km/h, agus is ísle ná 145 km/h nó cothrom leis

(e) 'Luas lasmuigh den chóimheas breisithe – saolré': luas feithicle is mó ná 145 km/h

3.9. **Fad Iomlán a Thaistealaítear – OBM (Saolré) (paraiméadar 3.4)**

3.9.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Fad iomlán a thaistealaítear – OBM (Saolré)' chun go léireofar an luach odaiméadair a bhaineann leis an bparaiméadar 'Mais NOx (saolré)'. Cuimseofar leis an bparaiméadar an fad a thaistealaítear le linn shaolré na feithicle, agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl agus an fheithicil á tiomáint i mód leictreach iomlán araon.

4. **Paraiméadair airíonna eisbhosca OBM**

4.1. Gach paraiméadar 'eisbhosca OTA OBM' a liostaítear i bhFoscríbhinn 4 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, cuirfear ar fáil iad, ar éileamh, tríd an bport srathach ar nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí an chórais OBM.

4.2. **Uimhir an leagain OBM (paraiméadar 4.1)**

4.2.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM 'uimhir an leagain OBM' chun an leagan de bhunchóras OBM agus leagan cur chun feidhme an mhonaróra a léiriú. Beidh dhá bheart sonraí sa pharaiméadar 'uimhir an leagain OBM'.

4.2.2. Déanfar an leagan den bhunchóras OBM a léiriú in uimhir dhá dhigit ó 00 go 64. Feithiclí a chomhlíonann an Rialachán seo, is 01 a bheidh acu mar uimhir an leagain den bhunchóras OBM, uimhir a chomhfhreagraíonn don scéimre sonraí OBM a shonraítear i bhFoscríbhinn 7.

4.2.3. Féadfaidh an monaróir uimhir leagan cur chun feidhme an mhonaróra a úsáid chun scéimeanna sonracha a ainmniú i gcás ina sainmhíníonn an monaróir sonraí mar a thuairiscítear i mír 4.3. Léireofar uimhir leagan cur chun feidhme an mhonaróra le huimhir trí dhigit ó 000 go 999.

4.2.4. Cruthófar 'uimhir an leagain OBM' mar shlánuimhir dhá bheart trí uimhir an leagain den bhunchóras OBM a chur mar an tslánuimhir mílte (A) le huimhir leagan cur chun feidhme an mhonaróra (B) mar a léirítear thíos.

$$\underbrace{01}_{A}\ \underbrace{000}_{B}$$

4.3. **Paraiméadair eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir (paraiméadar 4.2)**

4.3.1. Féadfaidh an córas OBM suas le deich bparaiméadar 'eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir' a sholáthar. Féadfaidh an monaróir iad sin a úsáid go roghnach chun meiteashonraí eisbhosca a shainmhíníonn an monaróir a thuairisciú. Tabharfaidh monaróirí tuairisc shoiléir ar na sonraí i bpacáiste an doiciméid cineálcheadaithe.

4.4. **Stádas haisbhailíochta tarchurtha OBM (paraiméadar 4.3)**

4.4.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'stádas haisbhailíochta tharchur OBM' chun haiseáil rathúil ar phacáiste sonraí 'eisbhosca OTA OBM' a léiriú sula dtarchuirfear é.

[0]. léirítear leis seo go bhfuil ríomh 'haisluach tarchurtha OBM' neamhiomlán

[1]. léirítear leis seo gur cuireadh ríomh 'haisluach tarchurtha OBM' i gcrích go rathúil agus go bhfuil an haisluach sábháilte sa stóráil sonraí 'eisbhosca OTA OBM' is infheidhme mar a shainmhínítear i mír 9.8

4.4.2. Sula ndéantar an chéad ríomh ó monaraíodh an fheithicil, sula n-athshocraítear sonraí stóráilte trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid, nó sula n-athshocraítear paraiméadair mar gheall ar theagmhas athchláraithe aonaid rialaithe, nó roimh athsholáthar aonaid rialaithe, glacfar luach réamhshocraithe 0x00 le haghaidh gach birt sonraí mura sonraítear a mhalairt.

4.5. **Haisluach tarchurtha OBM (paraiméadar 4.4)**

4.5.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'haisluach tarchurtha OBM' chun an haisluach a eascraíonn as an haisfheidhm a shainmhínítear i mír 9.8 a thaifeadadh.

4.5.2. Go dtí go gcuirfear ríomh 'Haisluach tarchurtha OBM' den 'eisbhosca OTA OBM' is infheidhme i gcrích, glacfaidh gach beart sonraí leithdháilte de chuid an pharaiméadair luach is cothrom le 0xFF.

5. **Paraiméadair marthanachta ceallraí**

5.1. Déanfar luachanna na bparaiméadar uile a liostaítear i bhFoscríbhinn 5 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a chur ar fáil, ar éileamh, tríd an bport srathach ar nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí an chórais OBM agus cuirfear ar fáil iad, lena dtarchur thar an líonra, do 'eisbhosca OTA OBM' a shainmhínítear i mír 8.4.

5.2. I ndáil leis na paraiméadair sin nach bhfuil infheidhme maidir le cineál breosla nó teicneolaíocht gléasra cumhachta na feithicle, féadfar infhaighteacht tríd an bport srathach ar nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí chóras OBM a fhágáil ar lár.

5.3. **Fad shaolré an cheallra reatha (paraiméadar 5.3)**

5.3.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Fad shaolré an cheallra reatha' chun an fad a thaistealaítear leis an gceallra atá suiteáilte faoi láthair agus a úsáidtear chun críoch tiomána a léiriú.

5.3.2. I gcás feithiclí inar athshocraíodh na luachanna saolré mar a thuairiscítear i mír 3, nó i gcás ina bhfuil cumais malartaithe ceallraí ag feithiclí, líonfaidh an monaróir an luach 'Fad shaolré an cheallra reatha' le luach difriúil chun an léiriú is fearr a thabhairt ar an bhfad iarbhír a thaistealaítear leis an gceallra atá suiteáilte faoi láthair agus a úsáidtear chun críoch tiomána.

5.4. **Stádas athsholáthair ceallra tarraingthe (paraiméadar 5.12)**

5.4.1. Soláthrófar leis an gcóras OBM paraiméadar 'Stádas athsholáthair ceallra tarraingthe' chun a léiriú an ndearnadh an córas ceallra a athsholáthar, a dheisiú nó a mhalartú le linn shaolré na feithicle. Ceithre bheart a bheidh sa pharaiméadar. Má thacaítear leis an bparaiméadar 'Stádas athsholáthair ceallra tarraingthe' leis an aonad rialaithe is infheidhme, socrófar na giotáin seo a leanas i mbeart A:

Giotán 0: léireofar an bhfuil stair athsholáthair an cheallra ar fáil:

[0]. léirítear leis seo nach bhfuil stair athsholáthair an cheallra ar fáil nó nach dtacaítear léi

[1]. léirítear leis seo go bhfuil stair athsholáthair an cheallra ar fáil

Giotán 1: léireofar an ndearnadh an ceallra a athsholáthar nó a mhalartú:

[0]. léirítear leis seo nach ndearnadh an ceallra a athsholáthar ná a mhalartú nó, i gcás nach bhfuil stair athsholáthair an cheallra ar fáil, nach bhfuil aon sonraí ar fáil

[1]. léirítear leis seo gur deisíodh nó gur malartaíodh an córas ceallra uair amháin ar a laghad le linn shaolré na feithicle

Forchoimeádtar beart A giotáin 2-7 agus bearta B, C agus D lena leathnú amach anseo.

5.4.2. Mura dtacaítear le táscaire dar teideal stádas athsholáthair ceallra tarraingthe leis an aonad rialaithe is infheidhme, tuairisceofar luach 0x00 le haghaidh gach birt sonraí.

6. **Paraiméadair stórála sonraí OBM**

6.1. Maidir le hinneachar stóráil sonraí ar bord an chórais OBM a úsáidtear chun sonraí OBM a thaifeadadh agus a bhainistiú, déanfar é a stóráil ar an bhfeithicil agus a chur ar fáil, ar éileamh, tríd an bport srathach ar nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí an chórais OBM.

6.2. Maidir le paraiméadar sonraí a shonraítear i scéimrí sonraí OBM a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 7, i gcás nach infheidhme é maidir leis an gcineál gléasra cumhachta feithicle mar a léirítear sna táblaí i bhFoscríbhinní 2 go 5, déanfar luach 0xFF a líonadh isteach i ngach beart sonraí neamhúsáidte.

6.3. Déanfar luachanna 0x00 a líonadh isteach i mbearta sonraí neamhúsáidte de chuid paraiméadar sainithe an mhonaróra agus an leithdháilte sonraí fhorchoimeádta.

6.4. Sula ndéantar gach paraiméadar is infheidhme a ríomh den chéad uair ó monaraíodh an fheithicil, sula n-athshocraítear sonraí stóráilte trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid, nó má athshocraítear paraiméadar mar gheall ar theagmhas athcláraithe aonaid rialaithe, nó athsholáthar aonaid rialaithe, glacfar luach réamhshocraithe 0xFF le haghaidh gach birt sonraí mura sonraítear a mhalairt.

6.5. **Turais OBM le déanaí**

6.5.1. Léireofar leis an bparaiméadar 'turais OBM le déanaí' na [deich] bpacáiste sonraí turais OBM is déanaí atá bailí mar a shainmhínítear i mír 8.2 agus mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 6, tábla 6.1.

6.5.2. Déanfar inneachar sonraí gach pacáiste sonraí turais OBM a stóráil chun go gcoinneofar ar bun leagan amach agus ord na bparaiméadar sonraí mar a úsáidtear le haghaidh haiseáil sonraí turais OBM a shainmhínítear i mír 9.6.

6.6. **Scuaine OTA OBM**

6.6.1. Is éard a bheidh sa pharaiméadar 'scuaine OTA OBM' suas le [cúig] phacáiste sonraí turais OBM stóráilte a roghnaíodh le haghaidh tarchur sonraí OTA mar a shainmhínítear i mír 8.3 agus mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 6, tábla 6.2.

6.6.2. Déanfar inneachar sonraí gach pacáiste sonraí turais OBM a stóráil chun go gcoinneofar ar bun leagan amach agus ord na bparaiméadar sonraí mar a úsáidtear le haghaidh haiseáil sonraí turais OBM a shainmhínítear i mír 9.6.

6.6.3. Nuair a dhéantar sonraí OBM a ghlanadh trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid, ní dhéanfar 'scuaine OTA OBM' a athshocrú.

6.7. **Eisbhosca OTA OBM**

6.7.1. Léireofar leis an bparaiméadar 'eisbhosca OTA OBM' pacáiste sonraí 'eisbhosca OTA OBM' mar a shainmhínítear i mír 8.4 agus mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 6, tábla 6.3.

6.7.2. Déanfar inneachar sonraí phacáiste sonraí 'eisbhosca OTA OBM' a stóráil chun go gcoinneofar ar bun leagan amach agus ord na bparaiméadar sonraí mar a úsáidtear iad le haghaidh haiseáil sonraí 'eisbhosca OTA OBM' a thuairiscítear i mír 9.8.

6.8. **An tarchur OBM is déanaí**

6.8.1. Léireofar leis an bparaiméadar 'an tarchur OBM is déanaí' 'an tarchur OBM is déanaí' atá stóráilte mar a shainmhínítear i mír 8.5. agus mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 6, tábla 6.4.

6.8.2. Mar dhíolúine ó na coinníollacha athshocraithe a shonraítear sna caighdeáin dá dtagraítear i gCuid A, a luaithe a bheidh an fheithicil i mbun seirbhíse, caomhnófar inneachar an pharaiméadair 'an tarchur OBM is déanaí' agus ní athshocrófar é nuair a athshocrófar sonraí feithicle trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid.

6.9. **Haisliosta OBM tarchurtha**

6.9.1. Léirítear le hinneachar sonraí an pharaiméadair 'haisliosta OBM tarchurtha' inneachar an 'haisliosta OBM tarchurtha' stóráilte mar a shainmhínítear i mír 8.6 agus mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 6, tábla 6.5. Déanfar inneachar 'haisliosta OBM tarchurtha' a stóráil i gcuimhne neamhluaineach. Léireofar luach 0xFF le bearta sonraí atá fós gan líonadh ó monaraíodh an fheithicil.

6.9.2. Mar dhíolúine ó na coinníollacha athshocraithe a shonraítear sna caighdeáin dá dtagraítear i gCuid A, a luaithe a bheidh an fheithicil i mbun seirbhíse, caomhnófar inneachar an pharaiméadair 'haisliosta OBM tarchurtha'. I gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, ní athshocrófar na luachanna stóráilte tar éis nuashonruithe bogearraí aonaid rialaithe ná ní athshocrófar iad nuair a athshocrófar sonraí feithicle trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid. Ní fhéadfar inneachar an 'haisliosta OBM tarchurtha' a athshocrú chuig 0xFF ach amháin i gcás athsholáthar na n-aonad rialaithe ábhartha.

CUID B

Próiseáil ar bord sonraí OBM

Áirítear na gnéithe seo a leanas i bpróiseáil ar bord sonraí OBM:

— paraiméadair sonraí turais OBM a ríomh le haghaidh gach turais OBM agus paraiméadair OBM eile a ríomh;

— stóráil agus próiseáil ar bord sonraí OBM thar thaiscí cuimhne tiomnaithe ar bord na feithicle;

— haiseáil sonraí OBM chun haisluachanna a ríomh le haghaidh tacair shonracha sonraí OBM. Tacaítear leis sin le roghnú sonraí OBM lena dtarchur thar an líonra níos déanaí agus le sláine sonraí OBM a fhíorú.

Déantar achoimre ghrafach ar na gnéithe sin i sreabhchairt i bhFoscríbhinn 8.

7. **Paraiméadair OBM a ríomh**

7.1. Áiritheofar le córas OBM go ndéanfar na paraiméadair a liostaítear i bhFoscríbhinní 2 go 5 (seachas iad siúd arb é atá iontu luachanna statacha) a ríomh de réir a sonraíochta teicniúla agus de réir na gceanglas a leagtar amach sa mhír seo. Féadfar paraiméadair nach bhfuil infheidhme maidir le teicneolaíocht gléasra cumhachta na feithicle a fhágáil ar lár.

7.2. **Paraiméadair sonraí turais OBM a ríomh**

7.3. Ar theacht i gcrích do gach turas OBM (ceann an turais), tabharfaidh an córas OBM an ríomh chun críche agus taifeadfaidh sé gach paraiméadar turais ábhartha a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 2.

7.4. Féadfar ríomh pharaiméadair sonraí turais OBM a fhágáil ar lár má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

— is lú ná 0,1 km 'fad turais OBM' (paraiméadar 2.2) ag deireadh an turais OBM.

— baineann 'fad turais OBM' (paraiméadar 2.2), 'am turais OBM' (paraiméadar 2.3) nó 'Am réchasta' (paraiméadar 2.4) a n-uasluachanna amach le linn an turais OBM.

— cuirtear tús le turas nua OBM sula mbeidh ríomh na bparaiméadar sonraí turais agus haiseáil shonraí an turais OBM curtha i gcrích.

7.5. I gcás nach mbeidh ríomh pharaiméadair sonraí turais OBM curtha i gcrích, féadfar sonraí ón turas a dhiúscairt agus féadfar nach stórálfar ar bord na feithicle iad. Cuimseofar sonraí ó thurais dhiúscartha sa nuashonrú ar pharaiméadair saolré OBM mar a shainmhínítear i mír 7.7.

7.6. Nuair a bheidh ríomh na bparaiméadar sonraí turais curtha i gcrích, déanfaidh córas OBM sonraí an turais OBM a haiseáil de réir mhír 9.6. Déanfar ríomh pharaiméadair sonraí turais OBM agus haiseáil shonraí an turais OBM a chur i gcrích 10 soicind ar a dhéanaí tar éis dheireadh an turais OBM.

7.7. **Paraiméadair saolré OBM a ríomh**

7.8. Uair amháin ar a laghad tar éis dheireadh gach turais OBM, déanfaidh an OBM paraiméadair saolré OBM a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 3 a nuashonrú i gcomhréir leis na sonraíochtaí agus na rialacha maidir le hathshocrú a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3 agus i mír 3.

8. **Stóráil agus próiseáil ar bord sonraí OBM**

8.1. Bainfidh an córas OBM úsáid as na taiscí cuimhne a thuairiscítear i míreanna 8.2 go 8.6 chun tacú le próiseáil ar bord sonraí OBM. Léireoidh inneachar na dtaiscí cuimhne sin na paraiméadair a thuairiscítear i mír 6.

8.2. **Turais OBM le déanaí**

8.2.1. Le taisce chuimhne 'turais OBM le déanaí' stórálfar pacáistí sonraí turais OBM le haghaidh na 10 dturas OBM is déanaí.

8.2.2. Déanfar sonraí OBM le haghaidh turais le déanaí a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Nuair a chuirtear pacáiste nua sonraí turais OBM le taisce chuimhne 'turais OBM le déanaí', scriosfar an pacáiste sonraí turais OBM is sine seachas má tá suímh fholmha ar fáil.

8.3. **Scuaine OTA OBM**

8.3.1. Leis an taisce chuimhne 'scuaine OTA OBM' stórálfar suas le 5 phacáiste sonraí turais OBM a roghnaíodh lena dtarchur thar an líonra mar a shainmhínítear i mír 9.7.

8.3.2. I gcás inar roghnaíodh pacáiste sonraí turais OBM lena tharchur thar an líonra (OTA) de réir mhír 9.7, déanfaidh an córas OBM an pacáiste sonraí turais OBM sin a chóipeáil chuig 'scuaine OBM OTA'.

8.3.3. Déanfaidh an córas OBM faireacháin ar cé acu atá nó nach bhfuil an scuaine lán.

— Mura bhfuil sé lán, leanfaidh an córas OBM de phacáistí sonraí turais OBM ina dhiaidh sin a chur leis go dtí go mbeidh sé lán.

— Nuair a bheidh 'scuaine OTA OBM' lán, aistreoidh córas OBM inneachar 'scuaine OTA OBM' chuig 'eisbhosca OTA OBM' agus glanfaidh sé inneachar 'scuaine OTA OBM'.

8.4. **Eisbhosca OTA OBM**

8.4.1. Úsáidfear an taisce chuimhne 'eisbhosca OTA OBM' chun sonraí OBM a ullmhú lena dtarchur thar an líonra.

8.4.2. Tar éis inneachar 'scuaine OTA OBM' a aistriú, cuirfidh an córas OBM na paraiméadair bhreise seo a leanas i gceangal le 'eisbhosca OTA OBM':

— Paraiméadair saolré OBM ó Fhoscríbhinn 3;

— Paraiméadair airíonna eisbhosca OBM ó Fhoscríbhinn 4;

— Paraiméadair marthanachta ceallraí ó Fhoscríbhinn 5;

— Inneachar na taisce cuimhne 'haisliosta OBM tarchurtha'.

8.4.3. Is iad na luachanna paraiméadair a bheidh i gceangal le 'eisbhosca OTA OBM' na luachanna paraiméadair tráth a dhéantar 'scuaine OTA OBM' a chóipeáil chuig 'eisbhosca OTA OBM'.

8.4.4. Maidir le paraiméadair nach gceanglaítear a ríomh bunaithe ar an gcineál gléasra cumhachta, glacfar luach réamhshocraithe 0xFF le haghaidh gach birt sonraí.

8.4.5. Tar éis na sonraí breise sin a chur i gceangal, déanfaidh an córas OBM an haiseáil ar inneachar eisbhosca OTA OBM de réir mhír 9.8. Nuair a spreagtar, de dheasca 'scuaine OTA OBM' a bheith lán, aistriú pacáistí nua sonraí turais OBM chuig 'eisbhosca OTA OBM' sula mbeidh tarchur 'eisbhosca OTA OBM' curtha i gcrích agus glanta ina dhiaidh sin, scriosfar luachanna paraiméadair reatha 'eisbhosca OTA OBM' sula gcóipeálfar isteach inneachar an 'scuaine OTA OBM' is déanaí. Sa chás sin, déanfar 'áiritheoir forscríofa eisbhosca OTA OBM' a thuairiscítear i mír 1.12. a incrimintiú faoina haon.

8.5. **An tarchur OBM is déanaí**

8.5.1. Sa taisce chuimhne 'an tarchur OBM is déanaí', stórálfar an pacáiste sonraí 'eisbhosca OTA OBM' a chomhfhreagraíonn don tarchur is déanaí thar an líonra.

8.5.2. Tar éis 'eisbhosca OTA OBM' a tharchur go rathúil, déanfaidh córas OBM an pacáiste iomlán 'eisbhosca OTA OBM' a chóipeáil chuig an taisce chuimhne 'an tarchur OBM is déanaí'.

8.5.3. Tar éis a fhíorú gur stóráladh an pacáiste sonraí go rathúil sa taisce chuimhne 'an tarchur OBM is déanaí', glanfaidh an córas OBM inneachar 'eisbhosca OTA OBM'.

8.6. **Haisliosta OBM tarchurtha**

8.6.1. Leis an taisce chuimhne 'haisliosta OBM tarchurtha', stórálfar luachanna paraiméadair 'haisluach tarchurtha OBM' ó na cúig phacáiste sonraí 'eisbhosca OTA OBM' is déanaí a tarchuireadh.

8.6.2. Déanfar an taisce chuimhne sin a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Nuair a chuirtear 'haisluach tarchurtha OBM' nua leis an taisce chuimhne, scriostar an 'haisluach tarchurtha OBM' is sine seachas má tá suímh fholmha ar fáil.

8.6.3. Ar tharchur rathúil 'eisbhosca OTA OBM', sábhálfaidh an córas OBM 'haisluach tarchurtha OBM' i 'haisliosta OBM tarchurtha'.

8.6.4. Mar dhíolúine ó na coinníollacha athshocraithe a shonraítear sna caighdeáin dá dtagraítear i gCuid A, a luaithe a bheidh an fheithicil i mbun seirbhíse, caomhnófar inneachar 'haisliosta OBM tarchurtha' mar a thuairiscítear i mír 6.9.

9. **Haiseáil sonraí OBM**

9.1. Cuirfidh an córas OBM an haisfheidhm chaighdeánach a thuairiscítear i mír 9.5 i bhfeidhm chun haisluach sonraí turais OBM a ríomh (de réir mhír 9.6.) agus chun haisluach 'eisbhosca OTA OBM' a ríomh (de réir mhír 9.8.).

9.2. Úsáidfear haisluach sonraí turais OBM chun pacáiste sonraí turais OBM a roghnú lena tharchur thar an líonra níos déanaí mar a shainmhínítear i mír 9.7.

9.3. Féadfar haisluachanna pacáistí sonraí 'eisbhosca OTA OBM' a úsáid chun sláine tharchur na sonraí OBM ó fheithiclí chuig na húdaráis a fhíorú.

9.4. Sula ndéantar haiseáil, ní mór sonraí OBM a struchtúrú de réir scéimrí sonraí OBM dá bhforáiltear i bhFoscríbhinn 7. Maidir leis na paraiméadair sonraí sin a shainmhínítear sna scéimrí sonraí OBM sin nach bhfuil infheidhme maidir leis an gcineál gléasra cumhachta feithicle, líonfaidh an córas OBM gach beart sonraí neamhúsáidte le luach réamhshocraithe 0xFF.

9.5. **Haisfheidhm OBM**

9.5.1. Leis an gcóras OBM, cuirfear próiseas haiseála SHA-256 chun feidhme chun tacú leis na hoibríochtaí haiseála a shonraítear san Iarscríbhinn seo. Déanfar gach oibríocht haiseála ar bord na feithicle i gcomhréir le caighdeáin chripteagrafacha a aithnítear go hidirnáisiúnta chun stóinseacht chripteagrafach, sláine sonraí agus frithsheasmhacht in aghaidh ionramháil neamhúdaraithe a áirithiú.

9.6. **Sonraí turais OBM a haiseáil**

9.6.1. Tar éis paraiméadair sonraí turais OBM a ríomh de réir mhír 7.2, déanfar inneachar sonraí turais OBM a haiseáil bunaithe ar leagan amach scéimre sonraí an turais OBM a shonraítear i bhFoscríbhinn 7 i leith bheart 0 go beart 58. Ní chuirfear an haisfheidhm i bhfeidhm maidir le sonraí turais OBM ar bord na feithicle ach aon uair amháin. Tar éis ríomh an haisluacha le haghaidh sonraí turais OBM, ní cheadófar aon mhodhnú ar an bpacáiste sonraí turais OBM. Ní dhéanfar an beart 'stádas haisbhailíochta turais OBM' ná an paraiméadar 'haisluach turais OBM' a chuimsiú i ríomh an haisluacha.

9.6.2. Déanfar luacha nialais a líonadh isteach i ngach beart sonraí forchoimeádta mura sonraítear a mhalairt.

9.6.3. Tar éis ríomh an haisluacha le haghaidh sonraí turais OBM, ní cheadófar aon mhodhnú ar shonraí turais OBM.

9.6.4. Déanfar an haisluach a bheidh mar thoradh air sin a theascadh agus caomhnófar na ceithre bheart is suntasaí.

9.6.5. Go dtí go dtabharfar ríomh na haisfheidhme chun críche, leis an bparaiméadar 'haisluach turais OBM' stórálfar luach ionadchoinneálaí 0xFFFFFFFF agus léireofar le 'stádas haisbhailíochta turais OBM' go bhfuil ríomh na haisfheidhme neamhiomlán mar a shainmhínítear i mír 2.9.3.

9.6.6. A luaithe a bheidh ríomh na haise curtha i gcrích, déanfar 'haisluach turais OBM' a thabhairt cothrom le dáta leis an haisluach teasctha, agus socrófar 'stádas haisbhailíochta turais OBM' chun a léiriú go bhfuil ríomh 'haisluach turais OBM' curtha i gcrích. Is mar an pacáiste sonraí turais OBM a thagrófar do shonraí críochnaithe turais OBM mar aon leis an 'haisluach turais OBM', sa leagan amach a shonraítear i bhFoscríbhinn 7.

9.7. **Critéar chun sonraí turais OBM a roghnú lena dtarchur thar an líonra níos déanaí (coinníoll haise)**

9.7.1. An critéar maidir le pacáiste sonraí turais OBM a roghnú lena tharchur thar an líonra níos déanaí, beidh sé bunaithe ar luach an bhirt is lú tábhacht den 'haisluach turais OBM' teasctha a eascraíonn as sin. Más cothrom le 00, 40, 80, nó C0 an luach sin, measfar an haischoinníoll a bheith comhlíonta.

9.7.2. Tar éis sonraí turais OBM a haiseáil de réir mhír 9.6, cinnfidh an córas OBM cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an 'haisluach turais OBM' an haischoinníoll. Má chomhlíontar an coinníoll, roghnaítear pacáiste sonraí turais OBM lena tharchur thar an líonra.

9.8. **Eisbhosca OTA OBM a haiseáil**

9.8.1. Déanfar inneachar 'eisbhosca OTA OBM' a haiseáil bunaithe ar leagan amach scéimre sonraí eisbhosca OTA OBM a shonraítear i bhFoscríbhinn 7 i leith bheart 0 go beart [679]. Ní chuirfear an haisfheidhm i bhfeidhm maidir le hinneachar eisbhosca OTA OBM ar bord na feithicle ach aon uair amháin. Tar éis an haisluach a ríomh le haghaidh eisbhosca OTA OBM, ní cheadófar aon mhodhnú ar an bpacáiste sonraí turais OBM. Ní chuirfear an beart 'stádas haisbhailíochta tarchurtha OBM' ná an paraiméadar 'haisluach tarchurtha OBM' san áireamh i ríomh an haisluacha.

9.8.2. Ní dhéanfar an haisluach a bheidh mar thoradh air sin a theascadh agus déanfar é a stóráil ina fhad iomlán arb é atá ann 32 bheart.

9.8.3. Go dtí go dtabharfar ríomh na haise chun críche, leis an bparaiméadar 'haisluach tarchurtha OBM' stórálfar luach ionadchoinneálaí agus gach beart sonraí socraithe chuig luach 0xFF agus léireofar le 'stádas haisbhailíochta turais OBM' go bhfuil ríomh na haisfheidhme neamhiomlán mar a shainmhínítear i mír 4.4.

9.8.4. A luaithe a bheidh ríomh na haise curtha i gcrích, déanfar ‘haisluach tarchurtha OBM’ a thabhairt cothrom le dáta leis an haisluach ríofa, agus socrófar ‘stádas haisbhailíochta tarchurtha OBM’ chun a léiriú go bhfuil ríomh ‘haisluach tarchurtha OBM’ curtha i gcrích. Is mar phacáiste sonraí ‘eisbhosca OTA OBM’ a thagrófar don ‘eisbhosca OTA OBM’ atá curtha i gcrích mar aon le ‘haisluach tarchurtha OBM’, sa leagan amach a shonraítear i bhFoscríbhinn 7.

CUID C

Tarchur sonraí OBM thar an líonra

10. **Tarchur sonraí OBM thar an líonra**

10.1. Nuair a bheidh ríomh na haise ‘eisbhosca OTA OBM’ curtha i gcrích mar a shainmhínítear i mír 9.8 tarchuirfidh an córas OBM an pacáiste sonraí ‘eisbhosca OTA OBM’ trí úsáid a bhaint as cumarsáid thar an líonra chuig freastalaí an mhonaróra.

10.2. Féadfar moill a chur ar tharchur sonraí go dtí cibé am a bheidh coinníollacha oiriúnacha ann chun tacú le tarchur sonraí. Féadfaidh an fheithicil pacáiste sonraí ‘eisbhosca OTA OBM’ a tharchur níos mó ná aon uair amháin chuig freastalaí an mhonaróra chun tacú le tarchur rathúil.

10.3. Coinneoidh pacáistí sonraí ‘eisbhosca OTA OBM’ struchtúr agus inneachar bheart 0 go beart [712] mar a shainmhínítear i scéimre sonraí ‘eisbhosca OTA OBM’ i bhFoscríbhinn 7 lena dtarchur go hanaithnid chuig freastalaí an údaráis agus lena rochtain trí phort OBD.

10.4. Tabharfaidh monaróirí tuairisc shoiléir don údarás cineálcheadaithe tráth an chineálcheadaithe ar pharaiméadair turais OBM ‘forchoimeádta ag an monaróir’, ar pharaiméadair ‘eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir’ agus ar an sainmhíniú ar ‘uimhir an leagain OBM’. Roinnfear an fhaisnéis chéanna mar chuid den phróiseas cumarsáide sonraí.

10.5. Sula gcuirfear sonraí OBM faoi bhráid fhreastalaí an údaráis, cuirfidh an monaróir na haitheantóirí aicmí feithiclí a liostaítear i 10 dTábla 1 i gceangal chun go mbeidh na húdaráis in ann cineál agus leagan na feithicle, na hainmniúcháin aicmí is infheidhme agus an fhaisnéis fhorlíontach is infheidhme maidir leis an gcineálcheadú feithicle a chinneadh.

Tábla10.1

Sainaitheantóirí aicmí feithiclí

Aitheantóir aicme feithicle	Aitheantóir
Cineál feithicle	Réimse Deimhnithe Comhréireachta 0.2.
Athraitheach feithicle	Réimse Deimhnithe Comhréireachta 0.2.
Leagan feithicle	Réimse Deimhnithe Comhréireachta 0.2.
Cód cineálcheadaithe feithicle iomláine	Réimse Deimhnithe Comhréireachta 0.11(b).
Aicme PEMS	Réimse Deimhnithe Comhréireachta 0.2.3.3.
Aicme OBM	Forchoimeádta
Aicme marthanachta ceallraí	Forchoimeádta
Dáta an mhonaraithe	0.11.
Tomhaltas fuinnimh is measa d’aicme i gcuid B	Forchoimeádta
Aitheantóir aicme i gcuid A	Forchoimeádta

Mura bhfuil aon aitheantóir aicme infheidhme maidir leis an gcineál feithicle, is éard a bheidh scríofa ‘FAIC’.

Foscríbhinn 1

Paraiméadair OBM chun tacú le tástáil feithiclí

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Riachtanach le haghaidh Sruth sonraí meandrach
Paraiméadair Ghinearálta			
1.1	An líon cód diagnóise fabht (DTCanna)	An líon lochtchód 'TM casta air' atá stóráilte	-
1.2	Stádas TM	Stádas an Táscaire Mífheidhme	Is ea
1.3	Teocht an fhuartháin innill	Teocht an fhuartháin innill arna díorthú ó theocht an fhuartháin innill, ó theocht cheann an tsorcóra nó ó bhraiteoir eile is infheidhme	Is ea
1.4	Luas innill	Imrothluithe in aghaidh an nóiméid de chuid chromfhearsaid an innill	Is ea
1.5	Luach ualaigh ríofa	Céatadán den chasmhóimint innill uasta atá ar fáil. Ríomhfar an luach ualaigh ríofa bunaithe ar chasmhóimint innill reatha/buaic-chasmhóimint an innill @STP mar fheidhm de chuid luas an innill	Is ea
1.6	Luas na feithicle	Luas bóthair na feithicle	Is ea
1.7	Teocht chomhthimpeallach	Teocht chomhthimpeallach. Má dhéantar an paraiméadar a sholáthraítear a mheas nó a shamhaltú de ghnáth ó bhraiteoirí nó ó chomharthaí eile, soláthrófar an luach a úsáidtear chun comharthaí sonraí turais OBM a ríomh	Is ea
1.8	Aerbhrú comhthimpeallach	Brú comhthimpeallach / baraiméadrach. Má dhéantar an paraiméadar a sholáthraítear a mheas nó a shamhaltú de ghnáth ó bhraiteoirí nó ó chomharthaí eile, soláthrófar an luach a úsáidtear chun comharthaí sonraí turais OBM a ríomh	Is ea
1.9	Ráta breosla na feithicle / an innill	Breosla a instealltar san inneall / iarchóireáil	Is ea
1.10	Bratach AES / uaineadóir	Faisnéis stádais chun a chur an iúl go bhfuil AES gníomhach	-
1.11	Sreabhadh maise sceite - sceithphíopa	Ráta an tsreafa maise sceite ag an sceithphíopa mar a shainmhínítear i mír 1.3	Is ea
Paraiméadair astaíochtaí sceite			
1.12	Tiúchan(tiúchaintí) braiteora NOx	Comhartha(í) braiteora NOx a dhíorthaíonn ó bhraiteoirí fisiciúla atá suiteáilte ar an bhfeithicil Féadfaidh monaróirí amhchomharthaí agus/nó comharthaí cúititheach a sholáthar de réir mar is iomchuí chun tacú le tástáil agus deisiú	Is ea

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Riachtanach le haghaidh Sruth sonraí meandrach
1.13	Tiúchan NOx an sceithphíopa	Tiúchan iomlán measta / tomhaiste d'astaíochtaí NOx ag an sceithphíopa mar a shainmhínítear i mír 1.4	Is ea
1.14	Stádas samhaltaithe thiúchan NOx an sceithphíopa	Stádas samhaltaithe an chomhartha 'Tiúchan NOx an sceithphíopa', mar a shainmhínítear i mír 1.5	Is ea
1.15	Sreabhadh maise NOx an sceithphíopa	Mais iomlán mheasta / thomhaiste astaíochtaí NOx ag an sceithphíopa mar a shainmhínítear i mír 1.6	Is ea
1.16	Stádas samhaltaithe shreabhadh maise NOx an sceithphíopa	Stádas samhaltaithe an chomhartha 'sreabhadh maise NOx an sceithphíopa', mar a shainmhínítear i mír 1.5	Is ea
1.17	Aschur an bhraiteora PM	Luach(a) aschuir an bhraiteora/na mbraiteoirí maise cáithníní is infheidhme maidir leis an gcineál braiteora atá suiteáilte ar an bhfeithicil	Is ea
1.18	Stádas an bhraiteora PM	Stádas oibríocht an bhraiteora PM	Is ea
Paraiméadair NOx le mais an bhreosla			
1.19	NOx carnach – 100 km	Iomlán na maise NOx (g) a astaítear le linn na tréimhse reatha NOx le mais an bhreosla 100 km arna tiomáint, mar a shainmhínítear i mír 1.7	-
1.20	Mais charnach an bhreosla – 100 km	Breosla iomlán a dhóitear (kg) le linn na tréimhse reatha NOx le mais an bhreosla 100 km arna tiomáint, mar a shainmhínítear i mír 1.7	-
1.21	Fad carnach – 100 km	Fad iomlán a thiomáintear (km) le linn na tréimhse reatha NOx le mais an bhreosla 100 km arna tiomáint, mar a shainmhínítear i mír 1.7	-
1.22	Cóimheas NOx le mais an bhreosla (0)	An cóimheas ríofa idir astaíochtaí NOx agus breosla a ídítear thar 100 km (0), mar a shainmhínítear i mír 1.7	-
1.23	Cóimheas NOx le mais an bhreosla (1)	An cóimheas ríofa idir astaíochtaí NOx agus breosla a ídítear thar 100 km (1), mar a shainmhínítear i mír 1.7	-
1.24	Cóimheas NOx le mais an bhreosla (2)	An cóimheas ríofa idir astaíochtaí NOx agus breosla a ídítear thar 100 km (2), mar a shainmhínítear i mír 1.7	-
1.25	Cóimheas NOx le mais an bhreosla (3)	An cóimheas ríofa idir astaíochtaí NOx agus breosla a ídítear thar 100 km (3), mar a shainmhínítear i mír 1.7	-
1.26	Cóimheas NOx le mais an bhreosla (4)	An cóimheas ríofa idir astaíochtaí NOx agus breosla a ídítear thar 100 km (4), mar a shainmhínítear i mír 1.7	-
1.27	Meán an chóimheasa NOx le mais an bhreosla	Léireofar leis an bparaiméadar an meánluach a bhaineann leis na cúig luach 'cóimheas NOx le mais an bhreosla' (0-4) is déanaí a cuireadh i gcrích, mar a shainmhínítear i mír 1.7	-

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Riachtanach le haghaidh Sruth sonraí meandrach
Paraiméadair stádais athghiniúna iarchóireála			
1.28	Stádas athghiniúna iarchóireála	Stádas athghiniúna iarchóireála	Is ea
1.29	Truicear normalaithe le haghaidh athghiniúint scagaire cáithníní	Truicear normalaithe le haghaidh feidhmeanna athghiniúna scagaire cáithníní gníomhacha (PF) a úsáidtear ar an bhfeithicil	Is ea
1.30	Meánfhad athghiniúna scagaire cáithníní	Meánfhad idir athghiniúintí scagairí cáithníní	-
Paraiméadair chóras rialaithe NOx			
1.31	Stádas oibriúcháin iarchóireála	Stádas oibriúcháin iarchóireála, mar a shainmhínítear i mír 1.8	Is ea
1.32	Staid aslaigh SCR	Fíorstaid an chórais aslaigh SCR	-
1.33	Meánídiú imoibrí	Meánídiú imoibrí iarchóireála	-
1.34	Meánéileamh imoibrí	Meánídiú an imoibrí iarchóireála a éilítear	-
1.35	Leibhéal an umair imoibrí	Leibhéal an umair imoibrí	-
1.36	Catalaíoch SCR sprioc NH_3	Catalaíoch sprice SCR stóráil NH_3	-
1.37	Catalaíoch SCR stóráil NH_3	Fíorchatalaíoch / catalaíoch shamhaltaithe SCR stóráil NH3	-
Paraiméadair an chórais leictrigh[1]			
1.38	Voltas Córais Ceallra Feithicle Hibridí/FL	Voltas an chórais stórála fuinnimh in-athluchtaithe	Is ea
1.39	Sruth Córais Ceallra Feithicle Hibridí/FL	Sruth an chórais stórála fuinnimh in-athluchtaithe	Is ea
1.40	Sonraí teochta ceallra feithicle hibridí/FL	Sonraí teochta an chórais stórála fuinnimh in-athluchtaithe chun íosteocht, uasteocht, meánteocht agus teocht reatha an cheallra, agus teochta fhuarthán an cheallra agus staid reatha rialú teirmeach an cheallra a chur san áireamh, de réir mar is infheidhme maidir leis an bhfeidhm	-
1.41	Voltas an cheallra ísealvoltais	Voltas an chórais modúil rialaithe	Is ea
1.42	Lucht córais ceallra Feithicle Hibridí/FL atá fágtha (Staid Luchta (SOC))	An leibhéal luchta atá fágtha le haghaidh ceallra-phaca a úsáidtear le haghaidh tiomána, arna shloinneadh mar chéatadán d'iomlán fhuinnimh inúsáidte an cheallra	Is ea

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Riachtanach le haghaidh Sruth sonraí meandrach
1.43	Suíomh an luasaire	Taispeánfar suíomh coibhneasta an luasaire nó suíomh an luasaire 'a foghlaimíodh' mar luach normalaithe	Is ea
1.44	Fuinneamh carnach córais ceallra Feithicle Hibridí/FL	Ídiú fuinnimh an chórais ceallra charnaigh don soicind deireanach	Is ea
Paraiméadair stádais córais OBM			
1.45	Stádas córais aslaigh OBM	Stádas an chórais aslaigh OBM mar a shainmhínítear i mír 1.9	-
1.46	Stádas crioscaíola féideartha	Stádas an bhraite crioscaíola feithicle mar a shainmhínítear i mír 1.10	-
1.47	Stádas faireacháin ar NOx	Stádas faireacháin le haghaidh NOx de réir Airteagal 5	-
1.48	Stádas faireacháin ar PM	Stádas faireacháin le haghaidh PM de réir Airteagal 5	-
1.49	Stádas faireacháin cineálach	Stádas cineálach faireacháin de réir Airteagal 5	-
Áiritheoirí EEEDWS			
1.50	Fad rabhaidh OBM	Áiritheoir chun fad rabhaidh a rianú mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, mír 2.2.4	-
1.51	Fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin	An fad a tiomáineadh ó bhí gach stádas faireacháin cothrom le 'normálta' nó 'idirmheánach', mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, mír 2.2.5	-
1.52	Fad aslaigh reatha OBM	An fad a taistealaíodh sa tréimhse aslaigh reatha, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, mír 2.2.7	-
1.53	An fad ó athshocraíodh DTC	An fad a carnadh ón uair is déanaí a rinneadh cóid diagnóise fabht a ghlanadh le huirlis scanta chineálach nó le huirlis seirbhíse	-
1.54	An fad a thaistealaítear agus TM gníomhachtaithe	An fad a thaistealaítear agus TM gníomhachtaithe	-
1.55	Áiritheoir forscríofa eisbhosca OTA OBM	An líon uaireanta a fhorscríobhtar 'eisbhosca OTA OBM' ón uair is déanaí a rinneadh fabhtanna a ghlanadh mar a shainmhínítear i mír 1.12	-

Nótaí

(1) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le OVC-HEV, PEV agus FCV/FCHV

Foscríbhinn 2

Paraiméadair turais OBM

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1] / ábharthacht maidir le OBFCM[2]
2.1	Luach odaiméadar na feithicle	Luach odaiméadar na feithicle, mar a shainmhínítear i mír 2.5	km	0/429 496 729,5		4	Gach ceann / is ea
2.2	Fad turais OBM	Fad iomlán a thiomáintear le linn an turais OBM, mar a shainmhínítear i mír 2.5	km	0/6 553,5		2	Gach ceann / is ea
2.3	Am an turais OBM	Fad an turais OBM	s	0/65 535		2	Gach ceann / is ea
2.4	Am réchasta	Tréimhse charntha oibriú an innill agus é réchasta le linn an turais OBM, mar a shainmhínítear i mír 2.6	s	0/65 535	1	2	A[3], B[3], C[3] / is ea
2.5	NOx fadsonrach	Meánastaíochtaí maise NOx le linn an turais OBM, mar a shainmhínítear i mír 2.7	mg/km	0/6 553,5		2	A[3], B[3] C[3] / ní hea
2.6	Toirt an bhreosla ídithe – turas OBM	Breosla iomlán a ídíonn an fheithicil / an t-inneall le linn an turais OBM	L	0/655,35	0.01	2	A[3], B[3], C[3] / is ea
2.7	Glanfhuinneamh leictreach ídithe – turas OBM	Glanfhuinneamh leictreach iomlán infheithicle a ídítear le linn thréimhse an turais OBM le linn don chóras tiomána a bheith gníomhach Léireoidh an luach seo an fuinneamh díluchtaithe carnach a bhraitheann an córas stórála fuinnimh	kWh	0/6 553,5	0.1	2	C[3], D[3], E[3] / is ea
2.8	Glanfhuinneamh leictreach isteach sa cheallra – turas OBM	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra hibrideach/FL thar thréimhse an turais OBM le linn don chóras tiomána a bheith gníomhach, gan aon fhuinneamh a áireamh nuair atá luchtaire seachtrach nasctha leis an bhfeithicil	kWh	0/6 553,5	0.1	2	C[3], D[3], E[3] / is ea

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1] / ábharthacht maidir le OBFCM[2]
2.9	Cóimheas an fhaid athghiniúna	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear le hathghiniúint iarchóireála ghníomhach amháin ar a laghad, mar a shainmhínítear i mír 2.8.2	%	0/100	2,55[-1]	1	A[3], B[3], C[3] / is ea
2.10	Cóimheas faid AES a ndéantar faireachán air	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear agus AES amháin ar a laghad a ndéantar faireachán air gníomhach, mar a shainmhínítear i mír 2.8.2	%	0/100	2,55[-1]	1	A, B, C / ní hea
2.11	Cóimheas imoibrí coiscthe	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear agus seachadadh imoibrí coiscthe mar gheall ar dhálaí comhshaoil, mar a shainmhínítear i mír 2.8.2	%	0/100	2,55[-1]	1	A[3], B[3], C[3] / ní hea
2.12	Cóimheas sonraí samhaltaithe	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear i gcás ina ríomhtar na sonraí maidir le hastaíochtaí fadsonracha gan ionchur gníomhach ó bhraiteoir NOx, mar a shainmhínítear i mír 2.8.2	%	0/100	1	1	A, B, C / ní hea
2.13	Luas – cóimheas mall uirbeach	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear i ndálaí luais mhall uirbeacha, mar a shainmhínítear i mír 2.8.3	%	0/100	2,55[-1]	1	Gach ceann / is ea
2.14	Luas – cóimheas uirbeach	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear i ndálaí luais uirbigh, mar a shainmhínítear i mír 2.8.3	%	0/100	2,55[-1]	1	Gach ceann / is ea
2.15	Luas – cóimheas tuaithe	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear i ndálaí luais tuaithe, mar a shainmhínítear i mír 2.8.3	%	0/100	2,55[-1]	1	Gach ceann / is ea
2.16	Luas – cóimheas mótarbhealaigh	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear i ndálaí luais mótarbhealaigh, mar a shainmhínítear i mír 2.8.3	%	0/100	2,55[-1]	1	Gach ceann / is ea
2.17	Fad le FL – cóimheas	Céatadán d'fhad an turais OBM a thiomáintear gan an t-inneall a úsáid, mar a shainmhínítear i mír 2.8.4	%	0/100	2,55[-1]	1	C[3], D, E / is ea

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1] / ábharthacht maidir le OBFCM[2]
2.18	Teocht chomhthimpeallach – cóimheas íseal	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear ag teocht chomhthimpeallach íseal, mar a shainmhínítear i mír 2.8.5	%	0/100	$2{,}55^{-1}$	1	Gach ceann / is ea
2.19	Teocht chomhthimpeallach – cóimheas ard	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear ag teocht chomhthimpeallach ard, mar a shainmhínítear i mír 2.8.5	%	0/100	$2{,}55^{-1}$	1	Gach ceann / is ea
2.20	Airde – cóimheas ard	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear ag airde ard, mar a shainmhínítear i mír 2.8.5	%	0/100	$2{,}55^{-1}$	1	A, B, C / is ea
2.21	Cóimheas lasmuigh de dhálaí comhthimpeallacha breisithe	Céatadán d'fhad an turais a thiomáintear lasmuigh de dhálaí comhthimpeallacha fíorastaíochtaí breisithe, mar a shainmhínítear i mír 2.8.5	%	0/100	$2{,}55^{-1}$	1	Gach ceann / is ea
2.22	Stádas TM (deireadh an turais)	Stádas TM ag deireadh an turais agus staid earráide le linn an turais, mar a shainmhínítear i mír 2.8.6	-	-	-	1	A, B, C, D[3], E[3]/ ní hea
2.23	Cóimheas NOx le mais an bhreosla (0) (deireadh an turais)	Luach pharaiméadar 1.22 ag deireadh an turais OBM	g/kg	0/200		2	A, B, C / ní hea
2.24	Staid aslaigh SCR (deireadh an turais)	Beart A de 'fíorstaid an chórais aslaigh SCR' a mhacasamhlú mar a cheanglaítear le Rialachán Uimh. 154[4] ó na Náisiúin Aontaithe, Foscríbhinn 6, mír 7, ag deireadh an turais OBM	-			1	A[3], B[3], C[3] / ní hea
2.25	Stádas faireacháin NOx (deireadh an turais)	Stádas faireacháin OBM le haghaidh NOx, mar a shainmhínítear i mír 2.9	-			1	A, B, C / ní hea
2.26	Stádas faireacháin PM (deireadh an Turais)	Stádas faireacháin OBM le haghaidh PM, mar a shainmhínítear i mír 2.9	-			1	A, B, C / ní hea
2.27	Stádas faireacháin cineálach (deireadh an turais)	Stádas faireacháin OBM le haghaidh 'cineálach', mar a shainmhínítear i mír 2.9	-			1	A, B, C / ní hea

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1] / ábharthacht maidir le OBFCM[2]
2.28	Stádas aslaigh OBM (deireadh an turais)	Stádas an chórais aslaigh OBM mar a shainmhínítear i mír 2.9	-			5/8	A, B, C / ní hea
2.29	Stádas crioscaíola féideartha (deireadh an turais)	Stádas crioscaíola féideartha (paraiméadar 1.46) ag deireadh an turais OBM, mar a shainmhínítear i mír 2.9	-			3/8	A, B, C / ní hea
2.30	Forchoimeádta ag an monaróir #0	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #1	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #2	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #3	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #4	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #5	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #6	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #7	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #8	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -
	Forchoimeádta ag an monaróir #9	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir, mar a shainmhínítear i mír 2.9.2	-	-	-	1	Gach ceann / -

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1] / ábharthacht maidir le OBFCM[2]
2.31	Stádas haisbhailíochta turais OBM	Stádas haisfheidhm an turais a cuireadh i gcrích, mar a shainmhínítear i mír 2.9.3	-	0/255	-	1	Gach ceann / ní hea
2.32	Haisluach turais OBM	An 32 ghiotán is suntasaí de chuid haisluach an turais OBM mar a shainmhínítear i mír 2.9.4	-	0/4 294 967 295	-	4	Gach ceann / ní hea

Nótaí

(1) A: ICEV; B: NOVC-HEV; C: OVC-HEV; D: PEV; E: FCV/FCHV

(2) I ndáil le hAirteagal 16

(3) Is infheidhme má tá an teicneolaíocht feistithe ar an bhfeithicil. Seachas sin, tuairisceofar luach 0xFF

(4) Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le feithiclí saothair éadroim a cheadú i dtaca le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus ídiú breosla agus/nó i dtaca le hídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a thomhas (WLTP), sraith leasuithe 02 (IO L, 2022/2124, 10.11.2022, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2124/oj). I gcás Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe, léiríonn an tsraith leasuithe a luaitear an leagan a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. De rogha air sin, glacfar le comhlíonadh sraith leasuithe a glacadh tar éis na sraithe áirithe a léirítear.

Foscríbhinn 3

Paraiméadair saolré OBM

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1] / ábharthacht maidir le OBFCM[2]
3.1	Mais NOx (saolré)	Iomlán na n-astaíochtaí sceithphíopa NOx le linn na saolré, mar a shainmhínítear i mír 3.5	kg	0/4 294 967,295	0.001	4	A, B, C / ní hea
3.2	Breosla iomlán a ídítear – (saolré) [4]	Breosla iomlán a ídíonn an fheithicil le linn a saolré	l	0/42 949 672,95	0.01	4	A, B, C / is ea
3.3	Fad iomlán a thaistealaítear – OBFCM (saolré)	Fad iomlán a thaistealaítear le linn shaolré na feithicle, is infheidhme maidir le luachanna stóráilte na saolré (OBFCM)	km	0/429 496 729,5	0.1	4	Gach ceann / is ea
3.4	Fad iomlán a thaistealaítear – OBM (saolré)	Fad iomlán a thaistealaítear le linn shaolré na feithicle, is infheidhme maidir le luachanna saolré stóráilte (OBM)	km	0/429 496 729,5	0.1	4	Gach ceann / ní hea
3.5	Luach odaiméadair	Fad iomlán a thaistealaítear le linn shaolré na feithicle arna léiriú d'úsáideoir na feithicle, mar a shainmhínítear i mír 3.6	km	0/429 496 729,5	0.1	4	Gach ceann / is ea
3.6	Fad iomlán a thaistealaítear – FL (saolré)	Fad iomlán a thaistealaítear gan an t-inneall a úsáid le linn shaolré na feithicle, mar a shainmhínítear i mír 3.7	km	0/429 496 729,5	0.1	4	C[3], D, E / is ea
3.7	Fad rabhaidh OBM (saolré)	An fad a thiomáintear le haon stádas faireacháin amháin nó níos mó cothrom le 'Earráid' le linn shaolré na feithicle, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, mír 2.2.4	km	0/65 535	1	2	A, B, C / ní hea
3.8	Fad aslaigh OBM (saolré)	Áiritheoir chun an fad a thaistealaítear i modh aslaigh le linn shaolré na feithicle a léiriú, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, mír 2.2.8	km	0/65 535	1	2	A, B, C / ní hea
3.9	Áiritheoir athshocraithe stádais faireacháin OBM (saolré)	An líon uaireanta a athshocraíodh stádais faireacháin / cóid diagnóise fabht mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, mír 2.2.6	-	0/65 535	1	2	A, B, C /ní hea

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1] / ábharthacht maidir le OBFCM[2]
3.10	Meán an chóimheasa NOx le mais an bhreosla	Macasamhlú pharaiméadar 1.27	g/kg	0/200	$40*13\ 107^{-1}$	2	A, B, C / ní hea
3.11	Luas – cóimheas mall uirbeach – saolré	Céatadán den fhad a thiomáintear le linn shaolré na feithicle i ndálaí luais mhall uirbigh, mar a shainmhínítear i mír 3.8	%	0/100	$2,55^{-1}$	1	Gach ceann / is ea
3.12	Luas – cóimheas uirbeach – saolré	Céatadán den fhad a thiomáintear le linn shaolré na feithicle i ndálaí luais uirbigh, mar a shainmhínítear i mír 3.8	%	0/100	$2,55^{-1}$	1	Gach ceann / is ea
3.13	Luas – cóimheas tuaithe – saolré	Céatadán den fhad a thiomáintear le linn shaolré na feithicle i ndálaí luais tuaithe, mar a shainmhínítear i mír 3.8	%	0/100	$2,55^{-1}$	1	Gach ceann / is ea
3.14	Luas – cóimheas mótarbhealaigh – saolré	Céatadán den fhad a thiomáintear le linn shaolré na feithicle i ndálaí luais mótarbhealaigh, mar a shainmhínítear i mír 3.8	%	0/100	$2,55^{-1}$	1	Gach ceann / is ea
3.15	Luas – lasmuigh den chóimheas breisithe – saolré	Céatadán den fhad a thiomáintear le linn shaolré na feithicle lasmuigh de dhálaí luais breisithe, mar a shainmhínítear i mír 3.8	%	0/100	$2,55^{-1}$	1	Gach ceann / is ea

Nótaí

(1) A: ICEV; B: NOVC-HEV; C: OVC-HEV; D: PEV; E: FCV/FCHV

(2) I ndáil le hAirteagal 16

(3) Is infheidhme má tá an teicneolaíocht feistithe ar an bhfeithicil. Seachas sin, tuairisceofar luach 0xFF

(4) Ní hinfheidhme maidir le breoslaí gásacha

Foscríbhinn 4

Paraiméadair airíonna eisbhosca OBM

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1]
4.1	Uimhir an leagain OBM	Uimhir leagain an chórais OBM atá in úsáid mar a shainmhínítear i mír 4.2	-	0/65 535	1	2	Gach ceann
4.2	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #0	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #1	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #2	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #3	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #4	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #5	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3.	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #6	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #7	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #8	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann
	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #9	Sonraí a shainmhíníonn an monaróir mar a shainmhínítear i mír 4.3	-	0/255	1	1	Gach ceann

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1]
4.3	Stádas haisbhailíochta tarchuir OBM	Stádas haisfheidhm tarchurtha an eisbhosca OBM a cuireadh i gcrích, mar a shainmhínítear i mír 4.4	-	-	1	1	Gach ceann
4.4	Haisluach tarchurtha OBM	Haisluach mar thoradh ar haiseáil ‘eisbhosca OTA OBM’ mar a shainmhínítear i mír 4.5	-	2^{256}	1	32	Gach ceann

Nótaí

(1) A: ICEV; B: NOVC-HEV; C: OVC-HEV; D: PEV; E: FCV/FCHV

Paraiméadair marthanachta ceallraí

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1]
5.1	Luach Staid an Fhuinnimh Dheimhnithe (SOCE) ar bord	Meastachán ar bord ar fheidhmíocht an cheallra arna shloinneadh mar chéatadán d'fhuinneamh inúsáidte an cheallra	%	0/100	$2{,}55^{-1}$	1	C, D
5.2	Luach Staid an Raoin Dheimhnithe (SOCR) ar bord	Meastachán ar bord ar fheidhmíocht an cheallra arna shloinneadh mar chéatadán de raon leictreach deimhnithe na feithicle	%	0/100	$2{,}55^{-1}$	1	C, D
5.3	Fad shaolré an cheallra reatha	An luach odaiméadair a bhaineann le luachanna saolré marthanachta ceallraí, mar a shainmhínítear i mír 5.3	km	0/429 496 729,5	0.1	4	C, D
5.4[2]	Fad fíorúil	Fad fíorúil an chórais fuinnimh, agus úsáid stóráil fuinnimh V2X nach léirítear le hodaiméadar na feithicle á cur i gcuntas	km	0/429 496 729,5	0.1	4	C, D
5.5	Am caite ón uair is déanaí a luchtaíodh an ceallra agus luascadh is mó ná 50 % ar SOC	Am caite ó luchtaíodh an stóráil fuinnimh leictrigh de mhéid is mó ná staid luchta 50 %	laethanta	0/65 535	1	2	C, D
5.6	Meánteocht an cheallra-phaca, gníomhach (saolré)	Meánteocht an cheallra le linn don chóras tiomána a bheith gníomhach	°C	-40/215	1	1	C, D
5.7	Meánteocht an cheallra agus é á luchtú (saolré)	Meánteocht an cheallra le linn luchtaithe	°C	-40/215	1	1	C, D

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Aonad	Íosluach/Uasluach	Taifeach	Méid (bearta)	Gléasraí cumhachta is infheidhme[1]
5.4[2]	Meánteocht an cheallra agus an fheithicil as feidhm (saolré)	Meánteocht an cheallra fad nach bhfuil an fheithicil in úsáid	°C	-40/215	1	1	C, D
5.4[2]	Iomlán an fhuinnimh díluchtaithe in V2X [kWh] (saolré)	Fuinneamh iomlán a sholáthraítear le linn na saolré d'úsáid sheachtrach	kWh	0/429 496 729,5	0.1	4	C, D
5.4[2]	Fuinneamh iomlán a sholáthraítear d'úsáid neamhthiomána (saolré)	Iomlán an fhuinnimh dhíluchtaithe chun críoch neamh-tarraingthe le linn na saolré. Is infheidhme maidir le feithiclí N1, Euro 7ext agus Euro 7Gext amháin agus arna iarraidh sin don mhonaróir	kWh	0/429 496 729,5	0.1	4	C, D
5.11	An tréchur fuinnimh carntha iomlán tríd an stóráil fuinnimh (saolré)	Fuinneamh iomlán a théann amach as an gcóras stórála fuinnimh le linn na saolré le haghaidh úsáidí tiomána agus neamhthiomána	kWh	0/429 496 729,5	0.1	4	C, D
5.12	Stádas athsholáthair ceallra tarraingthe	Beart stádais chun a léiriú gur athsholáthraíodh an ceallra le linn shaolré na feithicle, mar a shainmhínítear i mír 5.4	-	0/-	-	4	C, D

Nótaí

(1) A: ICEV; B: NOVC-HEV; C: OVC-HEV; D: PEV; E: FCV/FCHV

(2) Féadfar é a fhágáil ar lár mura gcuireann an monaróir ríomh fíorúil faid i bhfeidhm

Foscríbhinn 6

Paraiméadair stórála sonraí OBM

Tábla 6.1

Turais OBM le déanaí

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Méid an tsliotáin sonraí (bearta)
6.1.1	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #0	An pacáiste bailí sonraí turais OBM is déanaí (n)	64
6.1.2	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #1	Pacáiste bailí sonraí turais OBM le déanaí (n-1 go n-8)	64
6.1.3	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #2		64
6.1.4	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #3		64
6.1.5	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #4		64
6.1.6	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #5		64
6.1.7	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #6		64
6.1.8	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #7		64
6.1.9	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #8		64
6.1.10	Pacáiste sonraí turais OBM - le déanaí #9	An pacáiste sonraí turais OBM bailí is sine as measc turais le déanaí atá stóráilte (n-9)	64

Tábla 6.2

Sliotáin sonraí scuaine OTA OBM

Tagairt	Ainm	Tuairisc	Méid an tsliotáin sonraí (bearta)
6.2.1	Pacáiste sonraí turais OBM #0	Pacáistí sonraí turais OBM arna roghnú lena dtarchur thar an líonra mar a shainmhínítear i mír 8.3	64
6.2.2	Pacáiste sonraí turais OBM #1		64
6.2.3	Pacáiste sonraí turais OBM #2		64
6.2.4	Pacáiste sonraí turais OBM #3		64
6.2.5	Pacáiste sonraí turais OBM #4		64

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj

Tábla 6.3

Sliotáin sonraí eisbhosca OTA OBM

Tagairt	Ainm	Méid an tsliotáin sonraí (bearta)
6.3.1	Paraiméadair airíonna eisbhosca OBM mar a shainmhínítear i mír 4, ach gan ‘stádas haisbhailíochta tarchurtha OBM’ ná ‘haisluach tarchurtha OBM’ a áireamh	12
6.3.2	Paraiméadair saolré OBM mar a shainmhínítear i mír 3	37
6.3.3	Paraiméadair marthanachta ceallraí mar a shainmhínítear i mír 5	31
6.3.4	‘Sonraí turais eisbhosca OTA OBM’, mar a shainmhínítear i mír 6.6	320
6.3.5	Haisliosta tarchurtha OBM, mar a shainmhínítear i mír 8.6	160
6.3.6	Sonraí forchoimeádta chun eisbhosca OBM a leathnú	120
6.3.7	‘Stádas haisbhailíochta tarchurtha OBM’, mar a shainmhínítear i mír 4.4	1
6.3.8	‘Haisluach tarchurtha OBM’, mar a shainmhínítear i mír 4.5	32

Tábla 6.4

Liosta den tarchur OBM is déanaí

Tagairt	Ainm	Méid an tsliotáin sonraí (bearta)
6.4.1	Pacáiste eisbhosca OTA OBM	713

Tábla 6.5

Sliotáin haisliosta OBM tarchurtha (liosta leanúnach)

Tagairt	Ainm paraiméadair	Méid an tsliotáin sonraí (bearta)
6.5.1	Haisluach tarchurtha OBM #0	32
6.5.2	Haisluach tarchurtha OBM #1	32
6.5.3	Haisluach tarchurtha OBM #2	32
6.5.4	Haisluach tarchurtha OBM #3	32
6.5.5	Haisluach tarchurtha OBM #4	32

Foscríbhinn 7

Scéimrí sonraí OBM

Sula ndéanfaidh an t-aonad rialaithe is infheidhme haiseanna sonraí OBM a ríomh, comhcheanglófar na paraiméadair sonraí is infheidhme san ord a thaispeántar i dtáblaí na foscríbhinne seo chun a áirithiú go mbainfear an úsáid cheart as an struchtúr mórcheannach agus chun modhanna fíoraithe comhsheasmhacha a chumasú.

Tábla 1

Scéimre sonraí an turais OBM

<table>
<tr><td colspan="9">Inneachar an turais OBM (64 bheart san iomlán; léirítear leis na luachanna idir lúibíní [tagairt an pharaiméadair; méid i mbearta]</td></tr>
<tr><td>Bearta sonraí</td><td colspan="8">Paraiméadair turais OBM [64 bheart]</td></tr>
<tr><td>0-7</td><td colspan="4">Luach odaiméadar na feithicle
[tagairt 2.1; 4 bheart]</td><td colspan="2">Fad turais OBM
[tagairt 2.2; 2 bheart]</td><td colspan="2">Am an turais OBM
[tagairt 2.3; 2 bheart]</td></tr>
<tr><td>8-15</td><td colspan="2">Am réchasta
[tagairt 2.4; 2 bheart]</td><td colspan="2">Nox fadsonrach
[tagairt 2.5; 2 bheart]</td><td colspan="2">Toirt an bhreosla ídithe – turas OBM
[tagairt 2.6; 2 bheart]</td><td colspan="2">Glanfhuinneamh leictreach ídithe – turas OBM
[tagairt 2.7; 2 bheart]</td></tr>
<tr><td>16-23</td><td colspan="2">Glanfhuinneamh leictreach isteach sa cheallra – turas OBM
[tagairt 2.8; 2 bheart]</td><td>Cóimheas an fhaid athghiniúna
[tagairt 2.9; 1 bheart]</td><td>Cóimheas faid AES a ndéantar faireachán air
[tagairt 2.10; 1 bheart]</td><td>Cóimheas imoibrí coiscthe
[tagairt 2.11; 1 bheart]</td><td>Cóimheas faid sonraí samhaltaithe
[tagairt 2.12; 1 bheart]</td><td>Luas – cóimheas mall uirbeach
[tagairt 2.13; 1 bheart]</td><td>Luas – cóimheas uirbeach
[tagairt 2.14; 1 bheart]</td></tr>
<tr><td>24-31</td><td>Luas – cóimheas tuaithe
[tagairt 2.15; 1 bheart]</td><td>Luas – cóimheas mótarbhealaigh
[tagairt 2.16; 1 bheart]</td><td>Fad le FL – cóimheas
[tagairt 2.17; 1 bheart]</td><td>Teocht chomhthimpeallach – cóimheas íseal
[tagairt 2.18; 1 bheart]</td><td>Teocht chomhthimpeallach – cóimheas ard
[tagairt 2.19; 1 bheart]</td><td>Airde – cóimheas ard
[tagairt 2.20; 1 bheart]</td><td>Cóimheas lasmuigh de dhálaí breisithe
[tagairt 2.21; 1 bheart]</td><td>Stádas TM (deireadh an turais)
[tagairt 2.22; 1 bheart]</td></tr>
<tr><td>32-39</td><td colspan="2">Cóimheas Nox le mais an bhreosla (0) (deireadh an turais)
[tagairt 2.23; 2 bheart]</td><td>Staid aslaigh SCR (deireadh an turais)
[tagairt 2.24; 1 bheart]</td><td>Stádas faireacháin Nox (deireadh an turais)
[tagairt 2.25; 1 bheart]</td><td>Stádas faireacháin PM (deireadh an turais)
[tagairt 2.26; 1 bheart]</td><td>Stádas faireacháin cineálach (deireadh an turais)
[tagairt 2.27; 1 bheart]</td><td>Stádas aslaigh OBM + Stádas crioscaíola féideartha
[tagairt 2.28, 2.29; 1 bheart]</td><td>Forchoimeádta lena leathnú
[1 bheart]</td></tr>
</table>

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj

Inneachar an turais OBM (64 bheart san iomlán; léirítear leis na luachanna idir lúibíní [tagairt an pharaiméadair; méid i mbearta]								
Bearta sonraí	Paraiméadair turais OBM [64 bheart]							
40-47	Forchoimeád-ta lena leathnú [1 bheart]	Forchoimeádta lena leathnú [1 bheart]	Forchoimeádta lena leathnú [1 bheart]	Forchoimeádta lena leathnú [1 bheart]	Forchoimeádta lena leathnú [1 bheart]	Forchoimeádta lena leathnú [1 bheart]	Forchoimeádta lena leathnú [1 bheart]	Forchoimeádta lena leathnú [1 bheart]
48-55	Forchoimeád-ta lena leathnú [1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #0 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #1 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #2 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #3 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #4 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #5 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #6 [tagairt 2.30; 1 bheart]
56-63	Forchoimeád-ta ag an monaróir #7 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #8 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Forchoimeádta ag an monaróir #9 [tagairt 2.30; 1 bheart]	Stádas haisbhailíochta turais OBM [tagairt 2.31; 1 bheart]	Haisluach turais OBM [tagairt 2.32; 4 bheart] Luach ionadchoinneálaí 0xFFFFFFFF			

Tábla 2

Scéimre sonraí eisbhosca OTA OBM

Bearta sonraí	**Inneachar eisbhosca OTA (an líon seo beart san iomlán: [xx]; léirítear leis na luachanna idir lúibíní [tagairt an pharaiméadair; méid i mbearta]**							
	Leagan d'eisbhosca OBM [2 bheart]							
0-1	Leagan OBM [tagairt 4.1; 2 bheart]							
	Sonraí eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir [10 mbeart]							
2-7			Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #0 [tagairt 4.2; 1 bheart]	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #1 [tagairt 4.2; 1 bheart]	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #2 [tagairt 4.2; 1 bheart]	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #3 [tagairt 4.2; 1 bheart]	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #4 [tagairt 4.2; 1 bheart]	Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #5 [tagairt 4.2; 1 bheart]

<table>
<tr><th>Bearta sonraí</th><th colspan="8">Inneachar eisbhosca OTA (an líon seo beart san iomlán: [xx]; léirítear leis na luachanna idir lúibíní [tagairt an pharaiméadair; méid i mbearta]</th></tr>
<tr><td>8-11</td><td>Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #6 [tagairt 4.2; 1 bheart]</td><td>Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #7 [tagairt 4.2; 1 bheart]</td><td>Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #8 [tagairt 4.2; 1 bheart]</td><td>Eisbhosca forchoimeádta ag an monaróir #9 [tagairt 4.2; 1 bheart]</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="9">Luachanna saolré [37 mbeart]</td></tr>
<tr><td>12-15</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td colspan="4">Mais NOx (saolré) [tagairt 3.1; 4 bheart]</td></tr>
<tr><td>16-23</td><td colspan="3">Breosla iomlán a ídítear (saolré) [tagairt 3.2; 4 bheart]</td><td colspan="5">Fad iomlán a thaistealaítear (OBFCM) (saolré) [tagairt 3.3; 4 bheart]</td></tr>
<tr><td>24-31</td><td colspan="3">Fad iomlán a thaistealaítear (OBM) (saolré) [tagairt 3.4; 4 bheart]</td><td colspan="5">Luach odaiméadair [tagairt 3.5; 4 bheart]</td></tr>
<tr><td>32-39</td><td colspan="3">An fad a thaistealaítear i mód FL (saolré) [tagairt 3.6; 4 bheart]</td><td colspan="3">Fad rabhaidh OBM (saolré) [tagairt 3.7; 2 bheart]</td><td colspan="2">Fad aslaigh OBM (saolré) [tagairt 3.8; 2 bheart]</td></tr>
<tr><td>40-47</td><td>Áiritheoir athshocraithe stádais faireacháin OBM (saolré) [tagairt 3.9; 2 bheart]</td><td>Meán an chóimheasa NOx le mais an bhreosla [tagairt 3.10; 2 bheart]</td><td>Luas – cóimheas mall uirbeach – saolré [tagairt 3.11; 1 bheart]</td><td>Luas – cóimheas uirbeach – saolré [tagairt 3.12; 1 bheart]</td><td>Luas – cóimheas tuaithe – saolré [tagairt 3.13; 1 bheart]</td><td colspan="3">Luas – cóimheas mótarbhealaigh – saolré [tagairt 3.14; 1 bheart]</td></tr>
<tr><td>48</td><td>Luas – lasmuigh den chóimheas breisithe – saolré [tagairt 3.15; 1 bheart]</td><td colspan="7"></td></tr>
<tr><td colspan="9">Sonraí marthanachta ceallraí [31 bheart]</td></tr>
<tr><td>49-55</td><td></td><td>Luach Staid an Fhuinnimh Dheimhnithe (SOCE) ar bord [tagairt 5.1; 1 bheart]</td><td>Luach Staid an Raoin Dheimh-nithe (SOCR) ar bord [tagairt 5.2; 1 bheart]</td><td>Meánteocht an cheallra agus é gníomhach-saolré [tagairt 5.6; 1 bheart]</td><td colspan="2">Meánteocht an cheallra agus é á luchtú–saolré [tagairt 5.7; 1 bheart]</td><td colspan="2">Meánteocht an cheallra-phaca agus an fheithicil as feidhm - saolré [tagairt 5.8; 1 bheart]</td><td>Am caite ón uair is déanaí a luchtaíodh an ceallra agus luascadh is mó ná 50 % ar SOC [tagairt 5.5; 2 bheart]</td></tr>
</table>


Bearta sonraí	Inneachar eisbhosca OTA (an líon seo beart san iomlán: [xx]; léirítear leis na luachanna idir lúibíní [tagairt an pharaiméadair; méid i mbearta]	
56-63	Fad shaolré an cheallra reatha [tagairt 5.3; 4 bheart]	Fad fíorúil [tagairt 5.4; 4 bheart]
64-71	Iomlán an fhuinnimh díluchtaithe in V2X [kWh]-(saolré) [tagairt 5.9; 4 bheart]	Fuinneamh iomlán a sholáthraítear d'úsáid neamhthiomána – (saolré) [tagairt 5.10; 4 bheart]
72-79	An tréchur fuinnimh carntha iomlán tríd an stóráil fuinnimh (saolré) [tagairt 5.11; 4 bheart]	Stádas athsholáthair ceallra tarraingthe [tagairt 5.12; 4 bheart]
	Sonraí turais eisbhosca OTA OBM [320 beart]	
80-143	Sonraí turais eisbhosca OTA OBM #0 [tagairt 6.3.4; 64 bheart]	
144-207	Sonraí turais eisbhosca OTA OBM #1 [tagairt 6.3.4; 64 bheart]	
208-271	Sonraí turais eisbhosca OTA OBM #2 [tagairt 6.3.4; 64 bheart]	
272-335	Sonraí turais eisbhosca OTA OBM #3 [tagairt 6.3.4; 64 bheart]	
336-399	Sonraí turais eisbhosca OTA OBM #4 [tagairt 6.3.4; 64 bheart]	
	Haisliosta OBM tarchurtha [160 beart]	
400-431	Haisluach tarchurtha OBM #0 [tagairt 6.5.1; 32 bheart]	
432-463	Haisluach tarchurtha OBM #1 [tagairt 6.5.2; 32 bheart]	
464-495	Haisluach tarchurtha OBM #2 [tagairt 6.5.3; 32 bheart]	
496-527	Haisluach tarchurtha OBM #3 [tagairt 6.5.4; 32 bheart]	
528-559	Haisluach tarchurtha OBM #4 [tagairt 6.5.5; 32 bheart]	
	Leathnú [135 bheart]	
560-679	Forchoimeádta lena leathnú	
	Haisluach [33 bheart]	

Bearta sonraí	Inneachar eisbhosca OTA (an líon seo beart san iomlán: [xx]; léirítear leis na luachanna idir lúibíní [tagairt an pharaiméadair; méid i mbearta]
680-	Stádas haisbhailíochta tarchurtha OBM [tagairt 4.3; 1 bheart]
681-712	Haisluach tarchurtha OBM [tagairt 4.4; 32 bheart]

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj

Foscríbhinn 8

Sreabhchairt próiseála sonraí OBM



IARSCRÍBHINN II

RABHAIDH DON TIOMÁNAÍ AGUS MODHANNA ASLAIGH DE CHUID AN CHÓRAIS RABHAIDH DON TIOMÁNAÍ MAIDIR LE hASTAÍOCHTAÍ SCEITE IOMARCACHA

1. **Réamhrá**

1.1. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na ceanglais maidir le rabhaidh don tiománaí agus an modh aslaigh is infheidhme i leith an chórais rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha (EEEDWS). Soláthraítear léaráidí scéimreacha léiritheacha i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

2. **Ceanglais maidir le rabhadh don tiománaí agus modh aslaigh**

2.1. Tionscnófar na rabhaidh don tiománaí agus na modhanna aslaigh a luaithe a bheidh ceann amháin ar a laghad de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite dá dtagraítear in Airteagal 5 socraithe chuig 'Earráid' agus fanfaidh siad gníomhach go dtí nach mbeidh aon cheann de na stádais faireacháin socraithe chuig 'Earráid'.

2.2. **Áiritheoirí**

2.2.1. Áireofar in EEEDWS na háiritheoirí a thuairiscítear i míreanna 2.2.3 go 2.2.8 chun tacú le hoibriú na rabhadh don tiománaí agus na modhanna aslaigh.

2.2.2. Tugtar tuairisc ar shonraíochtaí teicniúla breise na n-áiritheoirí sna táblaí ábhartha a ghabhann le hIarscríbhinn I.

2.2.3. **Áiritheoir 'fad rabhaidh OBM'**

2.2.3.1. Má shocraítear aon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite chuig 'Earráid', déanfar áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' a incrimintiú faoi luach 0,1 in aghaidh gach 0,1 ciliméadar a thiomáintear agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl, chun taifead a dhéanamh ar an bhfad a thaistealaíonn an fheithicil i gciliméadair ó cuireadh tús leis na rabhaidh don tiománaí.

2.2.3.2. Beidh ag an áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' taifeach 0,1 km nó aon fhad is lú ná sin, íosluach 0 km agus uasluach 6 553,5 km ar a laghad.

2.2.3.3. Cé go bhfuil stádas leanúnach seachas 'Earráid' ag gach stádas faireacháin ar astaíochtaí sceite, féadfaidh áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' deicrimintiú mar a leanas:

— más mó ná 400 km an luach atá ag áiritheoir 'fad rabhaidh OBM', féadfaidh an t-áiritheoir deicrimintiú de réir an fhaid a thiomáintear i gciliméadair agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl.

— más cothrom le 400 km nó níos ísle an luach atá ag áiritheoir 'fad rabhaidh OBM', féadfaidh an t-áiritheoir deicrimintiú suas le 100 km a dhéanamh i leith gach faid charntha de 100 km a thiomáintear agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl.

2.2.3.4. Féadfar áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' a athshocrú faoi na coinníollacha seo a leanas:

— má dhéantar aon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite a athshocrú trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid, athshocrófar áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' chuig 2 400 km nó chuig an luach tráth an athshocraithe, cibé acu is ísle;

— féadfar áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' a athshocrú chuig nialas ag deireadh turais bhailí OBM tar éis fad carntha íosta de 400 km a thiomáint agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl fad atá stádas leanúnach seachas 'Earráid' ag gach stádas faireacháin ar astaíochtaí sceite.

2.2.3.5. Má shroicheann áiritheoir ‘fad rabhaidh OBM’ a uasluach, déanfar é a reo go dtí go gcomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha maidir le hincrimintiú nó athshocrú.

2.2.4. **Áiritheoir ‘fad rabhaidh OBM – saolré’**

2.2.4.1. Más rud é, le linn shaolré na feithicle, go bhfuil aon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite socraithe chuig ‘Earráid’, taifeadfaidh áiritheoir ‘fad rabhaidh OBM - saolré’ an fad a thaistealaítear le haon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite in ‘Earráid’ agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl.

2.2.4.2. Beidh ag áiritheoir ‘fad rabhaidh OBM – saolré’ taifeach 1 km, íosluach 0 km agus uasluach 65 535 km.

2.2.4.3. Ní athshocrófar ‘áiritheoir faid rabhaidh OBM – saolré’ chuig nialas agus, nuair a shroichfidh sé a uasluach, déanfar é a reo.

2.2.5. **Áiritheoir ‘fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin’**

2.2.5.1. Léiríonn áiritheoir ‘fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin’ an fad a thaistealaítear agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl ón uair is déanaí nach raibh aon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite socraithe chuig ‘Earráid’.

2.2.5.2. Beidh ag áiritheoir ‘fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin’ taifeach 1 km nó aon fhad is lú ná sin, íosluach 0 km agus uasluach 65 535 km ar a laghad.

2.2.5.3. Athshocrófar áiritheoir ‘fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin’ chuig nialas nuair a chomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo:

— aistríonn aon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite ó stádas ‘Earráid’ chuig stádas ‘Normálta’ nó ‘Idirmheánach’, rud a bhfuil de thoradh air stádas ‘Normálta’ nó ‘Idirmheánach’ a bheith ag gach stádas faireacháin ar astaíochtaí sceite.

— athshocraítear na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid.

2.2.5.4. Má shroicheann áiritheoir ‘fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin’ a uasluach, déanfar é a reo go dtí go gcomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha maidir le hathshocrú chuig nialas.

2.2.6. **Áiritheoir ‘athshocrú stádais faireacháin OBM – saolré’**

2.2.6.1. Áireoidh áiritheoir ‘athshocrú stádais faireacháin OBM - saolré’ an líon uaireanta a fhaightear aon ordú chun stádais faireacháin a athshocrú nó chun sonraí OBM a ghlanadh ó uirlis scanta chineálach nó ó uirlis seirbhíse le linn shaolré na feithicle. Is éard a bheidh san áiritheoir sin slánuimhir ag a bhfuil íosluach 0 agus uasluach 65 535. Má shroicheann áiritheoir ‘athshocrú stádais faireacháin OBM - saolré’ a uasluach, déanfar é a reo agus ní athshocrófar é chuig nialas.

2.2.6.2. Má athshocraítear na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite mar chuid de nuashonrú bogearraí monaróra, ní cheanglófar áiritheoir ‘athshocrú stádais faireacháin OBM - saolré’ a incrimintiú.

2.2.7. **Áiritheoir ‘fad aslaigh OBM’**

2.2.7.1. Áireoidh áiritheoir ‘fad aslaigh reatha OBM’ an fad a thiomáintear i gciliméadair agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl ó thosaigh an tréimhse aslaigh reatha nó an tréimhse aslaigh is déanaí mar a thuairiscítear i mír 2.4.2.

2.2.7.2. Beidh ag áiritheoir ‘fad aslaigh reatha OBM’ taifeach 0,1 km nó aon fhad is lú ná sin, íosluach 0 km agus uasluach 6 553,5 km ar a laghad. Má shroicheann an t-áiritheoir a uasluach, déanfar é a reo agus ní athshocrófar é.

2.2.7.3. Má chuirtear an tréimhse aslaigh ar sos mar a thuairiscítear i mír 2.4.3, déanfar áiritheoir ‘fad aslaigh reatha OBM’ a reo.

2.2.7.4. Athshocrófar áiritheoir ‘fad aslaigh reatha OBM’ chuig nialas nuair a chomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

— gníomhachtaítear an córas aslaigh mar a shainmhínítear i mír 2.4.

— athshocraítear na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite trí uirlis scanta chineálach nó uirlis seirbhíse a úsáid.

2.2.8. **Áiritheoir ‘fad aslaigh OBM – saolré’**

2.2.8.1. Áireoidh áiritheoir ‘fad aslaigh OBM – saolré’ an fad a thiomáintear i gciliméadair agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl le linn shaolré na feithicle fad atá aslach gníomhach.

2.2.8.2. Beidh ag áiritheoir ‘fad aslaigh OBM – saolré’ taifeach 1 km, íosluach 0 km agus uasluach 65 535 km. Má shroicheann an t-áiritheoir a uasluach, déanfar é a reo agus ní athshocrófar é.

2.2.8.3. Má chuirtear an tréimhse aslaigh ar sos nó má athshocraítear í mar a thuairiscítear i mír 2.4.3, déanfar áiritheoir ‘fad aslaigh OBM - saolré’ a reo go dtí go gcomhlíonfar coinníollacha maidir le hincrimintiú.

2.3. **Rabhaidh don tiománaí**

2.3.1. **Ceanglais ghinearálta maidir le rabhaidh don tiománaí a thaispeáint**

2.3.1.1. Cuimseofar in EEEDWS córas rabhaidh ina mbeidh aláraim amhairc chun an tiománaí a chur ar an eolas nuair a shainaithnítear lochtanna nó crioscaíl lena gcuirtear cosc ar rialú leordhóthanach astaíochtaí nó ar fheidhmíocht leordhóthanach an chórais OBM. D’fhéadfaí comhpháirt fuaime a chuimsiú sa chóras rabhaidh freisin chun foláireamh a thabhairt don tiománaí.

2.3.1.2. Féadfar saoráid a sholáthar ar fheithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil lena n-úsáid ag na seirbhísí tarrthála, ag na seirbhísí armtha, ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag na seirbhísí dóiteáin agus ag na fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun, chun ligean don tiománaí na rabhaidh amhairc a lagú agus an chomhpháirt fuaime den chóras rabhaidh a bhalbhú.

2.3.1.3. Má shocraítear aon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite chuig ‘Earráid’, déanfar an Táscaire Mífheidhme (TM) mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, Iarscríbhinn C5, a ghníomhachtú go leanúnach, agus taispeánfar rabhadh iomchuí don tiománaí de réir mhíreanna 2.3.2,2.3.3 agus 2.3.4. Beidh an rabhadh don tiománaí a thaispeántar soiléir go leor chun go dtuigfidh an tiománaí go bhfuil lochtanna nó crioscaíl sainaitheanta ag an gcóras OBM lena, ar lochtanna agus crioscaíl iad lena gcuirtear cosc ar rialú nó faireachán leordhóthanach astaíochtaí agus lena dtugtar údar le deisiú. Léireofar sa rabhadh don tiománaí freisin an fad atá fágtha go dtí go ngníomhachtófar an t-aslach deisiúcháin.

2.3.1.4. Féadfar na rabhaidh don tiománaí a bhriseadh go sealadach de réir mar is gá chun rabhaidh thábhachtacha sábháilteachta agus rabhaidh eile a bhaineann le córas rialaithe astaíochtaí a thaispeáint don tiománaí.

2.3.1.5. Nuair a thugtar rabhadh don tiománaí OBM i gcomhthráth leis an rabhadh leanúnach a thuairiscítear i mír 3.4 d'Fhoscríbhinn 6 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiún Aontaithe, féadfar an dá rabhadh don tiománaí a thaispeáint go comhuaineach don tiománaí, más féidir. Mura féidir na rabhaidh don tiománaí a thaispeáint go comhuaineach, déanfar na rabhaidh don tiománaí a shochtadh go sealadach ar feadh an rabhaidh leanúnaigh agus bainisteofar 'fad rabhaidh OBM' de réir na rialacha seo a leanas:

— Le haghaidh luachanna 'fad rabhaidh OBM' tráth sochtadh an rabhaidh don tiománaí idir 0 agus 1 400: Ag deireadh an rabhaidh leanúnaigh a thuairiscítear i mír 3.4 d'Fhoscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiún Aontaithe, athshocraigh 'fad rabhaidh OBM' chuig 1 400 km nó chuig an luach tráth an athshocraithe, cibé acu is ísle.

— Le haghaidh luachanna 'fad rabhaidh OBM' tráth sochta an rabhaidh don tiománaí idir 1 400 agus 2 400: Ag deireadh an rabhaidh leanúnaigh a thuairiscítear i mír 3.4 d'Fhoscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, féadfaidh monaróirí 'fad rabhaidh OBM' a athshocrú chuig 2 350 km ar a laghad. I gcás luachanna 'fad rabhaidh OBM' os cionn 2 400 sula gcuirfear tús leis an aslach: Athshocraigh agus reoigh 'fad rabhaidh OBM' chuig 2 400 km ar feadh fhad an rabhaidh leanúnaigh a thuairiscítear i mír 3.4 d'Fhoscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.3.2. **Rabhadh íseal-leibhéil**

2.3.2.1. I gcás inarb ísle ná 1 400 km áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' agus ina bhfuil aon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite socraithe chuig 'Earráid', taispeánfar na rabhaidh don tiománaí ar feadh tréimhse leordhóthanach ar ghníomhachtú an ghléasra cumhachta.

2.3.3. **Gníomhachtú moillithe TM agus taispeáint na rabhadh don tiománaí.**

2.3.3.1. Gan dochar do chritéir eile maidir le gníomhachtú TM, fad a bheidh luach níos ísle ná 400 km ag áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' a thuairiscítear i mír 2.2.3, féadfaidh monaróirí moill a chur ar ghníomhachtú TM, mar a shonraítear i mír 2.3.1, agus ar thaispeáint an rabhaidh íseal-leibhéil, mar a shonraítear i mír 2.3.2. Má shroicheann áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' luach 400 km fad a bheidh moill curtha ar ghníomhachtú TM agus ar thaispeáint an rabhaidh, taispeánfar an rabhadh íseal-leibhéil don tiománaí gan fanacht go ngníomhachtófar an gléasra cumhachta arís.

2.3.3.2. Nuair a bheidh stádas 'Leibhéal 2 – Crioscaíl fhéideartha braite' socraithe i bparaiméadar 'Stádas crioscaíola' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, mír 1.10, ní cheadófar moill a chur ar ghníomhachtú TM ná ar thaispeáint na rabhadh tiománaí.

2.3.4. **Rabhadh ardleibhéil**

2.3.4.1. I gcás ina bhfuil luach an áiritheora 'fad rabhaidh OBM' cothrom le 1 400 km, nó níos mó, agus nach bhfuil an modh aslaigh gníomhachtaithe go fóill agus i gcás ina bhfuil aon cheann de na stádais faireacháin ar astaíochtaí sceite socraithe chuig 'Earráid', déanfar rabhadh don tiománaí a thaispeáint go seasmhach.

2.3.5. **Rabhadh faoin modh aslaigh**

2.3.5.1. Nuair a bheidh an modh aslaigh gníomhachtaithe mar a thuairiscítear i mír 2.4, déanfar rabhadh don tiománaí a thaispeáint go leanúnach agus léireofar go soiléir ann go bhfuil an córas aslaigh deisiúcháin gníomhach. Léireofar leis an rabhadh freisin an líon atosuithe atá fágtha nó an fad atá fágtha sula mbeidh toirmeasc ar thosú an innill, ag brath ar an gcineál modha aslaigh atá suiteáilte.

2.3.5.2. Nuair a bheidh an tréimhse aslach don spreagadh deisiúcháin imithe in éag, déanfar rabhadh soiléir leanúnach a thaispeáint lena léireofar go bhfuil toirmeasc ar thosuithe innill.

2.3.6. **Na rabhaidh don tiománaí a shochtadh tar éis nuashonrú stádais faireacháin**

2.3.6.1. Gan dochar do chritéir eile maidir le gníomhachtú TM, más rud é gur gníomhachtaíodh an córas rabhaidh don tiománaí mar a thuairiscítear i míreanna 2.3.1 go 2.3.4 agus go ndearnadh gach stádas faireacháin ar astaíochtaí sceite a bhí socraithe chuig 'Earráid' a aistriú chuig 'Normálta' nó 'Idirmheánach', féadfar na rabhaidh don tiománaí agus gníomhachtú TM a shochtadh ag tús an chéad turais OBM eile.

2.4. **Modh aslaigh chun deisiúcháin a éascú**

2.4.1. **Ceanglais ghinearálta maidir leis an modh aslaigh chun deisiúcháin a éascú**

2.4.1.1. Beidh an fheithicil feistithe le modh aslaigh chun a áirithiú go ndéanfar deisiúcháin iomchuí ar chórais rialaithe astaíochtaí nuair a bheidh lochtanna nó crioscaíl sainaitheanta ag an gcóras OBM, ar lochtanna nó crioscaíl iad lena gcuirtear cosc ar rialú nó faireachán leordhóthanach astaíochtaí agus lena dtugtar údar le deisiú.

2.4.1.2. Dearfar an modh aslaigh chun a áirithiú nach féidir an fheithicil a oibriú trí úsáid a bhaint as a hinneall má thugtar neamhaird ar sheicheamh na rabhadh tiománaí. D'fhéadfadh oibriú na feithicle hibridí i mód astaíochtaí nialasacha a bheith neamhshrianta i gcónaí fad a bheidh an t-aslach ar siúl go gníomhach.

2.4.1.3. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas i leith an mhodha aslaigh maidir le feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil lena n-úsáid ag na seirbhísí tarrthála, ag na seirbhísí armtha, ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag na seirbhísí dóiteáin agus ag na fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun. Is é monaróir na feithicle amháin a dhéanfaidh an córas aslaigh don tiománaí a dhíghníomhachtú go buan le haghaidh na bhfeithiclí sin.

2.4.2. **An modh aslaigh a ghníomhachtú**

2.4.2.1. Déanfar modh aslaigh a ghníomhachtú i gcomhréir le pointe 2.4.4 ag tús an chéad turais OBM eile tar éis don áiritheoir faid rabhaidh 2 400 km a shárú, ar choinníoll go bhfanann aon cheann de na stádais faireacháin in 'Earráid'.

2.4.3. **An modh aslaigh a chur ar sos agus a dhíghníomhachtú tar éis nuashonrú stádais faireacháin**

2.4.3.1. Más rud é, tar éis an modh aslaigh a ghníomhachtú, gur aistríodh na stádais faireacháin uile a bhí in 'Earráid' chuig 'Normálta' nó 'Idirmheánach', féadfar an comhaireamh síos ar fhad nó ar an líon tosuithe innill a chur ar sos agus féadfar an rabhadh don tiománaí a chur i bhfolach fad is nach bhfuil gach stádas faireacháin in 'Earráid'.

2.4.3.2. Má dheicrimintítear an t-áiritheoir'fad rabhaidh OBM' go luach is lú ná 2 400 km, féadfar an modh aslaigh a dhíghníomhachtú ag tús an chéad turais OBM eile.

2.4.4. **Roghanna an mhonaróra maidir le modhanna aslaigh**

2.4.4.1. Roghnóidh an monaróir rogha amháin de mhodhanna aslaigh lena suiteáil as measc na modhanna a bhfuil tuairisc orthu i míreanna 2.4.4.2 go 2.4.4.5.

2.4.4.2. **Rogha A – gan tosú innill tar éis uasmhéid tosuithe innill**

2.4.4.2.1. Leis an rogha seo, ceadaítear comhaireamh síos ar an líon tosuithe innill atá fágtha tar éis an córas aslaigh a ghníomhachtú. Cuirfear cosc ar atosuithe innill ag tús an chéad turais nua OBM eile tar éis don líon atosuithe innill a rinneadh ó gníomhachtaíodh an t-aslach uasluach nach mó ná 20 a bhaint amach. Ní áireofar leis an gcomhaireamh síos sin tosuithe innill a gcuireann an córas rialaithe feithicle, amhail córais stoptha/tosaithe, nó atosuithe innill a eascraíonn as staid loicthe innill, tús leo.

2.4.4.3. **Rogha B – gan tosú innill tar éis an fhaid atá fágtha**

2.4.4.3.1. Leis an rogha seo, ceadaítear comhaireamh síos ar fhad tar éis an córas aslaigh a thosú. Cuirfear cosc ar atosuithe innill ag an gcéad turas nua OBM eile tar éis don fheithicil uasfhad nach mó ná an meánraon tiomána a thiomáint, agus an t-umar breosla lán agus an t-inneall ar siúl, ó gníomhachtaíodh an t-aslach deisiúcháin. Ceadófar atosuithe innill a gcuireann an gcóras rialaithe feithicle, amhail córais stoptha/tosaithe nó atosuithe innill a eascraíonn as staid loicthe innill, tús leo, tar éis an t-uasfhad a shárú. Déanfar an meánraon tiomána agus an t-umar breosla lán a dhíorthú ón ídiú breosla arna chinneadh ó thástáil Chineál 1.

2.4.4.4. **Rogha C – gan tosú innill tar éis athbhreoslaithe**

2.4.4.4.1. Leis an rogha seo, ní fhéadfar feithicil a thosú tar éis athbhreoslaithe i gcás gur gníomhachtaíodh an córas aslaigh.

2.4.4.5. **Rogha D – blocáil breoslaithe**

2.4.4.5.1. Leis an rogha seo, cuirtear cosc ar athbhreoslú na feithicle tríd an gcóras líonaigh breosla a ghlasáil tar éis don chóras aslaigh gníomhachtú. Beidh an córas blocála stóinseach ionas go gcuirfear cosc ar chrioscaíl leis.

2.4.5. **Aslach a athghníomhachtú tar éis teip ar dheisiú**

2.4.5.1. Tar éis deisiú a dhéanamh chun locht a cheartú i gcás inar ghníomhachtaigh an córas OBM an modh aslaigh mar a shainmhínítear i mír 2.4.2. agus inar cuireadh cosc ar thosú an innill, féadfar an modh aslaigh a dhíghníomhachtú le huirlis scanta chineálach nó le huirlis seirbhíse chun gur féidir an fheithicil a atosú.

2.4.5.2. Oibreoidh an fheithicil ar feadh 400 km ar a mhéad agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl, dáilte thar roinnt turas OBM, nó thar aon turas OBM amháin is mó ná 400 km, chun gur féidir rath an deisiúcháin a bhailíochtú. Má athshocraítear stádas faireacháin aon astaíocht sceite chuig 'Earráid' le linn na tréimhse bailíochtaithe, athshocrófar áiritheoir 'fad rabhaidh OBM' go 2 401 km agus gníomhachtófar an córas aslaigh ag tús an chéad turais OBM eile.

2.4.5.3. Tar éis an córas aslaigh a athghníomhachtú, beidh an t-uaslíon tosuithe innill teoranta do 3 ar a mhéad. Ní áireofar leis an gcomhaireamh síos sin tosuithe innill a gcuireann an córas rialaithe feithicle, amhail córais stoptha/tosaithe, nó atosuithe innill a eascraíonn as staid loicthe innill, tús leo.

2.5. **Ceanglais faisnéise**


2.5.1. Tabharfaidh an monaróir, agus feithiclí nua á seachadadh aige, faisnéis shoiléir i lámhleabhair úsáideora nó ar mhodhanna iomchuí eile chun a áirithiú go bhfuil úsáideoirí feithicle ar an eolas faoi fheidhmiúlacht na rabhadh don tiománaí agus na modhanna aslaigh de chuid an chórais rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha.

Foscríbhinn 1

Léaráidí scéimreacha


Fíor 1

Taispeáint rabhadh don tiománaí




Fíor 2

Oibriú an áiritheora 'fad rabhaidh OBM'




Fíor 3

Modh aslaigh chun deisiúcháin a éascú




Fíor 4

Oibriú áiritheoirí 'fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin' agus 'fad rabhaidh OBM – saolré'



Fíor 5

Athshocrú OBM trí uirlis scanta chineálach / uirlis seirbhíse a úsáid



IARSCRÍBHINN III

DEARBHÚ COMHLÍONTACHTA

1. **Réamhrá**

1.1. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na ceanglais maidir leis an Dearbhú i dtaca le OBM, EVP a chomhlíonadh, chomh maith leis na ceanglais maidir le taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil a sholáthar agus a fhormáidiú.

1.2. Tá na teimpléid le haghaidh an Dearbhaithe Comhlíontachta agus na foirme taispeána gaolmhaire ar fáil in Aguisín 1 agus Aguisín 2, faoi seach.

2. **Sannadh aitheantóra aicme OBM**

2.1. Saineoidh monaróirí aicmí OBM agus sannfaidh siad aitheantóir uathúil aicme OBM.

2.2. Sannfar aitheantóir uathúil do gach ceann de na haicmí OBM agus úsáid á baint as an bhformáid seo a leanas:

OM-nnnnnnnnnnnnnnn-WMI

sa chás:

(a) Gur teaghrán é '*nnnnnnnnnnnnnnn*' a bhfuil cúig charachtar déag ar a mhéad ann, atá teoranta do na carachtair 0-9, A-Z agus an carachtar fostríce '_' a úsáid.

(b) Gur cód é '*WMI*' (aitheantóir monaróra domhanda) lena sainaithnítear monaróir ar bhealach uathúil mar a shainmhínítear in ISO 3780:2009.

2.3. Áiritheoidh úinéir WMI (i) go bhfuil an meascán den teaghrán '*nnnnnnnnnnnnnn*' agus WMI uathúil don aicme OBM agus (ii) go bhfuil an teaghrán '*nnnnnnnnnnnnnn*' uathúil laistigh den WMI sin.

2.4. Sannfaidh monaróirí ísealtáirgeachta aitheantóirí aicmí OBM agus úsáidfidh siad an fhormáid dearbhaithe i bhFoscríbhinn 1 chun a dhearbhú go bhfuil ceanglais maidir le EVP agus taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil á gcomhlíonadh.

3. **Uimhir dearbhaithe OBM a shannadh**

3.1. Sannfaidh monaróirí uimhir dearbhaithe uathúil do gach Dearbhú Comhlíontachta de réir Fhoscríbhinn 1 agus úsáid á baint as an bhformáid seo a leanas:

OM-nnnnnnnnnnnnnnn-WMI/xxxx

sa chás:

(a) Gurb é *OM-nnnnnnnnnnnnnnn-WMI* aitheantóir aicme OBM na haicme OBM a chumhdaítear leis an dearbhú.

(b) Gurb é *xxxx* an uimhir sheicheamhach a thosaíonn ag 0000 don chéad dearbhú, uimhir a mhéadaítear gach nuashonrú ar an dearbhú.

3.2. Soláthróidh an Monaróir an uimhir dearbhaithe OBM is infheidhme i ngach dearbhú agus sna nuashonruithe air mar atá léirithe i bhFoscríbhinn 1.

4. **Soláthar aitheantóirí aicmí OBM**

4.1. Soláthrófar aitheantóir aicme OBM mar a leanas:

4.1.1. Greamaithe i gceanntásc an Dearbhaithe Comhlíontachta mar a léirítear i bhFoscríbhinn 1. Ba cheart go n-eascródh 'an chéad dearbhú' ón monaróir as aon aicme OBM nua mar a léirítear i bhFoscríbhinn 1.

4.1.2. Cuimsithe sa liosta trédhearcachta faoi phointe 3.2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún.

Foscríbhinn 1

DEARBHÚ AN MHONARÓRA MAIDIR LE OBM, EVP AGUS CEANGLAIS MAIDIR LE TAISPEÁINT INFHEITHICLE SONRAÍ COMHSHAOIL A CHOMHLÍONADH

☐ *An chéad dearbhú [aicme OBM nua]* ([1])

☐ *An chéad dearbhú a nuashonrú [aicme OBM atá ann cheana]* [(2)]

Arna chur faoi bhráid an Údaráis Cineálcheadaithe deonaithe an: -[dáta]--

Aitheantóir aicme OBM: [……] ([2]) - ***Uimhir dearbhaithe OBM:*** [……] ([3])

(Monaróir): ……

(Seoladh an mhonaróra): ……

Dearbhaíonn sé:

(1) Maidir leis an gCineál/na Cineálacha Feithicle, leis an Aicme/na hAicmí Feithicle nó le tuairisceoir(í) feithicle eile ([4]) a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an dearbhú seo, go bhfuil siad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1257 agus lena reachtaíocht cur chun feidhme a bhaineann le OBM, EVP agus taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil;

(2) An doiciméadacht faisnéise OBM in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an dearbhú seo, ina dtugtar tuairisc ar na critéir theicniúla mhionsonraithe a ghabhann leis an dearbhú seo, go bhfuil sí ceart agus iomlán le haghaidh na bhfeithiclí uile lena mbaineann an dearbhú seo; Liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an dearbhú seo aon díolúine is infheidhme maidir leis na feithiclí sin a bhaineann leis na forálacha OBM a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707;

(3) Go ndearnadh taispeáint shimplí ar fheidhmiú OBM leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo (próiseas sreafa oibre), nuair is infheidhme thíos:

(4) ☐ an chéad dearbhú [déantar taispeáint, i gcás inarb infheidhme]

(5) ☐ nuashonrú ar an gcéad dearbhú nó ar fheithicil monaróra ísealtáirgeachta [níl an taispeáint infheidhme]: …… *(luaigh cén cás is infheidhme, i.e.: nuashonrú, monaróir ísealtáirgeachta nó eile)*

(6) Is iad seo a leanas na focharachtair Astaíochtaí is infheidhme (féach tábla 3 d'Fhoscríbhinn 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707. ón gCoimisiún, 2025/1706:

(7) ☐ an chéad dearbhú: …… ([5])

(8) ☐ nuashonrú ar an gcéad dearbhú: …… ([6])

Arna dhéanamh i/in/sa [……Áit ([7])]

An [……Dáta]

[*Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra* ([8])]

([1]) Le líonadh isteach ag an monaróir — Scrios an méid nach bhfuil infheidhme. Líon isteach más gá.
([2]) Le líonadh isteach ag an monaróir — Scrios an méid nach bhfuil infheidhme. Líon isteach más gá.
([3]) Le líonadh isteach ag an monaróir — Scrios an méid nach bhfuil infheidhme. Líon isteach más gá.
([4]) Le líonadh isteach ag an údarás cineálcheadaithe deonaithe.
([5]) Carachtair astaíochtaí le cur isteach ar an líne seo.
([6]) Carachtair astaíochtaí le cur isteach ar an líne seo (ba cheart é a bheith comhionann leis an bhfaisnéis a sholáthraítear mar chuid den 'chéad dhearbhú' comhfhreagrach).
([7]) Bunaithe san Aontas.
([8]) Ciallaíonn 'ionadaí an mhonaróra' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus atá ceaptha go hiomchuí ag an monaróir chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an mhonaróra os comhair an údaráis cineálcheadaithe nó an údaráis um fhaireachas margaidh agus chun gníomhú thar ceann an mhonaróra in ábhair a chumhdaítear leis an Rialachán, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(41) de Rialachán (AE) 2018/858.

Ceangaltáin:

Iarscríbhinn I: Foirm Thaispeána Chomhlánaithe (féach Foscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707

Iarscríbhinn II: Liosta de Chineál/Cineálacha Feithicle, d'Aicme/d'Aicmí Feithicle nó de thuairisceoir(í) feithicle eile a bhfuil feidhme ag an dearbhú seo maidir leo, arb é atá iontu aicme OBM, mar aon le taispeáint ar na focharachtair is infheidhme i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún Iarscríbhinn I, Foscríbhinn 6, Tábla 3.

Iarscríbhinn III: Doiciméadacht bhreise maidir le OBM

Iarscríbhinn IV: liosta d'aon díolúine is infheidhme maidir leis na feithiclí sin a bhaineann leis na forálacha OBM a leagtar síos sa Rialachán seo

Foscríbhinn 2

FOIRM THAISPEÁNA

TAISPEÁINT SHIMPLÍ AR FHEIDHMIÚ AN CHÓRAIS OBM. TUAIRISC AR SHREABHADH OIBRE AGUS CÉIMEANNA

1. **Réamhchéimeanna agus coinníollacha chun feidhmiú an chórais OBM a thaispeáint go simplí:**

☐ tá an taispeáint bunaithe ar aon turas OBM amháin.

☐ déantar an taispeáint ar fheithicil atá saor ó fhabhtanna nó ó chrioscaíl a chuireann cosc ar rialú nó faireachán leordhóthanach astaíochtaí agus a thugann údar le deisiú.

☐ déantar an taispeáint ar fheithicil a chumhdaítear leis an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus a chuimsítear i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn III.

2. **Cumhdaítear leis an taispeáint fíorú fheidhmiúlacht na n-eilimintí seo a leanas:**

☐ leis an gcóras OBM, tugtar rochtain neamhshrianta ar shonraí OBM atá stóráilte san fheithicil agus ar chomharthaí astaíochtaí ocsaídí nítrigine (NOx) am-théite agus ar chomharthaí cúnta eile chun tacú le tástáil astaíochtaí ó phort caighdeánach DAB na feithicle de réir Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707.

☐ tá stádas faireacháin OBM sannta ag EEEDWS i gcás NOx agus ábhar cáithníneach (PM) i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707.

☐ rinne an córas OBM meastóireacht ar astaíochtaí sceite NOx ag deireadh turais OBM, gan aon cheanglais chruinnis a bheith fíoraithe tráth a taispeána.

3. **Níl an taispeáint infheidhme** [1]**:**

☐ Díolúine ó mhonaróirí ísealtáirgeachta (Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1257).

☐ Nuashonrú ar an dearbhú atá ann cheana.

[1] Má tá tic sa bhosca thíos, níor cheart pointí 1 agus 2 a líonadh isteach.

IARSCRÍBHINN IV

MODHANNA LE hAGHAIDH SEICEÁLACHA COMHRÉIREACHTA INSEIRBHÍSE AGUS FAIREACHAS MARGAIDH AR CHÓRAIS OBM

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an mhodheolaíocht maidir le comhréireacht inseirbhíse (ISC) chun seiceáil a dhéanamh ar chomhréireacht an fhaireacháin ar astaíochtaí NOx agus PM a dhéanann córais OBM, agus modhanna faireachais margaidh chun comhlíonadh cheanglais ghinearálta na gcóras OBM a fhíorú.

CUID A

Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais OBM

1. RÉAMHRÁ

1.1. Áiritheofar le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais OBM go ndéanfaidh an córas OBM atá i láthair i sampla d'fheithiclí a bhaineann leis an aicme chéanna OBM mar a shainmhínítear i bpointe 2 ríomhanna ar astaíochtaí fadsonracha NOx le cruinneas réasúnta agus nach dtarlaíonn aon tearcmheastachán córasach ar astaíochtaí.

1.2. Áiritheofar le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse freisin go mbeidh córais OBM in ann sáruithe de 2,5 uair ar a laghad ar theorainnluachanna astaíochtaí sceite ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 a bhrath i gcás NOx agus PM araon.

1.3. Déanfaidh monaróirí feithiclí agus údaráis chineálcheadaithe deonaithe seiceálacha comhréireachta inseirbhíse.

1.4. Féadfaidh an Coimisiún agus tríú páirtithe aitheanta seiceálacha comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh.

1.5. Ní bheidh aon íoscheanglais minicíochta ag baint le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse.

2. SAINMHÍNIÚ AR AICME OBM

2.1. Chun tástáil comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh ar chórais OBM, is éard a bheidh in aicme OBM feithiclí a chumhdaítear leis an dearbhú comhlíontachta céanna i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

3. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN FEITHICLÍ AGUS INCHÁILITHEACHT LE hAGHAIDH TÁSTÁLA

3.1. Baileoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe agus eintitis ábhartha eile an fhaisnéis is gá chun a chinneadh cé na haicmí OBM a dhéanfar a sheiceáil. Breithneofar sonraí anaithnide OBM a chuireann monaróirí faoi bhráid na n-údarás de réir Airteagal 11.

3.2. Déanfar seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais OBM ar feadh tréimhse suas le 200 000 km nó 10 mbliana, cibé acu is túisce.

3.3. I dteannta na gcritéar incháilitheachta le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ó Airteagal 14, is iad na critéir theicniúla roghnúcháin feithicle is infheidhme na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún.

4. TÁSTÁLACHA COMHRÉIREACHTA INSEIRBHÍSE OBM

4.1. Déanfar na seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais OBM trí bhíthin tástáil astaíochtaí saotharlainne nó ar an mbóthar. Maidir le tástálacha ar bóthar le trealamh PEMS, leanfar an nós imeachta bailíochtaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe.

4.2. Déanfar na tástálacha ar bhealach gurb ionann na hastaíochtaí agus na faid a chumhdaítear leis an tástáil astaíochtaí agus leis an turas OBM comhfhreagrach.

4.3. Déanfar na seiceálacha ar shampla d'fheithiclí a bhaineann leis an aicme OBM chéanna, agus déanfar meastóireacht ar na torthaí de réir an mhodha meastóireachta a thuairiscítear i mír 5. Le gach feithicil a thástáiltear, tabharfar dhá thoradh ar a mhéad ar an bhfíorú a thuairiscítear i mír 5.1 agus dhá thoradh ar an bhfíorú a thuairiscítear i mír 5.2 (toradh amháin le haghaidh PM agus toradh amháin le haghaidh NOx).

4.4. Déanfar seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais OBM i gcomhthráth leis na tástálacha ISC chun comhlíonadh teorainneacha astaíochtaí sceithphíopa a fhíorú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706. Tacóidh an tástáil astaíochtaí chéanna (tástáil fíorastaíochtaí nó tástáil Chineál 1) leis an dá mhodheolaíocht tástála.

4.5. Mar mhodh malartach, féadfar na seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais OBM a dhéanamh, de réir mhír 1.1, trí úsáid a bhaint as aon turas ar an mbóthar is faide ná 40 nóiméad agus 20 ciliméadar a chomhlíonann na coinníollacha turais comhthimpeallacha agus dinimiciúla a leagtar síos i bpointí 8.1 agus 8.2 de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe, ag a bhfuil uasluas 160 km/h. Má dhéantar cuid den tástáil nó an tástáil iomlán lasmuigh de dhálaí breisithe, nó má sháraítear an t-uasluas, measfar an tástáil a bheith neamhbhailí.

4.6. Aon fheithicil a bhfuil stádas faireacháin amháin ar astaíochtaí sceite ar a laghad aici atá socraithe chuig 'Idirmheánach' sula ndéanfar tástáil uirthi, déanfar nós imeachta réamhoiriúnaithe uirthi. Le linn an réamhoiriúnaithe sin, tiomáinfear an fheithicil ar feadh 40 nóiméad agus 20 ciliméadar ar a laghad agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl. Áireofar sa réamhoiriúnú 5 nóiméad as a chéile ar a laghad ina dtiomáinfear an fheithicil le treoluas 90 km/h nó níos airde. Tar éis an réamhoiriúnaithe, déanfar an gléasra cumhachta a dhíghníomhachtú, agus léifear gach stádas faireacháin ar astaíochtaí sceite. Beidh feithiclí incháilithe do thástáil ISC mura bhfuil aon cheann de na stádais faireacháin socraithe chuig 'Earráid'.

4.7. Aon fheithicil a bhfuil luach 'fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin' (paraiméadar 1.51 d'Iarscríbhinn I) aici is lú ná 400 km, déanfar réamhoiriúnú uirthi mar a thuairiscítear i mír 4.6 go dtí go sáróidh an paraiméadar sin 400 km.

5. MEASTÓIREACHT AR NA TORTHAÍ TÁSTÁLA

5.1. Úsáidfear torthaí na tástála astaíochtaí chun seiceáil a dhéanamh ar chruinneas ríomh na n-astaíochtaí sceite fadsonracha NOx a dhéanann an córas OBM i gcomhréir le hAirteagal 6.

5.2. Má tá torthaí na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na luachanna teorainneacha astaíochtaí sceite ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 le haghaidh NOx nó PM, nó níos mó, úsáidfear torthaí na tástála astaíochtaí chun a fhíorú gur féidir leis an gcóras OBM sáruithe den sórt sin a bhrath. Ní bheidh feidhm ag an bhfíorú sin maidir le tástálacha a dhéantar agus úsáid á baint as an modh malartach ar a dtugtar tuairisc i mír 4.6.

5.3. Ag deireadh na tástála astaíochtaí, an luach arna thuairisciú ag an gcóras OBM le haghaidh 'NOx fadsonrach' don turas OBM (paraiméadar 2.5 d'Iarscríbhinn I) agus luach na n-astaíochtaí fadsonracha NOx don turas arna thomhas ag an tsaotharlann astaíochtaí nó ag trealamh PEMS, déanfar iad a thaifeadadh agus a chur i gcomparáid lena chéile.

5.4. Déanfar luach astaíochtaí fadsonrach NOx an turais arna thomhas le trealamh PEMS a ríomh trí na hastaíochtaí maise NOx carntha thar an turas a roinnt ar fhad iomlán an turais. Beidh feidhm ag ceartú corrlaigh PEMS ó mhír 4 d'Iarscríbhinn 11 a ghabhann le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe agus ag na ceartúcháin ó mhír 5 d'Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an Rialachán céanna.

5.5. Ní dhéanfar an luach ón gcóras OBM ná an luach arna thomhas ag an tsaotharlann astaíochtaí nó ag trealamh PEMS a mhodhnú le haon fhachtóir ceartúcháin eile.

6. NÓS IMEACHTA STAIDRIMH MAIDIR LE COMHRÉIREACHT INSEIRBHÍSE OBM

6.1. Sula ndéanfar an chéad tástáil ISC OBM le haghaidh aicme OBM, tabharfaidh an monaróir, an tsaotharlann chreidiúnaithe nó an tseirbhís theicniúil ('páirtí') fógra don údarás cineálcheadaithe deonaithe faoin rún atá acu tástáil comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh ar aicme OBM ar leith. Ar an bhfógra sin a fháil, osclóidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe fillteán staidrimh nua chun na torthaí a phróiseáil don aicme OBM chun na torthaí a phróiseáil don pháirtí áirithe sin nó don chomhthiomsú páirtithe sin.

6.2. Féadfar torthaí tástála ó dhá shaotharlann chreidiúnaithe nó dhá sheirbhís theicniúla chreidiúnaithe nó níos mó a chomhthiomsú chun críoch nós imeachta staidrimh chomhchoitinn.

6.3. Chun torthaí na dtástálacha a chomhthiomsú, beidh gá le toiliú i scríbhinn ó na páirtithe leasmhara uile a sholáthróidh torthaí tástálacha do chomhthiomsú torthaí, agus beidh gá le fógra a thabhairt don údarás cineálcheadaithe deonaithe sula gcuirfear tús leis an tástáil.

6.4. Ainmneofar ceann amháin de na páirtithe maidir le comhthiomsú thorthaí na dtástálacha mar cheannaire ar an gcomhthiomsú agus beidh sé freagrach as sonraí a thuairisciú agus as cumarsáid a dhéanamh leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe.

6.5. Deich bhfeithicil a bheidh sa samplamhéid i bhfillteán staidrimh.

7. MEASÚNÚ COMHLÍONTACHTA

7.1. Déanfar an cinneadh maidir le comhlíontacht aicme OBM de réir mhíreanna 1.1 agus 1.2 de réir Fhoscríbhinn 1.

7.2. Déanfar an cinneadh maidir le comhlíontacht aicme OBM de réir mhír 1.1 gach uair a shroichfear an samplamhéid, agus athshocrófar an líon feithiclí sa sampla chuig nialas ina dhiaidh sin.

7.3. Déanfar an cinneadh maidir le comhlíontacht aicme OBM de réir mhír 1.2 nuair atá toradh na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le PM nó NOx, nó níos mó.

7.4. Na hiolraitheoirí marthanachta chun teorainneacha astaíochtaí sceite a choigeartú faoi Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257, beidh feidhm acu le linn saolré breise.

8. BEARTA TUAIRISCITHE, CEARTAITHEACHA AGUS RIARACHÁIN

8.1. Má fhaightear amach go bhfuil aicme OBM neamhchomhlíontach, ceanglóidh na húdaráis chineálcheadaithe ar an monaróir bearta a dhéanamh i gcomhréir le Caibidil XI de Rialachán (AE) 2018/858. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe na himscrúduithe a leathnú chun feithiclí i seirbhís an mhonaróra chéanna a chumhdach, ar feithiclí iad a bhaineann le haicmí ISC eile iad a bhfuil an córas OBM céanna acu agus ar dócha go ndéanfaidh an neamhchomhlíonadh céanna difear dóibh.

8.2. Beidh tástáil comhlíontachta an chórais OBM mar chuid den tuarascáil bhliantúil ón údarás cineálcheadaithe deonaithe.

CUID B

Faireachas margaidh ar chórais OBM

9. RÉAMHRÁ

9.1. Áiritheofar le seiceálacha faireachais margaidh OBM go gcomhlíonfaidh córas OBM na bhfeithiclí a chuirtear ar an margadh na ceanglais ghinearálta a leagtar amach in Airteagail 3 go 10.

9.2. Ní bheidh aon íoscheanglas minicíochta ag tástálacha faireachais margaidh ar chórais OBM.

10. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN FEITHICLÍ AGUS INCHÁILITHEACHT LE hAGHAIDH TÁSTÁLA

10.1. Roghnóidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na feithiclí a bheidh le tástáil bunaithe ar mheasúnú riosca. Breithneoidh siad sonraí anaithnide OBM a chuirfidh monaróirí faoi bhráid na n-údarás.

10.2. Déanfar tástálacha faireachais margaidh fad a bheidh feithiclí in úsáid.

11. MEASÚNÚ COMHLÍONTACHTA

11.1. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann feithiclí ceanglais ghinearálta na gcóras OBM agus EEEDWS.

11.2. Mar chuid den fhíorú sin ar cheanglais ghinearálta, fíoróidh údaráis um fhaireachas margaidh sláine na sonraí OBM ón uair a tháirgtear iad go dtí an uair a chuireann monaróir na feithicle isteach iad. Féadfar an fíorú sin a dhéanamh trí thacair sonraí OBM a rianú ó thurais tástála roghnaithe trí bhíthin a haisluachanna, nó trí mhodhanna iomchuí eile.

12. BEARTA TUAIRISCITHE, CEARTAITHEACHA AGUS RIARACHÁIN

12.1. Má fhaightear amach go bhfuil aicme OBM neamhchomhlíontach, leanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh ar aghaidh, i gcomhréir le Caibidil XI de Rialachán (AE) 2018/858.

12.2. Féadfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh na himscrúduithe a leathnú chun feithiclí i seirbhís an mhonaróra chéanna a chumhdach, ar feithiclí iad a bhaineann le haicmí OBM eile a bhfuil an córas OBM céanna acu agus ar dócha go ndéanfaidh an neamhchomhlíonadh céanna difear dóibh.

Foscríbhinn 1

Critéir comhlíontachta le haghaidh aicme OBM

1. **Critéir comhlíontachta de réir Chuid A, mír 1.1**

I gcás ina bhfuil deich bpéire de luach astaíochtaí NOx fadsonracha ó thástáil astaíochta agus luach 'NOx fadsonrach' le haghaidh an turais OBM chomhfhreagraigh ar fáil, is féidir a shuí go gcomhlíonann an aicme OBM na ceanglais chruinnis chun astaíochtaí sceite fadsonracha NOx a ríomh bunaithe ar na difríochtaí idir na péirí.

Má tá toradh tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le PM nó NOx, nó níos mó, nó má athraíonn an stádas faireachán OBM ar NOx (paraiméadar 1.47) go 'Earráid' tar éis na tástála, ní áireofar luach na n-astaíochtaí fadsonracha NOx ón tástáil astaíochta sin ná an luach 'NOx fadsonrach' don turas OBM comhfhreagrach sna deich bpéire chun na critéir comhlíontachta a thuairiscítear sa mhír seo a ríomh.

Déanfar Δ a ríomh mar an mheándifríocht idir na hastaíochtaí fadsonracha NOx ó thorthaí tástála astaíochtaí (*astaíochtaí* $_{NOx,i}$) agus 'NOx fadsonrach' don turas OBM ($NOx_{OBM,i}$) le haghaidh gach tástála bailí:

$$\Delta = \frac{1}{10}\sum_{i=1}^{10}(astaíochtaí\ NOx_{,i} - NOx_{OBM,i})$$

déanfar σ a ríomh mar fhréamh mheán na gcearnóg sna difríochtaí thar gach tástáil:

$$\sigma = \frac{1}{9}\sqrt{\sum_{i=1}^{10}(astaíochtaí\ NOx_{,i} - NOx_{OBM,i})^2}$$

Beidh an aicme OBM comhlíontach sna cásanna seo a leanas:

— Má tá Δ cothrom le nialas nó níos ísle ná nialas.

— Má tá Δ níos mó ná nialas ach níos ísle ná 30 % den teorainn NOx is infheidhme, agus má tá σ níos ísle ná 50 % den teorainn NOx is infheidhme.

In aon chás eile, beidh an aicme OBM neamhchomhlíontach, agus beidh feidhm ag nós imeachta mhír 7.

2. **Critéir comhlíontachta de réir Chuid A, mír 1.2**

Má tá toradh na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le PM nó NOx, nó níos mó, beidh feidhm ag critéir comhlíontachta shonracha bunaithe ar thorthaí na tástála aonair. Ní dhéanfar torthaí na dtástálacha sin a mheas maidir le comhlíontacht de réir Chuid A, mír 1.1.

Beidh an aicme OBM comhlíontach sna cásanna seo a leanas:

— I gcás ina bhfuil toradh na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le PM, nó níos mó:

  — Má shocraítear stádas faireacháin OBM le haghaidh PM chuig 'Earráid' tar éis an turais OBM a chomhfhreagraíonn don tástáil astaíochtaí.

— I gcás ina bhfuil toradh na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le NOx, nó níos mó:

  — Má shocraítear stádas faireacháin OBM le haghaidh NOx chuig 'Earráid' tar éis an turais OBM a chomhfhreagraíonn don tástáil astaíochtaí.

— Mura bhfuil stádas faireacháin OBM le haghaidh NOx socraithe chuig ‘Earráid’ tar éis an turais OBM a chomhfhreagraíonn don tástáil astaíochtaí, agus má tá an difríocht idir na hastaíochtaí NOx fadsonracha arna dtomhas le linn na tástála astaíochtaí agus ‘NOx fadsonrach’ don turas OBM (paraiméadar 2.5 d’Iarscríbhinn I) cothrom le 30 % de na hastaíochtaí NOx fadsonracha, nó níos lú, arna dtomhas le linn na tástála astaíochtaí (*i.e.*, ní dhéanann an córas OBM astaíochtaí NOx a thearcthuairisciú le linn na tástála faoi níos mó ná 30 %).

In aon chás eile, beidh an aicme OBM neamhchomhlíontach, agus beidh feidhm ag nós imeachta mhír 8.

IARSCRÍBHINN V

PAS COMHSHAOIL FEITHICLE

1. **Réamhrá**

1.1. Tugtar tuairisc san Iarscríbhinn seo ar na ceanglais a bhaineann leis an bpas comhshaoil feithicle (EVP). Soláthraítear inti an fhormáid agus na sonraí maidir leis an gcineál feithicle atá le cumhdach, chomh maith leis na modhanna cumarsáide seachtracha le haghaidh EVP.

2. **Ceanglais sonraí**

2.1. Cuimseofar i ngach EVP, ar a laghad, na réimsí a liostaítear sna táblaí i bhFoscríbhinn 1 den Iarscríbhinn seo, i gcás inarb infheidhme.

2.2. I gcás ina mbeidh siad ar fáil, in EVP úsáidfear na réimsí ó dheimhniú comhréireachta na feithicle dá dtagraítear in Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) 2018/858 a chomhfhreagraíonn do na haitheantóirí réimsí ó Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún.

2.3. Mura sonraítear a mhalairt, úsáidfidh monaróirí na haonaid chéanna a úsáidtear i nDeimhniú Comhréireachta na feithicle.

3. **EVP a eisiúint agus a thabhairt cothrom le dáta**

3.1. Eisiúint tosaigh

3.1.1. Eiseoidh na monaróirí EVP le haghaidh gach feithicle agus soláthróidh siad é don cheannaitheoir in éineacht leis an bhfeithicil, ag baint na sonraí ábhartha as foinsí, amhail an deimhniú comhréireachta agus doiciméadacht an chineálcheadaithe. Úsáidfear modhanna digiteacha chun EVP a eisiúint agus a sheachadadh.

3.2. EVP a thabhairt cothrom le dáta

3.2.1. Áiritheoidh monaróirí go léireoidh sonraí EVP na réimsí ábhartha den Deimhniú Comhréireachta a tugadh cothrom le dáta.

4. **Formáid sonraí agus modhanna cumarsáide seachtracha do EVP**

4.1. Ceanglais maidir le cód QR

4.1.1. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh sonraí EVP ar fáil lena dtaispeáint trí chód QR.

4.1.2. Déanfar an cód QR a chló nó a ghreanadh go sofheicthe, go soléite agus go doscriosta ar an bhfeithicil. Ní bheidh gá le haon díchóimeáil chun rochtain a fháil ar an gcód QR. Tabharfar tuairisc shoiléir ar shuíomh an chóid QR i lámhleabhar faisnéise úinéir na feithicle.

4.1.3. Mar mhalairt ar na ceanglais a leagtar amach i mír 4.1.2, féadfar an cód QR a thaispeáint i dtaispeáint infheithicle oiriúnach. Sa chás sin, beidh an t-úsáideoir in ann an cód QR a rochtain gan níos mó ná cúig scáileán inroghnaithe nó roghnú fo-roghchláir ón scáileán taispeána baile nó réamhshocraithe.

4.1.4. Beidh ardchodarsnacht ar an gcód QR i gcomparáid le dath an chúlra agus beidh sé sách mór le go mbeifear in ann é a léamh le léitheoir cóid QR atá ar fáil go coitianta, amhail iad sin a bhíonn comhtháthaithe i bhfeistí cumarsáide láimhe.

4.2. Taispeáint agus inrochtaineacht EVP

4.2.1. Beidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar shonraí EVP a sholáthraítear trí shuíomh gréasáin, i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

4.2.2. Beidh rochtain ar shonraí EVP trí nasc gréasáin slán. Leis an gcód QR dá dtagraítear i mír 4.1, treorófar an t-úsáideoir go díreach chuig leathanach gréasáin uathúil a bhaineann go sonrach leis an bhfeithicil nó chuig leathanach lamairne cineálach lenar féidir idir-inoibritheacht a dhéanamh le pasanna táirgí digiteacha eile. Nuair a threoraíonn an cód QR an t-úsáideoir chuig leathanach lamairne cineálach, d'fhéadfaí a cheangal ar úsáideoirí le nascleanúint an uimhir aitheantais feithicle (VIN) a iontráil chun rochtain a fháil ar shonraí EVP a bhaineann go sonrach leis an bhfeithicil.

4.2.3. Ní bheidh gá le bogearraí breise, clárú úsáideora ná soláthar aon sonraí eile seachas uimhir aitheantais na feithicle chun rochtain a fháil ar shonraí EVP.

4.2.4. Beidh sonraí EVP ar fáil i dteangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.

4.2.5. D'fhéadfadh sonraí EVP a bheith ar fáil i dteangacha eile.

Foscríbhinn 1

Paraiméadair pas comhshaoil feithicle

Tábla 1

Faisnéis ghinearálta feithicle

Paraiméadar	Aitheantóir réimse an Deimhnithe Comhréireachta
Uimhir an Deimhnithe Ceadaithe	0.11 (b).
An dáta a deonaíodh an ceadú	0.11 (b).
Déantús (trádainm an mhonaróra)	0.1.
Uimhir aitheantais feithicle (VIN)	0.10.
Dáta monaraithe na feithicle	0.11.
Ainm tráchtála	0.2.1.

Tábla 2

Aitheantóirí aicmí feithiclí

Paraiméadar	Aitheantóir réimse an Deimhnithe Comhréireachta
Aitheantóir aicme PEMS	0.2.3,3.
Aitheantóir aicme OBM	Forchoimeádta
Aitheantóir aicme marthanachta ceallraí	Forchoimeádta

Tábla 3

Sonraí gléasra cumhachta

Paraiméadar	Aitheantóir réimse an Deimhnithe Comhréireachta
Glanchumhacht uasta (inneall dócháin inmheánaigh)	27.1.
Glanchumhacht uasta (mótar leictreach)	27.3.

Tábla 4

Sonraí maidir le hastaíochtaí truailleán

Paraiméadar	Aitheantóir réimse an Deimhnithe Comhréireachta
(Luachanna is airde WLTP) CO, NOx, NMHC, THC, THC+NOx, Cáithníní (mais), Cáithníní (líon)	48.

Tábla 5

Astaíochtaí CO2/ídiú breosla/sonraí fuinnimh leictrigh

Tuairisc	Aitheantóir réimse an Deimhnithe Comhréireachta
Astaíochtaí CO_2/ídiú breosla/ídiú fuinnimh leictrigh, luachanna WLTP (Íseal, Meánach, Ard, An-ard, agus Comhcheangailte)	49.1.
Raon leictreach feithiclí lánleictreacha Raon leictreach	49.2.
Astaíochtaí CO_2 cothaithe luchtaithe/ídiú breosla OVC-HEV: Luachanna WLTP (Íseal, Meánach, Ard, An-ard, Cathair, Comhcheangailte)	49.4.
Astaíochtaí CO_2 ídithe luchtaithe/ídiú breosla OVC-HEV: Luachanna WLTP (Comhcheangailte)	
Ídiú leictreach OVC-HEV: Luachanna WLTP (Íseal, Meánach, Ard, An-ard, Cathair, Comhcheangailte)	
Astaíochtaí CO_2 /ídiú breosla/ídiú leictreach OVC-HEV: Luachanna WLTP (Ualaithe, comhcheangailte)	
Raon coibhéiseach OVC-HEV: Raon Uile-Leictreach Coibhéiseach	49.5

IARSCRÍBHINN VI

TAISPEÁINT INFHEITHICLE SONRAÍ COMHSHAOIL

1. **Modhanna le haghaidh taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil**

1.1. Beidh an t-úsáideoir in ann sonraí comhshaoil a rochtain gan níos mó ná cúig scáileán inroghnaithe nó roghnú fo-roghchláir ón scáileán taispeána baile nó réamhshocraithe. Ní dhéanfar scáileáin a úsáidtear chun sonraí EVP a dheighilt mar leathanaigh nó cluaisíní a chomhaireamh le haghaidh na gcúig scáileán nó fo-roghchlár inroghnaithe.

1.2. Taispeánfar sonraí comhshaoil le taifeach iomchuí agus sna haonaid is infheidhme i gcomhréir le Foscríbhinn 1.

1.3. I gcás nach n-áirítear i sonraíocht na feithicle taispeáint atá oiriúnach chun na sonraí comhshaoil a thaispeáint, cuirfidh monaróirí sonraí comhshaoil ar fáil ar mhodh malartach oiriúnach, lena n-áirítear feidhmchlár seachtrach lena shuiteáil i bhfeistí cumarsáide láimhe atá nasctha le córais na feithicle ar mhodhanna iomchuí. Is iad na sonraí a bheidh ar fáil ar an modh malartach na sonraí céanna a thaispeánfaí trí thaispeáint infheithicle agus a leanfadh na modhanna taispeána céanna.

1.4. Agus an modh malartach á úsáid ag an monaróir, coinneoidh sé an modh malartach ar bun go ceann 20 bliain tar éis dháta monaraithe na feithicle.

1.5. I dteannta na n-ainmneacha paraiméadair a liostaítear i bhFoscríbhinn 1, féadfaidh monaróirí tacú le cur i láthair paraiméadar sonraí don úsáideoir chomh maith le luachanna uimhriúla, trí úsáid a bhaint as grafaicí faisnéise nó picteagraim oiriúnacha. Féadfaidh monaróirí ainmneacha modhnaithe a úsáid le haghaidh na bparaiméadar a liostaítear i bhFoscríbhinn 1 chun a dtaispeáint a éascú.

1.6. Beidh sonraí comhshaoil ar fáil sna teangacha céanna a úsáidtear don chomhéadan feithicle.

2. **Paraiméadair atá le taispeáint laistigh den fheithicil**

2.1. Cuirfear na paraiméadair a liostaítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo ar fáil d'úsáideoir na feithicle trí thaispeáint infheithicle iomchuí a úsáid.

2.2. I gcás ina bhfuil comhfhreagairt dhíreach idir paraiméadar ó Fhoscríbhinn 1 agus paraiméadar arna ríomh ag an gcóras OBM nó ag an bhfeiste OBFCM, léirítear an tagairt iomchuí i dtáblaí Fhoscríbhinn 1.

2.3. I gcás ina bhfuil feidhm ag rialacha speisialta maidir le paraiméadair áirithe a ríomh nó a thaispeáint, sonraítear iad sin i míreanna 2.5 go 2.10.

2.4. Féadfar paraiméadair nach bhfuil infheidhme maidir leis an gcineál gléasra cumhachta atá suiteáilte san fheithicil a fhágáil ar lár ón taispeáint infheithicle. Feithiclí nach bhfuil córas OBM ná feiste OBFCM feistithe orthu, féadfaidh siad taispeáint na bparaiméadar ábhartha a fhágáil ar lár.

2.5. **Astaíochtaí sceite NOx na saolré**

2.5.1. Déanfar luach NOx na saolré a thaispeántar don úsáideoir a ríomh tríd an bparaiméadar 'Mais NOx (saolré)' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 3.1) a roinnt ar an bparaiméadar 'Fad iomlán a thaistealaítear – OBM (saolré)' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 3.4). Déanfar na haonaid a thiontú go mg/km:

$$\textit{Astaíochtaí sceite NOx le linn na saolré } (mg/km) = \frac{\textit{Mais NOx } (\textit{saolré})(kg) * 10^6}{\text{Fad iomlán a thaistealaítear } - \text{ OBM (saolré)}(km)}$$

2.6. **Luachanna ídithe breosla na saolré**

2.6.1. Déanfar luach ídithe breosla na saolré a thaispeántar don úsáideoir a ríomh bunaithe ar an bparaiméadar 'Breosla iomlán a ídítear – (saolré)' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 3.2) agus an Fad iomlán a thaistealaítear – OBFCM (saolré) (Iarscríbhinn I, paraiméadar 3.3).

$$\textit{Breosla a ídítear le linn na saolré } (l/100km) = \frac{\text{Breosla iomlán a ídítear } - \text{ (saolré)}(l)}{\left(\text{Fad iomlán a thaistealaítear } - \text{OBFCM(saolré)}/100\right)(km)}$$

2.7. **Luachanna ídithe fuinnimh leictrigh na saolré**

2.7.1. Léireoidh luach ídithe fuinnimh leictrigh na saolré a thaispeántar don úsáideoir an fuinneamh a ídíonn an fheithicil, lena n-áirítear an fuinneamh a úsáidtear chun críoch neamhthiomána in aonaid kWh/100 km.

2.7.2. Sampla: féadfar ídiú fuinnimh leictrigh na saolré a thaispeántar don úsáideoir a ríomh bunaithe ar luachanna 'An tréchur fuinnimh carntha iomlán tríd an stóráil fuinnimh (saolré)', (Iarscríbhinn I, paraiméadar 5.11), 'Fuinneamh iomlán a dhíluchtaítear in V2X [kWh] (saolré)' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 5.9) agus 'Fad shaolré an cheallra reatha' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 5.3).

$$\text{di fuinnimh leictrigh na saolr}\left(kWh/100km\right) = \frac{\begin{array}{c}\text{An trchur fuinnimh carntha iomln trd an stril fuinnimh } \left(\text{saolré}\right)\left(kWh\right) \; - \\ \text{Fuinneamh iomln a dhluchtatear in V2X [kWh] (saolr) (kWh)}\end{array}}{(\text{Fad shaolré an cheallra reatha}/100)(km)}$$

2.7.3. Nuair a úsáideann an fheithicil teicneolaíochtaí amhail cumais bhabhtála ceallraí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ríomh luachanna ídithe fuinnimh leictrigh na saolré, déanfaidh monaróirí ríomhanna iomchuí chun a áirithiú go léireoidh luachanna ídithe fuinnimh leictrigh na saolré a thaispeántar don úsáideoir an t-ídiú fuinnimh a ídíonn an fheithicil.

2.8. **Astaíochtaí sceite NOx an turais is déanaí**

2.8.1. Díorthófar na hastaíochtaí sceite NOx an turas is déanaí a thaispeántar don úsáideoir ón bparaiméadar 'NOx fadsonrach' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 2.5). Leis na sonraí a thaispeántar, léireofar an luach mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I mír 2.7.

2.8.2. I gcás inar lú ná 10 km 'Fad an turais OBM' is infheidhme, féadfar na luachanna a úsáidtear a thaispeáint in mg.

2.9. **Ídiú breosla an turais is déanaí**

2.9.1. Déanfar ídiú breosla an turais is déanaí a thaispeántar don úsáideoir a dhíorthú ón bparaiméadar 'Toirt an bhreosla ídithe – turas OBM' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 2.6) agus ón bparaiméadar 'Fad an turais OBM' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 2.2).

$$\text{Ídiú breosla an turais is déanaí}(\text{l}/100\text{km}) = \frac{\text{Toirt an bhreosla ídithe} - \text{ turas OBM (l)}}{(\text{Fad an turais OBM}/100)(\text{km})}$$

2.9.2. I gcás inar lú ná 10 km 'Fad an turais OBM' is infheidhme, féadfar na luachanna a úsáidtear a thaispeáint de rogha an mhonaróra in aonaid tomhais nach aonaid tomhais fhadsonracha iad (l).

2.10. **Ídiú fuinnimh leictrigh an turais is déanaí**

2.10.1. Déanfar ídiú fuinnimh leictrigh an turais is déanaí a thaispeántar don úsáideoir a dhíorthú ón bparaiméadar 'Glanfhuinneamh leictreach a ídíodh – turas OBM' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 2.7) agus ón bparaiméadar 'Fad an turais OBM' (Iarscríbhinn I, paraiméadar 2.2).

$$\text{Ídiú fuinnimh leictrigh an turais is déanaí (kWh}/100\text{ km)} = \frac{\text{Ídiú fuinnimh leictrigh } (kWh)}{(\text{Fad an turais OBM}/100)(km)}$$

2.10.2. I gcás inar lú ná 5 km 'Fad an turais OBM' is infheidhme, féadfar na luachanna a úsáidtear a thaispeáint de rogha an mhonaróra in aonaid tomhais nach aonaid tomhais fhadsonracha iad (kWh).

Foscríbhinn 1

Paraiméadair atá le taispeáint laistigh den fheithicil

Tábla 1

Sonraí saolré

Paraiméadar	Tagairt	Aonad	Taifeach
Astaíochtaí sceite NOx na saolré	Iarscríbhinn VI, mír 2.5	mg/km	1
Ídiú breosla na saolré [1]	Iarscríbhinn VI, mír 2.6	l/100 km [1]	0,1
Ídiú fuinnimh leictrigh na saolré [1]	Iarscríbhinn VI, mír 2.7	kWh/100 km [1]	0,1
Fad fíorúil V2X	Iarscríbhinn I, paraiméadar 5.4	km	1
Staid sláinte an cheallra tarraingthe (SOCE)	Iarscríbhinn I, paraiméadar 5.1	%	1

Tábla 2

Sonraí an turais is déanaí

Paraiméadar	Tagairt	Aonad	Taifeach
Astaíochtaí sceite NOx an turais is déanaí	Iarscríbhinn VI, mír 2.8	mg/km	1
Ídiú breosla an turais is déanaí [1]	Iarscríbhinn VI, mír 2.9	l/100 km [1]	0,1
Ídiú fuinnimh leictrigh an turais is déanaí [1]	Iarscríbhinn VI, mír 2.10	kWh/100 km [1]	0,1

Tábla 3

Teorainn astaíochtaí sceite NOx Euro 7

Paraiméadar	Tagairt	Aonad
Teorainn astaíochta NOx	Tábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257	mg/km

Nótaí

(1) Faoi 'Ídiú breosla na saolré', 'Ídiú breosla an turais is déanaí', 'Ídiú fuinnimh leictrigh na saolré' agus 'Ídiú fuinnimh leictrigh an turais is déanaí', féadfaidh monaróirí an rogha a thabhairt d'úsáideoirí na paraiméadair sin a thaispeáint in aonaid mhalartacha iomchuí lena n-áirítear mpg, km/l, km/kWh.

IARSCRÍBHINN VII

FEISTÍ CÚBLÁLA AGUS STRAITÉISÍ CÚBLÁLA

1. RÉAMHRÁ

1.1. Sonraítear san Iarscríbhinn seo an doiciméadacht lena n-áirithítear faireachán agus forfheidhmiú cuí na rialacha a bhaineann le feistí cúblála agus straitéisí cúblála. Is é is aidhm di sásraí rialaithe astaíochtaí a neartú, trédhearcacht a fheabhsú, agus a áirithiú go gcomhlíonann feithiclí ceanglais rialála. Soláthraítear léi sonraíochtaí le haghaidh modheolaíochtaí, tástálacha agus nósanna imeachta a bhaineann le sláine sonraí, amhail cúbláil ar shonraí a bhaineann le braiteoirí, ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí. Go sonrach, cumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le OBM, OBFCM, OBD, EVP agus aon ghné eile a bhaineann le sláine sonraí faoin Rialachán seo.

1.2. Déantar foráil maidir le sonraíochtaí le haghaidh tástálacha, modhanna agus nósanna imeachta a bhaineann le hastaíochtaí sceite agus astaíochtaí galaithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) .../... ón gCoimisiún [*Oifig na bhFoilseachán: líon isteach an tagairt do C(2025)4902*].

2. CEANGLAIS GHINEARÁLTA

2.1. Agus tagairt á déanamh d'fhorálacha Airteagail 3(41) agus 3(42) de Rialachán (AE) 2024/1257, (i) ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le hastaíochtaí (sceite, galaithe nó eile) agus (ii) feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le sláine sonraí.

2.2. Ní thabharfaidh monaróirí nuashonruithe bogearraí ná nuashonruithe calabrúcháin isteach lena ndéantar ionramháil ar shonraí a bhaineann le braiteoirí, ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí. Ní ionramháil a bheidh i láimhseáil na sonraí sin ar an mbealach a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2024/1257 agus lena ghníomhartha cur chun feidhme.

2.3. Déanfaidh monaróirí aon nuashonrú bogearraí agus calabrúcháin a dhéanann difear do shláine na sonraí a bhaineann le braiteoirí, ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí a nochtadh don údarás cineálcheadaithe deonaithe.

2.4. Áiritheoidh monaróirí go ndéanfaidh na sonraí uile a thuairiscítear do rialtóirí agus do thomhaltóirí an fheidhmíocht le linn úsáide a léiriú go cruinn.

2.5. Ní dhéanfaidh monaróirí ionramháil ar shonraí ó na córais OBM ná ó na feistí OBFCM sula gcuirfear faoi bhráid na n-údarás iad nó sula scaipfear iad ar pháirtithe eile. Ní ionramháil a bheidh i láimhseáil na sonraí sin ar an mbealach a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2024/1257 agus lena ghníomhartha cur chun feidhme.

2.6. Áiritheoidh monaróirí cumarsáid thrédhearcach agus comhar teicniúil le húdaráis chineálcheadaithe agus soláthróidh siad aon soiléiriú is gá maidir le sonraí OBM agus OBFCM. Tabharfaidh monaróirí aghaidh ar aon cheist nó ábhar imní a ardaíonn na húdaráis chineálcheadaithe ar bhealach tráthúil trédhearcach.

3. CEANGLAIS THEICNIÚLA – DOICIMÉADACHT

3.1. Soláthróidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha uile a bhaineann le sláine sonraí, lena n-áirítear faisnéis agus doiciméadacht a mhéid a bhaineann le hionramháil ar shonraí lena mbaineann braiteoirí, ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí mar chuid den Phacáiste Doiciméadachta (Pacáiste Foirmiúil Doiciméadachta agus Pacáiste Breisithe Doiciméadachta) a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) .../... ón gCoimisiún [*Oifig na bhFoilseachán: líon isteach an tagairt do C(2025)4902*].

4. RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

4.1. Róil agus freagrachtaí monaróirí

4.1.1. Comhlíonfaidh monaróirí ceanglais ghinearálta agus theicniúla chomh maith le ceanglais doiciméadachta na hIarscríbhinne seo chun a áirithiú nach ann d'fheistí cúblála ná do straitéisí cúblála a bhaineann le hastaíochtaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo ag céim an chineálcheadaithe agus an fhaireachais margaidh le linn shaolré na feithicle. Oibreoidh siad i gcomhar le húdaráis chineálcheadaithe agus le húdaráis um fhaireachas margaidh.

4.2. Róil agus freagrachtaí na n-údarás cineálcheadaithe

4.2.1. Oibreoidh na húdaráis chineálcheadaithe i gcomhar le húdaráis um fhaireachas margaidh agus éascóidh siad doiciméadacht chineálcheadaithe agus tacóidh siad le húdaráis um fhaireachas margaidh agus iad i mbun a gcuid dualgas, de réir mar is iomchuí.

4.2.2. Déanfaidh údaráis chineálcheadaithe faireachán ar shonraí arna mbailiú ó chórais Faireacháin Ar Bord (OBM) agus ó fheistí Ar Bord lena nDéantar Faireacháin ar Ídiú Breosla (OBFCM) chun go sainaithneofar aon earráid, neamhréireacht nó tásc féideartha maidir le saincheisteanna sláine sonraí. I gcás ina dtagann ábhair imní chun cinn, rachaidh na húdaráis chineálcheadaithe i dteagmháil le monaróirí, iarrfaidh siad soiléirithe nó gníomhaíochtaí ceartaitheacha de réir mar is gá, agus áiritheoidh siad go dtabharfar aghaidh ar aon neamhréireacht arna sainaithint.

4.3. Róil agus freagrachtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh

4.3.1. Féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh tástálacha scagtha a dhéanamh chun feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le sláine sonraí a bhrath.

4.3.2. Má shainaithnítear feiste chúblála nó straitéis chúblála a bhaineann le sláine sonraí, leanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh ar aghaidh, i gcomhréir le Caibidil XI de Rialachán (AE) 2018/858.